

An Bhruiséil, 17 Iúil 2026
(OR. en)

11918/26
ADD 1

DRS 26
ECOFIN 1020
EF 210

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 116263 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN I IFRS 19 Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 116263 annex.

Faoi iamh.: D(2026) 116263 annex

GA

D116263/01

IARSCRÍBHINN I

IFRS 19

Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí

Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19

Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí

Cuspóir

- 1 Le IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí*, sonraítear na ceanglais maidir le nochtheadh a cheadaítear d'eintiteas a chur i bhfeidhm in ionad na gceanglas maidir le nochtheadh i gCaighdeáin Chuntasaíochta IFRS.

An cuspóir a chomhlíonadh

- 2 An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, cuireann sé na ceanglais i gCaighdeáin Chuntasaíochta IFRS eile i bhfeidhm, seachas i gcás na gceanglas maidir le nochtheadh. Ina ionad sin, cuireann an t-eintiteas na ceanglais sa Chaighdeán seo i bhfeidhm.
- 3 Dá bhrí sin, mura sonraítear a mhálairt (féach mír 4), an t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, ní gá dó na ceanglais maidir le nochtheadh i gCaighdeáin Chuntasaíochta IFRS eile a chur i bhfeidhm ná aon ráiteas faoi na ceanglais sin maidir le nochtheadh, ná aon tagairt dóibh, a chur i bhfeidhm. Mar shampla, ceanglais i mír 35 de IAS 12 *Cánacha Ioncaim* maidir leis na critéir chun sócmhainn cánach iarchurtha a eascraíonn as tabhairt ar aghaidh caillteanas cánach agus creidmheasanna cánach neamhúsáidte a aithint. Críochnaíonn an mhír leis an méid seo a leanas: 'sna himthosca sin, ceanglaítear le mír 82 go nochtfar méid na sócmhainne cánach iarchurtha agus cineál na fianaise a thacaíonn lena haitheantas'. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, ní chuirfeadh sé mír 82 de IAS 12 i bhfeidhm. Ní gá d'eintiteas den sórt sin an ráiteas ag deireadh mhír 35 de IAS 12 maidir le mír 82 a chur i bhfeidhm.
- 4 D'ainneoin mhíreanna 2–3:
- (a) ceanglais maidir le nochtheadh i gCaighdeáin Chuntasaíochta IFRS eile atá fós infheidhme maidir leis an eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, sonraítear sa Chaighdeán seo iad.
 - (b) an t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, má chuireann sé IFRS 8 *Deighleoga Oibriúcháin*, IFRS 17 *Conarthaí Arachais* nó IAS 33 *Tuilleamh in aghaidh na Scaire* i bhfeidhm, cuirfidh sé na ceanglais uile maidir le nochtheadh sna Caighdeáin sin i bhfeidhm.
 - (c) féadfar a áireamh i gCaighdeán Cuntasaíochta IFRS nua nó leasaithe ceanglais maidir le nochtheadh faoi aistriú eintitis chuig an gCaighdeán sin. Aon fhaoiseamh atá ar fáil d'eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm ó cheanglais maidir le nochtheadh faoi aistriú eintitis chuig an gCaighdeán nua nó leasaithe, leagfar amach é sa Chaighdeán Cuntasaíochta IFRS nua nó leasaithe.
- 5 I gcomhréir le mír 19 de IFRS 18 *Cur i láthair agus Nochtheadh i Ráitis Airgeadais*, ní gá d'eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm nochtheadh sonrach a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo a sholáthar mura mbeadh an fhaisnéis a eascraíonn as an nochtheadh sin ábhartha.
- 6 Breithneoidh eintiteas freisin cé acu a sholáthróidh nó nach soláthróidh sé nochtaí breise nuair nach bhfuil comhlíontacht leis na ceanglais shonracha sa Chaighdeán seo leordhóthanach chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an tionchar atá ag idirbhearta áirithe, teagmhais áirithe eile agus dálaí áirithe ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis.

Raon feidhme

- 7 Féadfaidh an t-eintiteas a roghnú an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm ina ráitis airgeadais chomhdhlúite, ar leithligh nó aonair más rud é gurb amhlaidh an méid seo a leanas ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus sa chás sin amháin:
- (a) is fochuideachta é;
 - (b) níl cuntasacht phoiblí aige (féach míreanna 11–12); agus
 - (c) tá máthaireintiteas deiridh nó máthaireintiteas idirmheánach aige a tháirgeann ráitis airgeadais chomhdhlúite atá ar fáil le haghaidh úsáid phoiblí agus a chomhlíonann Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS.
- 8 Sainmhínítear 'fochuideachta' agus 'grúpa' i bhFoscfríbhinn A de IFRS 10 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite*.

- 9 Déanann máthaireintiteas idirmheánach measúnú ar a incháilitheacht chun an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm ina ráitis airgeadais ar leithligh, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil cuntasacht phoiblí ag grúpeintitis eile, nó ag an ngrúpa ina iomláine.
- 10 An máthaireintiteas deiridh nach bhfuil cuntasacht phoiblí aige agus a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta eile i mír 7, féadfaidh sé an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm ina ráitis airgeadais ar leithligh fiú mura gcuireann sé an Caighdeán seo i bhfeidhm ina ráitis airgeadais chomhdhlúite.
- 11 Tá cuntasacht phoiblí ag eintiteas sna cásanna seo a leanas:
- (a) trádáiltear a ionstraimí fiachais nó cothromais ar mhargadh poiblí nó tá sé i mbun an phróisis chun na hionstraimí sin a eisiúint lena dtrádáil ar mhargadh poiblí (stocmhalartán intíre nó eachtrach nó margadh thar an gcontar, lena n-áirítear margai áitiúla agus réigiúnacha); nó
 - (b) tá sócmhainní ina sheilbh aige i gcáil mhuiníneach le haghaidh grúpa leathan daoine ón taobh amuigh mar cheann dá phríomhghnónna (mar shampla, is minic a chomhlíonann bainc, comhair chreidmheasa, cuideachtaí árachais, bróicéirí/déileálaithe urrús, cistí frithpháirteacha agus bainc infheistíochta an dara critéar sin).
- 12 Féadfaidh roinnt eintiteas sócmhainní a shealbhú i gcáil mhuiníneach le haghaidh grúpa leathan daoine ón taobh amuigh toisc go sealbhaíonn agus go mbainistíonn siad acmhainní airgeadais a chuireann cliaint, custaiméirí nó comhaltaí nach bhfuil baint acu le bainistiú an eintitis ar a n-iontaobh. Mar sin féin, má dhéanann siad amhlaidh ar chúiseanna a bhaineann le príomhghnó (mar shampla, de réir mar a bheidh i gcás gníomhairí taistil nó gníomhairí eastáit, scoileanna, eagraíochtaí carthanachta, comhfhiontair ina gceanglaítear éarlais bhallraíochta ainmniúil, agus díoltóirí a fhaigheann íocaíocht sula seachadtar earraí nó seirbhísí amhail cuideachtaí fónais), ní fhágann sé sin go bhfuil siad cuntasach go poiblí.

Rogha a dhéanamh an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm nó an rogha sin a chúlghairm

- 13 An t-eintiteas a roghnaíonn an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm i dtréimhse thuairiscithe amháin, féadfaidh sé an rogha sin a chúlghairm ina dhiaidh sin. Féadfaidh an t-eintiteas a roghnú an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm níos mó ná uair amháin — mar shampla, eintiteas a chuir an Caighdeán seo i bhfeidhm i dtréimhse thuairiscithe roimhe sin, ach nár chuir an Caighdeán seo i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe díreach roimhe sin, féadfaidh sé rogha a dhéanamh an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm sa tréimhse reatha.
- 14 An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe reatha ach nach gcuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe díreach roimhe sin, soláthróidh sé faisnéis chomparáideach (is é sin, faisnéis le haghaidh na tréimhse roimhe sin) i leith gach méid a thuairiscítear i ráitis airgeadais na tréimhse reatha, seachas i gcás ina gceadaítear nó ina gceanglaítear a mhalairt leis an gCaighdeán seo nó le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS eile. Déanfaidh an t-eintiteas faisnéis chomparáideach maidir le faisnéis insinte agus thuairisciúil a áireamh leis sin má tá gá léi chun tuiscint a fháil ar ráitis airgeadais na tréimhse reatha.
- 15 An t-eintiteas a chuir an Caighdeán seo i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin — ach a roghnaíonn gan é a chur i bhfeidhm (nó nach bhfuil incháilithe a thuilleadh é a chur i bhfeidhm) sa tréimhse reatha agus a leanann de Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS a chur i bhfeidhm — soláthróidh sé faisnéis chomparáideach le haghaidh na tréimhse roimhe sin i leith gach méid a thuairiscítear i ráitis airgeadais na tréimhse reatha, seachas i gcás ina gceadaítear nó ina gceanglaítear a mhalairt le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS eile. Déanfaidh an t-eintiteas faisnéis chomparáideach maidir le faisnéis insinte agus thuairisciúil a áireamh leis sin má tá gá léi chun tuiscint a fháil ar ráitis airgeadais na tréimhse reatha. Cé nár ceanglaíodh leis an gCaighdeán seo méideanna sa tréimhse roimhe sin a nochtadh le haghaidh ítimí áirithe a nochtar sa tréimhse reatha, ní cúis é sin le faisnéis chomparáideach a fhágáil ar lár le haghaidh na n-ítimí sin.
- 16 Na ceanglais maidir le hathruithe ar bheartais chuntasaíochta in IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*, níl feidhm acu maidir le rogha a dhéanamh an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm nó an rogha sin a chúlghairm.

Idirghníomhú le IFRS 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais*

- 17 Cuireann an t-eintiteas IFRS 1 *Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais* i bhfeidhm nuair a ullmhaíonn sé a chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, nó nuair a cheadaítear dó déanamh amhlaidh agus mír 4A de IFRS 1 á cur i bhfeidhm aige. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm nuair a ullmhaíonn sé a chéad ráitis airgeadais de réir na

gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, cuirfidh sé na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 21–30 den Chaighdeán seo i bhfeidhm in ionad na gceanglas i míreanna 23–33 de IFRS 1.

- 18 Trí rogha a dhéanamh an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm nó an rogha sin a chúlghairm, ní fhágann sé sin, as féin, go gcomhlíonann an t-eintiteas an sainmhíniú ar ghlacadóir ar glacadóir céaduaire Caighdeán Cuntasaíochta IFRS in IFRS 1. Mar shampla, an t-eintiteas a chuir Caighdeán Chuntasaíochta IFRS i bhfeidhm, ach nár chuir an Caighdeán seo i bhfeidhm, sa tréimhse thuairiscithe díreach roimhe sin agus a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm sa tréimhse reatha, ní glacadóir céaduaire Caighdeán Cuntasaíochta IFRS é agus ní chuirfidh sé IFRS 1 i bhfeidhm sa tréimhse reatha.
- 19 Ar an gcaoi chéanna, an t-eintiteas a chúlghaireann an rogha an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe reatha, ní chuireann sé IFRS 1 i bhfeidhm sa tréimhse reatha más rud é, sa tréimhse díreach roimhe sin, gur sholáthair sé ráiteas sainráite agus gan chuntar maidir le comhlíontacht le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS mar a cheanglaítear le mír 20.

Ceanglais maidir le nochtadh

Comhlíontacht le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS

- 20 An t-eintiteas a gcomhlíonann a ráitis airgeadais Caighdeán Chuntasaíochta IFRS agus na ceanglais sa Chaighdeán seo, déanfaidh sé ráiteas sainráite agus gan chuntar maidir leis an gcomhlíontacht sin sna nótaí. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, luafaidh sé sa ráiteas gan chuntar sin gur chuir sé an Caighdeán seo i bhfeidhm. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, ní thabharfaidh sé tuairisc ar ráitis airgeadais mar ráitis a chomhlíonann Caighdeán Chuntasaíochta IFRS ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an t-eintiteas na ceanglais sa Chaighdeán seo agus gach ceanglas is infheidhme i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile.

IFRS 1 Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais

Míniú ar an aistriú chuig Caighdeán Chuntasaíochta IFRS

- 21 Míneoidh eintiteas an chaoi a ndearna an t-aistriú ón GAAP roimhe seo chuig Caighdeán Chuntasaíochta IFRS difear dá staid airgeadais tuairiscithe, dá fheidhmíocht airgeadais agus dá shreafaí airgid.
- 22 An t-eintiteas a chuir Caighdeán Chuntasaíochta IFRS i bhfeidhm le linn tréimhse roimhe seo, mar a thuairiscítear i mír 4A de IFRS 1, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) an chúis ar scoir sé de Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS a chur i bhfeidhm; agus
 - (b) an chúis a bhfuil sé ag cur tús le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS a chur i bhfeidhm arís.
- 23 I gcás nach roghnaíonn eintiteas, i gcomhréir le mír 4A de IFRS 1, IFRS 1 a chur i bhfeidhm, míneoidh an t-eintiteas na cúiseanna ar roghnaigh sé Caighdeán Chuntasaíochta IFRS a chur i bhfeidhm amhail is dá mba rud é nár scoir sé riamh de chur i bhfeidhm Caighdeán Cuntasaíochta IFRS.

Réitigh

- 24 Chun mír 21 a chomhlíonadh, áireofar leis na chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais d'eintiteas:
- (a) réitigh ar a chothromas a tuairiscíodh i gcomhréir le GAAP roimhe seo chuig a chothromas i gcomhréir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS don dá dháta seo a leanas:
 - (i) an dáta aistrithe chuig IFRSanna; agus
 - (ii) deireadh na tréimhse is déanaí a cuireadh i láthair i gcuntais bhliantúla is déanaí eintitis i gcomhréir le GAAP roimhe seo.
 - (b) réiteach lena ioncam cuimsitheach iomlán i gcomhréir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS le haghaidh na tréimhse is déanaí a cuireadh i láthair i gcuntais bhliantúla is déanaí eintitis. Is é an t-ioncam cuimsitheach iomlán i gcomhréir le GAAP roimhe seo le haghaidh na tréimhse céanna nó, murar thuairiscigh eintiteas iomlán den sórt sin, brabús nó caillteanas faoi GAAP roimhe seo a bheidh mar thúsphointe don réiteach sin.

- 25 Má bhíonn eintiteas feasach ar earráidí arna ndéanamh faoi GAAP roimhe seo, déanfaidh sé idirdhealú idir ceartú na n-earráidí sin agus athruithe ar bheartais chuntasaíochta sna réitigh a cheanglaítear le mír 24.
- 26 Má athraíonn eintiteas a bheartais chuntasaíochta nó a úsáid as díolúintí atá in IFRS 1 le linn na tréimhse a chumhdaíonn a chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, míneoidh sé na hathruithe idir a chéad tuarascáil airgeadais eatramhach IFRS agus a chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, i gcomhréir le mír 21, agus tabharfaidh sé na réitigh a cheanglaítear le mír 24 cothrom le dáta.
- 27 Murar chuir eintiteas ráitis airgeadais i láthair maidir le tréimhsí roimhe sin, nochtfar an fíoras sin ina chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais.

Tuarascálacha airgeadais eatramhacha

- 28 Chun mír 21 a chomhlíonadh, má chuireann eintiteas tuarascáil airgeadais eatramhach i láthair i gcomhréir le IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach* le haghaidh cuid den tréimhse a chumhdaítear lena chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, comhlíonfaidh an t-eintiteas ceanglais IAS 34, mura sonraítear a mhalairt, mar aon leis na ceanglais seo a leanas:
- (a) maidir le gach tuarascáil airgeadais eatramhach den sórt sin, má chuir eintiteas tuarascáil airgeadais eatramhach i láthair don idirthréimhse inchomparáide den bhliain airgeadais díreach roimhe sin, áireofar an méid a leanas:
 - (i) réiteach ar a chothromas i gcomhréir le GAAP roimhe seo ag deireadh na hidirthréimhse inchomparáide sin lena chothromas faoi Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS ar an dáta sin; agus
 - (ii) réiteach lena ioncam cuimsitheach iomlán i gcomhréir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS le haghaidh na hidirthréimhse inchomparáide sin (reatha agus bliain go dáta). Is é an t-ioncam cuimsitheach iomlán i gcomhréir le GAAP roimhe seo le haghaidh na tréimhse sin nó, murar thuairiscigh eintiteas iomlán den sórt sin, brabús nó caillteanas i gcomhréir le GAAP roimhe seo a bheidh mar thúsphointe don réiteach sin;
 - (b) chomh maith leis na réitigh a éilítear ag (a), áireofar i gcéad tuarascáil airgeadais eatramhach eintitis i gcomhréir le IAS 34 don chuid den tréimhse a chumhdaítear ag a chéad ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais na réitigh a dtugtar tuairisc orthu i mír 24 (arna bhforlíonadh leis na sonraí a cheanglaítear le mír 25) nó crostagairt do dhoiciméad foilsithe eile ina n-áirítear na réitigh sin; agus
 - (c) má athraíonn eintiteas a bheartais chuntasaíochta nó a úsáid as díolúintí atá in IFRS 1, míneoidh sé na hathruithe i ngach tuarascáil airgeadais eatramhach i gcomhréir le mír 21 agus tabharfaidh sé na réitigh a cheanglaítear le (a)–(b) cothrom le dáta.
- 29 Murar nocht glacadóir céaduaire, ina ráitis airgeadais bhliantúla is déanaí i gcomhréir le GAAP roimhe seo, faisnéis is ábhartha i dtaca le tuiscint ar an idirthréimhse reatha, nochtfar ina thuarascáil airgeadais eatramhach an fhaisnéis sin nó áireofar í i gcrostagairt le doiciméad foilsithe eile ina n-áirítear í.

Ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 1 atá fós infheidhme

- 30 Má chuireann an t-eintiteas mír D2 de IFRS 1 i bhfeidhm, cuirfidh sé na ceanglais maidir le nochtadh sa mhír sin i bhfeidhm.

IFRS 2 *Íocaíocht Scairbhunaithe*

- 31 Nochtfaidh an t-eintiteas an méid a leanas:
- (a) tuairisc ar gach cineál socraithe íocaíochta scairbhunaithe a bhí ann tráth ar bith le linn na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha ginearálta gach socraithe, amhail ceanglais dílsithe, téarma uasta na scair-roghanna arna ndeonú, agus an modh socraíochta (in airgead tirim nó i gcothromas). An t-eintiteas a bhfuil cineálacha socruithe íocaíochta scairbhunaithe aige atá comhchosúil le chéile go substaintiúil, féadfaidh sé an fhaisnéis sin a chomhiomlánú.
 - (b) líon agus meánphraghsanna feidhmithe ualaithe scair-roghanna i ngach ceann de na grúpaí scair-roghanna seo a leanas:
 - (i) gan íoc ag tús na tréimhse tuairiscithe;
 - (ii) deonaithe le linn na tréimhse;

- (iii) forghéillte le linn na tréimhse;
 - (iv) feidhmithe le linn na tréimhse;
 - (v) dulta in éag le linn na tréimhse;
 - (vi) gan íoc ag deireadh na tréimhse; agus
 - (vii) infheidhmithe ag deireadh na tréimhse.
- 32 Nochtfaidh eintiteas faisnéis a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an gcaoi ar cinneadh luach cóir na n-earraí nó na seirbhísí a fuarthas, nó luach cóir na n-ionstraimí cothromais arna ndeonú, le linn na tréimhse tuairiscithe.
- 33 I gcás socrúithe íocaíochta scairbhunaithe a modhnaíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, mineoidh an t-eintiteas na modhnuithe sin.

- 34 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) an costas iomlán a aithnítear le haghaidh na tréimhse tuairiscithe a eascraíonn as idirbheart íocaíochta scairbhunaithe nach raibh na hearraí nó na seirbhísí a fuarthas iontu i dteideal aitheantais mar shócmhainní agus, dá bhrí sin, a aithníodh láithreach mar chostas; agus
 - (b) an tsuim ghlanluacha iomlán ag deireadh na tréimhse tuairiscithe le haghaidh dliteanais a eascraíonn as idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe.

IFRS 3 *Comhcheangail idir Gnólachtaí*

- 35 Nochtfaidh an faighteoir, i gcás gach comhcheangail gnó a tharlaíonn le linn na tréimhse tuairiscithe, an méid seo a leanas:
- (a) ainm an fhaighteáin agus tuairisc air;
 - (b) an dáta éadála;
 - (c) an céatadán de leasanna cothromais vótála arna bhfáil;
 - (d) tuairisc cháilíochtúil ar na tosca lena gcomhdhéantar an cháilmheas atá aitheanta, amhail sineirgí a bhfuil coinne leo de thoradh oibriochtaí an fhaighteáin agus an fhaighteora a chomhcheangal, sócmhainní doláimhsithe nach bhfuil incháilithe d'aitheantas ar leithligh nó tosca eile;
 - (e) luach cóir na comaoine iomláine arna haistriú ar an dáta éadála agus tuairisc ar chomhpháirteanna na comaoine, amhail:
 - (i) airgead tirim;
 - (ii) sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe eile, lena n-áirítear gnólacht nó fochuideachta de chuid an fhaighteora;
 - (iii) dliteanais a tabhaíodh, dliteanas le haghaidh comaoin theagmhasach, mar shampla; agus
 - (iv) leasanna cothromais an fhaighteora;
 - (f) i gcás comhshocrúithe comaoine teagmhasaí agus sócmhainní slánaithe:
 - (i) an méid a aithnítear ón dáta éadála; agus
 - (ii) tuairisc ar an gcomhshocrú agus an bonn ar a gcinntear méid na híocaíochta;
 - (g) na méideanna a aithnítear ón dáta éadála le haghaidh gach aicme sócmhainní a fuarthas agus dliteanas a gabhadh;
 - (h) mura n-aithnítear dliteanas teagmhasach toisc nach féidir a luach cóir a thomhas go hiontaoфа, an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 259;

- (i) i gceannach sladmhargaidh, méid aon ghnóthachain a aithnítear i gcomhréir le mír 34 de IFRS 3 *Comhcheangail Ghnó* agus an ítim líne sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach ina n-aithnítear an gnóthachan; agus
 - (j) i gcás gach comhcheangail gnó ina bhfuil níos lú ná 100 faoin gcéad de na leasanna cothromais san fhaighteán ina sheilbh ag an bhfaighteoir ar an dáta éadála:
 - (i) méid na leasanna neamh-urlámhais san fhaighteán a aithnítear ar an dáta éadála agus bonn tomhais an mhéid sin; agus
 - (ii) i gcás gach leasa neamh-urlámhais i bhfaighteán a thomhaistear ar luach cóir, an teicníc (na teicnící) luachála agus ionchuir shuntasacha a úsáidtear chun an luach sin a thomhas.
- 36 Nochtfaidh an faighteoir, i gcás gach tréimhse tuairiscithe i ndiaidh an dáta éadála go dtí go mbaileoidh, go ndíolfaidh nó go gcaillfidh an t-eintiteas ar aon bhealach eile an ceart chun sócmhainne comaoine teagmhasaí, nó go dtí go socróidh an t-eintiteas dliteanas comaoine teagmhasaí nó go gcealófar an dliteanas nó go rachaidh sé in éag:
- (a) aon athrú ar na méideanna a aithnítear, lena n-áirítear aon difríocht a eascraíonn as socraíocht; agus
 - (b) na teicnící luachála agus na príomh-ionchuir samhla a úsáidtear chun comaoine theagmhasach a thomhas.
- 37 Nochtfaidh an faighteoir réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach) ar an tsuim glanluacha cáilmheasa ag tús agus deireadh na tréimhse tuairiscithe lena léirítear ar leithligh na nithe seo a leanas:
- (a) cáilmheas breise a aithnítear le linn na tréimhse tuairiscithe, seachas cáilmheas a áirítear i ngrúpa diúscartha a chomhlíonfaidh, ar éadail dó, na critéir go n-aicmeofar é mar cháilmheas arna shealbhú lena dhíol i gcomhréir le IFRS 5 *Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú le Díol agus Oibríochtaí Scortha*;
 - (b) cáilmheas a áirítear i ngrúpa diúscartha a aicmítear mar ghrúpa arna shealbhú lena dhíol i gcomhréir le IFRS 5 agus cáilmheas a dí-aithníodh le linn na tréimhse tuairiscithe nár áiríodh roimhe sin i ngrúpa diúscartha a aicmítear mar ghrúpa arna shealbhú lena dhíol;
 - (c) caillteanais lagaithe a aithnítear le linn na tréimhse tuairiscithe i gcomhréir le IAS 36 *Lagú Sócmhainní*; agus
 - (d) aon athrú eile ar an tsuim ghlanluacha le linn na tréimhse tuairiscithe.

IFRS 5 Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú lena nDíol agus Oibríochtaí Scortha

- 38 Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis seo a leanas sna nótaí sa tréimhse thuairiscithe inar aicmíodh sócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) mar shócmhainn arna sealbhú lena díol nó atá díolta:
- (a) tuairisc ar an tsócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha);
 - (b) tuairisc ar fhíorais agus ar imthosca an díolacháin, nó a tháinig roimh an diúscairt a raibh coinne léi, agus bealach agus uainiú ionchasach na diúscartha sin; agus
 - (c) más infheidhme, an deighleog intuarascála ina gcuirtear an tsócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) i láthair i gcomhréir le IFRS 8.
- 39 Má tá feidhm ag mír 26 de IFRS 5 nó mír 29, de IFRS 5, nochtfaidh eintiteas, i dtréimhse thuairiscithe an chinnidh chun an pleán a athrú maidir leis an tsócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) a dhíol, tuairisc ar na fíorais agus ar na himthosca as ar eascair an cinneadh agus an éifeacht a bhí ag an gcinneadh ar thorthaí na n-oibríochtaí don tréimhse agus d'aon réamhthréimhse a chuirtear i láthair.

Ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 5 atá fós infheidhme

- 40 Cuirfidh an t-eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 12, 13, 33(a), 33(c) agus 34 de IFRS 5 i bhfeidhm. Léifidh an t-eintiteas an tagairt do mhír 33 i mír 13 de IFRS 5 mar thagairt do mhíreanna 33(a) agus 33(c) de IFRS 5.

IFRS 6 Taiscéalaíocht agus meastóireacht a dhéanamh ar acmhainní mianracha

- 41 Déanfaidh eintiteas sócmhainní taiscéalaíochta agus meastóireachta a láimhseáil mar aicme sócmhainní ar leithligh agus déanfaidh sé na nochtaí a cheanglaítear le míreanna 200–202 (faoi fho-cheannteideal IAS 16

Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh) nó míreanna 263–266 (faoi fho-cheannteideal IAS 38 \), ar bhealach comhsheasmhach leis an gcaoi a ndéantar na sócmhainní a aicmiú.

IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí

- 42 Le míreanna 3–5D de IFRS 7 *Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí*, leagtar amach raon feidhme IFRS 7, is é sin, na hionstraimí airgeadais, conarthaí chun ítim neamhairgeadais a cheannach nó a dhíol, agus cearta a bhfuil feidhm ag na ceanglais maidir le nochtheadh in IFRS 7 maidir leo. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, cuirfidh sé míreanna 3–5D de IFRS 7 i bhfeidhm chun raon feidhme na gceanglas maidir le nochtheadh i míreanna 43–73 a chinneadh. Maidir leis na tagairtí sna míreanna seo a leanas:
- (a) an tagairt i mír 3(a) de IFRS 7 do na ceanglais maidir le nochtheadh in IFRS 13 *Tomhas ar Luach Cóir*, léifidh an t-eintiteas í mar thagairt do mhíreanna 95–97; agus
 - (b) an tagairt i mír 5A de IFRS 7 do na ceanglais maidir le nochtheadh i míreanna 35A–35N de IFRS 7, léifidh an t-eintiteas í mar thagairt do mhíreanna 65–71.
- 43 Nochtfaidh eintiteas faisnéis a chuireann ar a gcumas d’úsáideoirí a ráiteas airgeadais meastóireacht a dhéanamh ar thábhacht ionstraimí airgeadais dá staid airgeadais agus dá fheidhmíocht airgeadais.

Catagóirí de shócmhainní airgeadais agus de dliteanais airgeadais

- 44 Nochtfar méideanna glanluacha gach ceann de na catagóirí seo a leanas, mar a shonraítear in IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais*, sa ráiteas ar an staid airgeadais nó sna nótaí:
- (a) dliteanais airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas;
 - (b) dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, ina léirítear ar leithligh:
 - (i) na dliteanais sin a ainmnítear amhlaidh tráth a thugtar aitheantas tosaigh dóibh i gcomhréir le mír 4.2.2 de IFRS 9 nó dá éis sin i gcomhréir le mír 6.7.1. de IFRS 9; agus
 - (ii) na dliteanais sin a chomhlíonann an sainmhíniú ar ‘arna shealbhú lena thrádáil’ in IFRS 9;
 - (c) sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta;
 - (d) dliteanais airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta; agus
 - (e) sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile, ina léirítear ar leithligh:
 - (i) sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2A de IFRS 9; agus
 - (ii) infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a ainmnítear amhlaidh tráth a thugtar aitheantas tosaigh dóibh i gcomhréir le mír 5.7.5 de IFRS 9.

Dlíteanais airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas

- 45 Má d’ainmnigh an t-eintiteas dliteanas airgeadais amhail ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas i gcomhréir le mír 4.2.2 de IFRS 9 agus má cheanglaítear air éifeachtaí na n-athruithe ar riosca creidmheasa an dliteanais sin a chur i láthair in ioncam cuimsitheach eile (féach mír 5.7.7 de IFRS 9), nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) an méid athraithe, go carnach, ar luach cóir an dliteanais airgeadais atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa an dliteanais sin (féach míreanna B5.7.13–B5.7.20 de IFRS 9 le haghaidh treoraíochta maidir le héifeachtaí athruithe ar riosca creidmheasa dliteanais a chinneadh); agus
 - (b) an difríocht idir suim ghlanluacha an dliteanais airgeadais agus an méid a cheanglófaí ar an eintiteas a íoc ar bhonn conarthach, tráth na haibíochta, le sealbhóir na hoibleagáide.
- 46 Má d’ainmnigh eintiteas dliteanas airgeadais amhail ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas i gcomhréir le mír 4.2.2 de IFRS 9 agus má cheanglaítear air gach athrú ar luach cóir an dliteanais sin a chur i láthair (lena n-áirítear éifeachtaí na n-athruithe ar riosca creidmheasa an dliteanais) i mbrabús nó caillteanas (féach míreanna 5.7.7 agus 5.7.8 de IFRS 9), nochtfaidh sé:
- (a) an méid athraithe, le linn na tréimhse tuairiscithe, agus go carnach, ar luach cóir an dliteanais airgeadais atá inchurtha i leith athruithe ar riosca creidmheasa an dliteanais sin (féach míreanna B5.7.13–B5.7.20 de IFRS 9 le haghaidh treoraíochta maidir le héifeachtaí athruithe ar riosca creidmheasa dliteanais a chinneadh); agus

- (b) an difríocht idir suim ghlanluacha an dliteanais airgeadais agus an méid a cheanglófaí ar an eintiteas a íoc ar bhonn conarthach, tráth na haibíochta, le sealbhóir na hoibleagáide.

Athaicmiú

- 47 Nochtfaidh eintiteas má rinne sé, sna tréimhsí tuairiscithe reatha nó i dtréimhsí tuairiscithe roimhe seo, athaicmiú ar aon sócmhainn airgeadais i gcomhréir le mír 4.4.1 de IFRS 9. Maidir le gach teagmhas den sórt sin, nochtfaidh eintiteas:
- (a) dáta an athaicmithe;
- (b) míniú mionsonraithe ar an athrú ar an tsamhail ghnó agus tuairisc cháilíochtúil ar an éifeacht a bhí aici ar ráitis airgeadais an eintitis; agus
- (c) an méid arna athaicmiú isteach agus amach as gach catagóir.
- 48 Maidir le gach tréimhse thuairiscithe tar éis athaicmiú go dtí dí-aithint, nochtfaidh eintiteas, maidir le sócmhainní a athaicmíodh amach as an gcatagóir luacha chóir trí bhrabús nó trí chaillteanas ionas go dtomhaisfear iad ar chostas amúchta nó ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.4.1 de IFRS 9:
- (a) an ráta úis glan arna chinneadh ar dháta an athaicmithe; agus
- (b) an t-ioncam úis arna aithint.

Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh

- 49 Nochtfaidh an t-eintiteas ar leithligh, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ollmhéideanna na sócmhainní airgeadais aitheanta sin agus na ndlíteanas airgeadais aitheanta sin a dhéantar a fhritháireamh i gcomhréir le mír 42 de IAS 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair*.
- 50 Ionstraimí airgeadais arna nochtadh i gcomhréir le mír 49 féadfaidh siad a bheith faoi réir ceanglais difriúla tomhais (mar shampla, féadfar suim iníoctha a bhaineann le comhaontú athcheannaigh a thomhas ar chostas amúchta, ach tomhaisfear díorthach ar luach cóir). Áireoidh eintiteas ionstraimí airgeadais ag a méideanna aitheanta agus tabharfaidh sé tuairisc sna nochtaí gaolmhara ar aon difríocht a bheidh sa tomhas dá bharr sin.

Comhthaobhacht

- 51 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais atá geallta aige mar chomhthaobhacht le haghaidh dliteanais nó le haghaidh dliteanais theagmhasacha, lena n-áirítear méideanna atá athaicmithe i gcomhréir le mír 3.2.23(a) de IFRS 9; agus
- (b) na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann lena ghealltanais.

Cuntas lamháltais le haghaidh caillteanais chreidmheasa

- 52 Ní dhéantar suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2A de IFRS 9 a laghdú le lamháltas caillteanais agus ní chuirfidh an t-eintiteas an lamháltas caillteanais i láthair ar leithligh sa ráiteas ar an staid airgeadais mar laghdú ar shuim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais. Mar sin féin, nochtfaidh eintiteas an lamháltas caillteanais sna nótaí.

Ionstraimí airgeadais cumaisc lena ngabhann díorthaigh leabaithe iolracha

- 53 Má d'eisigh eintiteas ionstraim ina bhfuil comhpháirt dliteanais agus cothromais araon (féach mír 28 de IAS 32) agus má tá díorthaigh leabaithe iolracha san ionstraim a bhfuil luachanna idirspéiceacha acu (amhail ionstraim fiachais in-chomhshóite inghlaoite), nochtfaidh sé gurb ann do na gnéithe sin.

Mainneachtain agus sáruithe

- 54 Maidir le hiasachtaí iníoctha atá aitheanta ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) mionsonraí maidir le haon mhainneachtain ar an bpríomhshuim le linn na tréimhse, ar ús, ar chiste fiachmhúchta, nó téarmaí fuascailte na n-iasachtaí sin is iníoctha;

- (b) suim ghlanluacha na n-iasachtaí is iníoctha atá ar mainneachtain ag deireadh na tréimhse tuairiscithe; agus
 - (c) cé acu ar réitíodh nó nár réitíodh an mhainneachtain, nó cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh téarmaí na n-iasachtaí iníoctha a ath-idirbheartú, sular údaraíodh na ráitis airgeadais dá n-eisiúint.
- 55 Más amhlaidh, le linn na tréimhse, go ndearnadh sárúithe ar théarmaí an chomhaontaithe iasachta seachas iad sin ar a dtugtar tuairisc i mír 54, nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis chéanna a cheanglaítear le mír 54 má tugadh deis leis na sárúithe sin don iasachtóir aisiocaíocht luathaithe a éileamh (murar réitíodh na sárúithe, nó murar ath-idirbheartaíodh téarmaí na hiasachta, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe nó roimhe sin).

Ítimí ioncain, costais, gnóthachan nó caillteanas

- 56 Déanfaidh eintiteas na hítimí ioncain, costais, gnóthachan nó caillteanas seo a leanas a chur i láthair sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach, faoi réir na gceanglas maidir le cur i láthair in IFRS 18, nó nochtfaidh sé sna nótaí iad:
- (a) glanghnóthachain nó glanchaillteanais maidir le:
 - (i) sócmhainní airgeadais nó dliteanais airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas;
 - (ii) dliteanais airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta;
 - (iii) sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta;
 - (iv) infheistíochtaí in ionstraimí cothromais a ainmnítear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 5.7.5 de IFRS 9; agus
 - (v) sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2A de IFRS 9, lena léirítear ar leithligh an méid gnóthachain nó caillteanais a aithníodh in ioncam cuimsitheach eile le linn na tréimhse tuairiscithe, agus an méid arna ath-aicmiú ar dhí-aithint ó ioncam cuimsitheach carntha eile chuig brabús nó caillteanas le haghaidh na tréimhse;
 - (b) an t-ioncam iomlán ó ús agus an costas úis iomlán (arna ríomh trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain) le haghaidh sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta nó a thomhaistear ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2A de IFRS 9, nó dliteanais airgeadais nach dtomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas; agus
 - (c) ioncam agus costas ó tháillí (seachas méideanna a áirítear chun an glanráta úis a chinneadh) a eascraíonn as:
 - (i) sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nach dtomhaistear ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas; agus
 - (ii) gníomhaíochtaí iontaobhais agus gníomhaíochtaí muiníneacha eile a leanann sealbhú nó infheistiú sócmhainní astu thar ceann daoine aonair, iontaobhas, pleananna sochair scoir agus institiúidí eile.
- 56A Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 20C de réir aicme sócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta nó ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile agus de réir aicme dliteanas airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta. Breithneoidh an t-eintiteas cé mhéad mionsonraí atá le nochtadh, an leibhéal comhiomlánaithe nó dí-chomhiomlánaithe iomchuí, agus cé acu a theastaíonn nó nach dteastaíonn mínithe breise ó úsáideoirí ráiteas airgeadais chun meastóireacht a dhéanamh ar aon fhaisnéis chainníochtúil a nochtar.
- 56B Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a chur ar éifeacht téarmaí conarthacha a d'fhéadfadh méid an tsreafa airgid chonarthaigh a athrú bunaithe ar theagmhas teagmhasach a bheith ann (nó gan a bheith ann), teagmhas nach mbaineann go díreach le hathruithe ar bhunrioscaí agus bunchostais iasachtaíthe (mar atá an t-amluach airgid nó an riosca creidmheasa), nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) tuairisc cháilíochtúil ar chineál an teagmhais theagmhasaigh;
 - (b) faisnéis chainníochtúil faoi na hathruithe féideartha ar shreabhadh airgid conarthach a d'fhéadfadh teacht as na téarmaí conarthacha sin (raon na n-athruithe féideartha, mar shampla); agus
 - (c) oll-luach de réir na leabhar ar na sócmhainní airgeadais agus costas amúchta na ndlitéanas airgeadais faoi réir na dtéarmaí conarthacha sin.
- 56C Mar shampla, nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 20C le haghaidh aicme dlitéanas airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a n-athraíonn a sreabhadh airgid conarthach má bhaineann an t-eintiteas laghdú amach ar a astaíochtaí carbóin.

Beartais chuntasaíochta

- 57 I gcomhréir le mír 176, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta. An fhaisnéis maidir leis an mbonn (nó na boinn) tomhais le haghaidh ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun na ráitis airgeadais a ullmhú, meastar gur faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a bheidh inti.

Cuntasaíocht fálaithe

- 58 Le haghaidh gach catagóire de neamhchosaintí ar riosca a chinneann sé a fhálú agus a gcuirtear cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm ina leith, nochtfaidh eintiteas tuairisc ar an méid seo a leanas ar leithligh:
- (a) na hionstraimí fálaithe a úsáidtear (agus conas a úsáidtear iad) chun neamhchosaintí ar riosca a fhálú; agus
 - (b) an bealach a chinneann an t-eintiteas an caidreamh eacnamaíoch idir an ítim fhálaithe agus an ionstraim fálúcháin chun críche measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an fhálaithe.
- 59 I gcás ina n-ainmníonn eintiteas comhpháirt riosca shonrach mar ítim fhálaithe (féach míreanna 6.3.7 de IFRS 9), soláthróidh sé faisnéis cháilióchtúil nó chainníochtúil maidir leis an gcaoi ar chinn an t-eintiteas an chomhpháirt riosca a ainmnítear mar ítim fhálaithe (lena n-áirítear tuairisc ar chineál na gaolmhaireachta idir an chomhpháirt riosca agus an ítim ina hiomláine).
- 60 Nochtfaidh eintiteas, i dtábla, na méideanna seo a leanas a bhaineann le hítimí arna n-ainmniú mar ionstraimí fálaithe ar leithligh de réir catagóir riosca le haghaidh gach cineáil fálúcháin (fálú luacha chóir, fálú sreabhaidh airgid nó fálú de ghlan-infheistíocht in oibríocht eachtrach):
- (a) suim ghlanluacha na n-ionstraimí fálaithe (sócmhainní airgeadais ar leithligh ó dhliteanais airgeadais);
 - (b) an ítim líne sa ráiteas ar an staid airgeadais ina n-áirítear an ionstraim fálúcháin;
 - (c) an t-athrú ar luach cóir na hionstraime fálaithe a úsáideadh mar bhonn chun neamhéifeachtacht an fhálaithe a aithint le haghaidh na tréimhse; agus
 - (d) méideanna ainmniúla (lena n-áirítear cainníochtaí amhail tonaí nó méadair chiúbacha) na n-ionstraimí fálaithe.
- 61 Nochtfaidh eintiteas, i dtábla, na méideanna seo a leanas a bhaineann le hítimí fálaithe ar leithligh de réir catagóir riosca le haghaidh na gcineálacha fáluithe mar a leanas:
- (a) le haghaidh fáluithe luacha chóir:
 - (i) suim ghlanluacha na hítimí fálaithe a aithnítear sa ráiteas ar an staid airgeadais (ag cur sócmhainní i láthair ar leithligh ó dhliteanais);
 - (ii) méid carntha na gcoigeartuithe ar fhálú luacha chóir ar an ítim fhálaithe atá áirithe i suim ghlanluacha na hítimí fálaithe a aithnítear sa ráiteas ar an staid airgeadais (ag cur sócmhainní i láthair ar leithligh ó dhliteanais);
 - (iii) an ítim líne sa ráiteas ar an staid airgeadais ina n-áirítear an ítim fhálaithe; agus
 - (iv) an t-athrú ar luach na hítimí fálaithe a úsáideadh mar bhonn chun neamhéifeachtacht an fhálaithe a aithint le haghaidh na tréimhse.
 - (b) le haghaidh fáluithe sreabhaidh airgid agus fáluithe de ghlan-infheistíocht in oibríocht eachtrach: an t-athrú ar luach na hítimí fálaithe a úsáideadh mar bhonn chun neamhéifeachtacht an fhálaithe a aithint le haghaidh na tréimhse (le haghaidh fáluithe sreabhaidh airgid, is é sin an t-athrú ar luach a úsáideadh chun neamhéifeachtacht an fhálaithe aitheanta a chinneadh i gcomhréir le mír 6.5.11(c) de IFRS 9).
- 62 Nochtfaidh eintiteas, i dtábla, na méideanna seo a leanas ar leithligh de réir catagóir riosca le haghaidh na gcineálacha fáluithe seo a leanas:
- (a) le haghaidh fáluithe luacha chóir: neamhéifeachtacht an fhálaithe—an difríocht idir gnóthachain nó caillteanais fálaithe na hionstraime fálaithe agus na hítimí fálaithe—a aithnítear i mbrabús nó caillteanas (nó ioncam cuimsitheach eile le haghaidh fáluithe ionstraime cothromais dar roghnaigh eintiteas athruithe a chur i láthair ar luach cóir in ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 5.7.5 de IFRS 9).
 - (b) le haghaidh fáluithe sreabhaidh airgid agus fáluithe de ghlan-infheistíocht in oibríocht eachtrach:
 - (i) gnóthachain nó caillteanais fálaithe na tréimhse tuairiscithe a aithníodh in ioncam cuimsitheach eile;

- (ii) neamhéifeachtacht an fhálaithe a aithnítear i mbrabús nó caillteanas; agus
- (iii) an méid arna athaicmiú ón gcúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid nó ón gcúlchiste um aistriú airgeadra eachtraigh isteach i mbrabús nó caillteanas mar choigeartú athaicmithe (féach IFRS 18)—lena ndéantar idirdhealú idir méideanna ar úsáideadh cuntasáiocht fálaithe dóibh roimhe seo, ach nach bhfuil coinne leis go dtarlódh sreafaí airgid todhchaí fálaithe maidir leo a thuilleadh, agus méideanna a aistríodh toisc go ndearna an ítim fhálaithe difear do bhrabús nó caillteanas.

63 I gcás gaolmhaireachtaí fálaithe a gcuireann eintiteas na heisceachtaí a leagtar amach i míreanna 6.8.4–6.8.12 de IFRS 9 nó míreanna 102D–102N de IAS 39 *Iontraimí Airgeadais: Aithint agus Tomhas* i bhfeidhm ina leith, nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:

- (a) na tagarmharcanna suntasacha ráta úis ar a bhfuil gaolmhaireachtaí fálaithe an eintitis neamhchosanta;
- (b) fairsinge na neamhchosanta ar riosca a bhainistíonn an t-eintiteas dá ndéanann an t-athchóiriú ar thagarmharc ráta úis difear go díreach;
- (c) conas atá an t-eintiteas ag bainistiú an phróisis chun aistriú chuig tagarmharcanna ráta malartacha;
- (d) tuairisc ar thoimhdí suntasacha nó ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne an t-eintiteas chun na míreanna sin a chur i bhfeidhm (mar shampla, toimhdí nó breithiúnais maidir le cathain a thagann deireadh leis an éiginnteacht a eascraíonn as athchóiriú ar an tagarmharc ráta úis i ndáil le huainiú agus méid na sreafaí airgid bunaithe ar thagarmharc ráta úis); agus
- (e) méid ainmniúil na n-ionstraimí fálaithe sna gaolmhaireachtaí fálaithe sin.

Luach cóir

64 I roinnt cásanna, ní aithníonn eintiteas gnóthachan ná caillteanas ar aitheantas tosaigh sócmhainne airgeadais nó dliteanas airgeadais toisc nach léir an luach cóir le praghas luaite i margadh gníomhach le haghaidh sócmhainn nó dliteanas comhionann (ionchur Leibhéal 1), ná níl sé bunaithe ar theicníc luachála nach n-úsáideann ach amháin sonraí ó mhargaí inbhraite (féach mír B5.1.2A de IFRS 9). I gcásanna den sórt sin, nochtfaidh eintiteas de réir na haicme de shócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais:

- (a) a bheartas cuntasáiochta maidir leis an difríocht a aithint i mbrabús nó i gcaillteanas idir an luach cóir tráth na haitheanta tosaigh agus an praghas idirbhirt chun athrú ar thosca a léiriú (lena n-áirítear am) a chuirfeadh rannpháirtithe an mhargaidh san áireamh agus an tsócmhainn á pragsáil nó an dliteanas á phragsáil acu (féach mír B5.1.2A(b) de IFRS 9);
- (b) an difríocht chomhiomlán atá fós le haithint i mbrabús nó caillteanas ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus réiteach ar athruithe i gcomhardú na difríochta sin; agus
- (c) an fáth ar tháinig an t-eintiteas ar an gconclúid nárbh é praghas an idirbhirt an fhianaise ab fhearr ar luach cóir, lena n-áirítear tuairisc ar an bhfianaise lena dtacaítear leis an luach cóir.

Conarthaí ina dtagraítear do leictreachas atá spleách ar an dúlra

64A I nóta aonair amháin ina ráitis airgeadais, nochtfaidh eintiteas faisnéis maidir lena chonarthaí ina dtagraítear do leictreachas atá spleách ar an dúlra a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 5B de IFRS 7. Nochtfaidh an t-eintiteas an méid a leanas:

- (a) faisnéis maidir le gnéithe conarthacha lena bhfágtagar an t-eintiteas neamhchosanta ar an méid seo a leanas:
 - (i) inathraitheacht sa mhéid foluiteach leictreachais (féach mír 2.3A de IFRS 9); agus
 - (ii) an riosca go gceanglófaí ar an eintiteas leictreachas a cheannach le linn eatramh seachadta nach féidir leis an eintiteas an leictreachas a úsáid lena linn (féach mír B2.7 de IFRS 9).
- (b) faisnéis faoi ghealltanais neamhaitheanta a eascraíonn as na conarthaí ar an dáta tuairiscithe, lena n-áirítear:
 - (i) na sreafaí airgid todhchaí measta ó leictreachas a cheannach faoi na conarthaí sin. Cuirfidh an t-eintiteas a bhreithiúnas i bhfeidhm agus na tréimhsí ama iomchuí inar cheart na sreafaí airgid todhchaí measta a nochtadh á sainaithint aige.

- (ii) faisnéis cháilíochtúil faoin gcaoi a ndéanann an t-eintiteas measúnú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh conradh éirí dochraideach (féach IAS 37 *Soláthairtí, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*), lena n-áirítear na toimhdí a úsáideann an t-eintiteas chun an measúnú sin a dhéanamh.
 - (c) faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi éifeachtaí ar fheidhmíocht airgeadais an eintitis le haghaidh na tréimhse tuairiscithe. Tá an nochtadh bunaithe ar an bhfaisnéis is infheidhme maidir leis an tréimhse tuairiscithe a d'úsáid an t-eintiteas chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh sé ina ghlancheannaitheoir leictreachais (féach mír B2.8 de IFRS 9). Nochtfaidh eintiteas faisnéis le haghaidh na tréimhse tuairiscithe faoin méid seo a leanas:
 - (i) na costais a eascraíonn as ceannacháin leictreachais a rinneadh faoi na conarthaí, lena nochtar ar leithligh an méid den leictreachas a ceannaíodh nár úsáideadh tráth an tseachadta;
 - (ii) na fáiltais a eascraíonn as díolacháin leictreachais neamhúsáidte; agus
 - (iii) na costais a eascraíonn as ceannacháin leictreachais a dhéantar chun díolacháin leictreachais neamhúsáidte a fhritháireamh.
- 64B Le haghaidh a chonarthaí a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 5C de IFRS 7, na méideanna a nochtann an t-eintiteas, de réir na catagóire riosca, a bhaineann le hítimí a ainmnítear mar ionstraimí fáilaithe, déanfaidh eintiteas na méideanna sin a dhí-chomhiomlánú i gcomhréir le mír 60.
- 64C Má nochtann eintiteas faisnéis faoi chonarthaí eile ina dtagraítear do leictreachas atá spleách ar an dúlra mar a thuairiscítear i mír 5D de IFRS 7 (lena n-áirítear na conarthaí sin a dtugtar tuairisc orthu i mír 64B den Chaighdeán seo) i nótaí eile ina ráitis airgeadais, áireoidh an t-eintiteas crostagairtí do na nótaí sin sa nóta aonair a cheanglaítear le mír 64A.

Cineál agus méid na rioscaí a eascraíonn as ionstraimí airgeadais

Riosca creidmheasa: gach eintiteas

- 65 Míneoidh eintiteas na hionchuir, na toimhdí agus na teicnící meastacháin a úsáideadh chun na ceanglais i Roinn 5.5 de IFRS 9 a chur i bhfeidhm. Chun na críche sin nochtfaidh eintiteas:
- (a) bunús na n-ionchur agus na dtoimhdí agus na teicnící meastacháin a úsáideadh chun:
 - (i) na caillteanais chreidmheasa ar feadh 12 mhí agus na caillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil a thomhas;
 - (ii) a chinneadh cé acu ar mhéadaigh nó nár mhéadaigh riosca creidmheasa na n-ionstraimí airgeadais go suntasach ón tráth a tugadh aitheantas tosaigh dóibh; agus
 - (iii) a chinneadh cé acu is sócmhainn airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa aici í sócmhainn airgeadais, nó nach ea;
 - (b) an chaoi ar ionchorpraíodh faisnéis réamhbhreathnaitheach sa chinneadh maidir le caillteanais chreidmheasa ionchasacha, lena n-áirítear trí fhaisnéis mhaicreacnamaíoch a úsáid; agus
 - (c) athruithe ar na teicnící meastacháin nó ar na toimhdí suntasacha a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe agus na cúiseanna a bhí leis na hathruithe sin.
- 66 Chun míniú a thabhairt ar na hathruithe ar an lamháltas caillteanais agus na cúiseanna atá leis na hathruithe sin, soláthróidh eintiteas, i dtábla, de réir aicme na hionstraime airgeadais, réiteach ón iarmhéid tosaigh go dtí iarmhéid deiridh an lamháltais chaillteanais, lena léirítear ar leithligh na hathruithe le linn na tréimhse tuairiscithe maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) an lamháltas caillteanais a thomhaistear ag méid atá cothrom le caillteanais chreidmheasa ionchasacha le haghaidh tréimhse 12 mhí.
 - (b) an lamháltas caillteanais a thomhaistear ag méid atá cothrom le caillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil maidir le:
 - (i) ionstraimí airgeadais dar mhéadaigh an riosca creidmheasa go suntasach ón tráth a tugadh aitheantas tosaigh dóibh ach nach sócmhainní airgeadais ag a bhfuil fadhbanna creidmheasa iad;
 - (ii) sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu ar an dáta tuairiscithe (ach nach sócmhainní airgeadais ceannaithe nó tionscanta iad a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu); agus

- (iii) suimeanna trádála infhaighte, sócmhainní conartha nó suimeanna léasa infhaighte dá dtomhaistear na lamháltas caillteanais i gcomhréir le mír 5.5.15 de IFRS 9.
 - (c) sócmhainní airgeadais ceannaithe nó tionscanta a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu. Anuas ar an réiteach, nochtfaidh eintiteas an méid iomlán de chaillteanais chreidmheasa ionchasacha nach raibh lascainithe tráth a tugadh aitheantas tosaigh dóibh ar shócmhainní airgeadais a aithníodh ar dtús le linn na tréimhse tuairiscithe.
- 67 Maidir le gealltanais iasachta agus conarthaí ráthaíochta airgeadais aithnítear an lamháltas caillteanais mar sholáthar. Ba cheart d'eintiteas faisnéis a nochtadh faoi na hathruithe ar an lamháltas caillteanais le haghaidh sócmhainní airgeadais ar leithligh uathu siúd le haghaidh gealltanais iasachta agus conarthaí ráthaíochta airgeadais. Má áirítear comhpháirt iasachta (sócmhainn airgeadais) agus gealltanais neamhtharraingthe (gealltanais iasachta) araon le hionstraim airgeadais áfach, agus mura féidir leis an eintiteas na caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar an gcomhpháirt gealltanais iasachta a shainaithint ar leithligh uathu siúd ar an gcomhpháirt sócmhainne airgeadais, ba cheart na caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar an ngealltanais iasachta a aithint le chéile leis an lamháltas caillteanais don tsócmhainn airgeadais. A mhéid a sháraíonn na caillteanais chreidmheasa ionchasacha le chéile oll-luach de réir na leabhar na sócmhainne airgeadais, ba cheart na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a aithint mar sholáthar.

Riosca creidmheasa: eintitis a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó

- 68 Na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 69–71, níl siad infheidhme ach amháin maidir leis an eintiteas a sholáthraíonn maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó, mar a thuairiscítear in IFRS 18.
- 69 Nochtfaidh eintiteas faisnéis a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil agus meastóireacht a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
- (a) an chaoi ar chinn an t-eintiteas cé acu atá nó nach bhfuil riosca creidmheasa na n-ionstraimí airgeadais méadaithe go suntasach ó thráth na haitheanta tosaigh, lena n-áirítear an méid a leanas:
 - (i) meastar go bhfuil riosca creidmheasa íseal ag ionstraimí airgeadais i gcomhréir le mír 5.5.10 de IFRS 9, lena n-áirítear na haicmí ionstraimí airgeadais a bhfuil feidhm aige maidir leo; agus
 - (ii) bréagnaíodh an toimhde i mír 5.5.11 de IFRS 9, go ndearnadh méaduithe suntasacha ar an riosca creidmheasa ón tráth a tugadh aitheantas tosaigh dó i gcás ina mbíonn sócmhainní airgeadais níos mó ná 30 lá thar téarma; agus
 - (b) sainmhínithe eintitis ar mhainneachtain, lena n-áirítear na cúiseanna leis na sainmhínithe sin a roghnú.
- 70 Soláthróidh eintiteas míniú ar an gcaoi ar chuir athruithe suntasacha i méid shuim ghlanluacha chomhlán na n-ionstraimí airgeadais le linn na tréimhse le hathruithe sa lamháltas caillteanais. Soláthrófar an fhaisnéis ar leithligh le haghaidh ionstraimí airgeadais a léiríonn an lamháltas caillteanais mar atá liostaithe i mír 66(a)–(c) agus áireofar faisnéis ábhartha cháilíochtúil agus chainníochtúil inti. Féadfar iad seo a leanas a áireamh leis na samplaí d'athruithe ar oll-luach de réir na leabhar na n-ionstraimí airgeadais a rannchuidigh leis na hathruithe ar an lamháltas caillteanais:
- (a) athruithe mar gheall ar ionstraimí airgeadais a tionscnaíodh nó a fuarthas le linn na tréimhse tuairiscithe;
 - (b) an modhnú a rinneadh ar shreafaí airgid conarthacha maidir le sócmhainní airgeadais nach leanann dí-aithint na sócmhainní airgeadais i gcomhréir le IFRS 9 astu;
 - (c) athruithe mar gheall ar ionstraimí airgeadais a bhí dí-aitheanta (lena n-áirítear iad sin a bhí díscríofa) le linn na tréimhse tuairiscithe; agus
 - (d) athruithe a eascraíonn as cé acu a thomhaistear nó nach dtomhaistear an lamháltas caillteanais ag suim atá cothrom le caillteanais chreidmheasa ionchasacha 12 mhí nó le caillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil.
- 71 Nochtfaidh an t-eintiteas, de réir grád rátála riosca creidmheasa, oll-luachanna sócmhainní airgeadais agus na neamhchosanta ar riosca creidmheasa de réir na leabhar i ndáil le gealltanais iasachta agus conarthaí ráthaíochta airgeadais. Soláthróidh eintiteas an fhaisnéis sin ar leithligh le haghaidh ionstraimí airgeadais:
- (a) a dtomhaistear an lamháltas caillteanais ina leith ag méid atá cothrom le caillteanais chreidmheasa ionchasacha le haghaidh tréimhse 12 mhí;
 - (b) a dtomhaistear an lamháltas caillteanais ina leith ag méid atá cothrom le caillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil agus ar:

- (i) ionstraimí airgeadais ar mhéadaigh an riosca creidmheasa go suntasach ina leith ón tráth a tugadh aitheantas tosaigh dóibh, ach nach sócmhainní airgeadais ag a bhfuil fadhbanna creidmheasa iad;
 - (ii) sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu ar an dáta tuairiscithe (ach nach sócmhainní airgeadais ceannaithe nó tionscanta iad a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu); agus
 - (iii) suimeanna trádála infhaighte, sócmhainní conartha nó suimeanna léasa infhaighte dá dtomhaistear na lamhálaí chailleanais i gcomhréir le mír 5.5.15 de IFRS 9.
- (c) sócmhainní airgeadais ceannaithe nó tionscanta a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu iad.

Riosca leachtachta

72 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:

- (a) anailís aibíochta le haghaidh dliteanas airgeadais neamhdhíorthach (lena n-áirítear conarthaí ráthaíochta airgeadais arna n-eisiúint) a léiríonn na haibíochtaí conarthacha atá fágtha.
- (b) anailís aibíochta le haghaidh dliteanas airgeadais díorthacha. Áireofar leis an anailís aibíochta na haibíochtaí conarthacha a bheidh fágtha le haghaidh na ndliteanas airgeadais díorthach sin dá bhfuil aibíochtaí conarthacha fíor-riachtanach chun tuiscint a fháil ar uainiú na sreafaí airgid (féach mír B11B de IFRS 7).
- (c) tuairisc ar an gcaoi a mbainistíonn sé an riosca leachtachta ar cuid é de (a) agus (b).

Aistrithe sócmhainní airgeadais

73 Féadfaidh sócmhainní airgeadais aistrithe a bheith ag eintiteas ar bhealach a fhágfaidh nach gcáilítear cuid de na sócmhainní airgeadais aistrithe nó iad ar fad le haghaidh dí-aitheanta. Nochtfaidh an t-eintiteas, ar gach dáta tuairiscithe, maidir le gach aicme sócmhainní airgeadais aistrithe nach bhfuil dí-aitheanta ina n-iomláine, an méid seo a leanas:

- (a) cineál na sócmhainní aistrithe;
- (b) cineál na rioscaí agus luaíochtaí úinéireachta dá bhfuil an t-eintiteas neamhchosanta; agus
- (c) i gcás ina leanann an t-eintiteas de na sócmhainní aistrithe uile a aithint, suimeanna glanluacha na sócmhainní aistrithe agus na ndliteanas gaolmhar.

IFRS 12 *Nochtadh Leasanna in Eintitis Eile*

74 Le míreanna 5–6 de IFRS 12 *Nochtadh Leasanna in Eintitis Eile*, leagtar amach raon feidhme IFRS 12, mar atá, na leasanna in eintitis eile a bhfuil feidhm ag na ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 12 maidir leo. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, cuirfidh sé míreanna 5–6 de IFRS 12 i bhfeidhm chun raon feidhme na gceanglas maidir le nochtadh i míreanna 75–94 den Chaighdeán seo a chinneadh. Mar sin féin:

- (a) an tagairt i mír 5(b) de IFRS 12 do chomhshocruithe (is é sin, comhoibríochtaí nó comhfhiontair), léifidh an t-eintiteas í mar thagairt nach dtagraíonn ach do chomhfhiontair;
- (b) an frása ‘ach amháin mar a thuairiscítear i mír B17’ i mír 5A de IFRS 12, léifear é mar ‘ach amháin le haghaidh na nochtaí a cheanglaítear le mír 89 den Chaighdeán seo’;
- (c) an tagairt i mír 6(b)(i) de IFRS 12 do na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 24–31 de IFRS 12, léifear í mar thagairt do mhíreanna 92–94 den Chaighdeán seo; agus
- (d) an tagairt i mír 6(b)(ii) de IFRS 12 don ‘IFRS seo’, léifear í mar thagairt do mhíreanna 82–94 den Chaighdeán seo.

75 Nochtfaidh eintiteas faisnéis ar leithligh le haghaidh leasanna sna nithe seo a leanas:

- (a) fochuideachtaí;
- (b) comhfhiontair;
- (c) gnólachtaí comhlachaithe; agus
- (d) eintitis struchtúrtha neamh-chomhdhlúite.

Leasanna i bhfochuideachtaí

- 76 I gcás ina mbeidh ráitis airgeadais fochuideachta a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais comhdhlúite amhail ar dháta nó ar feadh tréimhse atá éagsúil ó dháta nó ó thréimhse na ráiteas airgeadais comhdhlúite (féach míreanna B92–B93 de IFRS 10), nochtfaidh eintiteas dáta dheireadh thréimhse tuairiscithe ráitis airgeadais na fochuideachta sin.
- 77 Nochtfaidh eintiteas srianta suntasacha (mar shampla, srianta reachtúla, conarthacha agus rialála) ar a chumas na sócmhainní a rochtain nó a úsáid agus dliteanas an ghrúpa a shocrú, amhail:
- (a) iad siúd a chuireann srian ar chumas máthairchuideachta nó a fochuideachtaí airgead tirim nó sócmhainní eile a aistriú chuig eintitis eile laistigh den ghrúpa nó ó eintitis eile laistigh den ghrúpa; agus
 - (b) ráthaíochtaí nó ceanglais eile a d'fhéadfadh srian a chur le díbhinní agus dáiltí caipitil eile arna n-íoc, nó le hiasachtaí agus airleacain arna ndéanamh nó arna n-aisíoc le heintitis eile laistigh den ghrúpa (nó uathu).
- 78 Nochtfaidh eintiteas téarmaí aon socráithe chonarthaigh a lena bhféadfaí a cheangal ar an máthairchuideachta nó ar a fochuideachtaí tacaíocht airgeadais a sholáthar d'eintiteas struchtúrtha comhdhlúite, lena n-áirítear teagmhais nó imthosca a d'fhéadfadh an t-eintiteas tuairiscithe a nochtadh do chailiteanas (mar shampla, socrúithe leachtachta nó truícír rátála creidmheasa a bhaineann le hoibleagáidí sócmhainní an eintitis struchtúraithe a cheannach nó tacaíocht airgeadais a sholáthar).
- 79 Más rud é, le linn na tréimhse tuairiscithe, gur chuir máthairchuideachta nó aon cheann dá fochuideachtaí, gan oibleagáid chonarthaigh a bheith orthu déanamh amhlaidh, tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile ar fáil d'eintiteas struchtúrtha comhdhlúite (mar shampla, ceannach sócmhainní nó ionstraimí arna n-eisiúint ag an eintiteas struchtúrtha), nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) cineál agus méid na tacaíochta a soláthraíodh, lena n-áirítear cásanna inar chabhraigh an mháthairchuideachta nó a fochuideachtaí leis an eintiteas struchtúrtha tacaíocht airgeadais a fháil; agus
 - (b) na cúiseanna leis an tacaíocht a chur ar fáil.
- 80 Nochtfaidh eintiteas aon intinn reatha tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile a sholáthar d'eintiteas struchtúrtha comhdhlúite, lena n-áirítear rúin chun cabhrú leis an eintiteas struchtúrtha tacaíocht airgeadais a fháil.
- 81 Nochtfaidh eintiteas an gnóthachan nó an cailiteanas, más ann dó, arna ríomh i gcomhréir le mír 25 de IFRS 10, agus:
- (a) an chuid den ghnóthachan nó den cailiteanas sin is inchurtha i leith tomhas a dhéanamh ar aon infheistíocht a coinníodh san iarfhochuideachta ar a cóirluach ar an dáta a chailltear an rialú; agus
 - (b) an ítim líne/na hítimí líne mar bhrabús nó mar cailiteanas ina n-aithnítear an gnóthachan nó an cailiteanas (mura gcuirtear i láthair ar leithligh í/iad).

Stádas eintiteas infheistíochta

- 82 I gcás ina gcinntíodh máthairchuideachta gur eintiteas infheistíochta í i gcomhréir le mír 27 de IFRS 10 agus nach bhfuil ceann amháin nó níos mó de ghnáth-shaintréithe eintitis infheistíochta aici (féach mír 28 de IFRS 10), nochtfaidh sí na cúiseanna atá aici lena chinneadh gur eintiteas infheistíochta í mar sin féin.
- 83 Nuair a thíocfaidh eintiteas chun bheith ina eintiteas infheistíochta, nó nuair a scoirfidh sé de bheith ina eintiteas infheistíochta, nochtfaidh sé an t-athrú ar stádas eintitis infheistíochta agus na cúiseanna leis an athrú. Ina theannta sin, nochtfaidh eintiteas a thagann chun bheith ina eintiteas infheistíochta éifeacht an athraithe stádais ar na ráitis airgeadais don tréimhse a chuirtear i láthair, lena n-áirítear:
- (a) cóirluach iomlán, ó dháta an athraithe stádais, na bhfochuideachtaí nach bhfuil á gcomhdhlúthú a thuilleadh;
 - (b) an gnóthachan iomlán nó an cailiteanas iomlán, más ann dó, arna ríomh i gcomhréir le mír B101 de IFRS 10; agus
 - (c) an ítim líne/na hítimí líne mar bhrabús nó mar cailiteanas ina n-aithnítear an gnóthachan nó an cailiteanas (mura gcuirtear i láthair ar leithligh í/iad).

Leasanna i bhfochuideachtaí neamh-chomhdhlúite (eintiteas infheistíochta)

- 84 Maidir le heintiteas infheistíochta a gceanglaítear air, i gcomhréir le IFRS 10, an eisceacht a chur i bhfeidhm maidir le comhdhlúthú agus, ina ionad sin, cuntas a choinneáil ar a infheistíocht i bhfochuideachta ar cóirluach trí bhrabús nó trí chaillteanas, nochtfaidh sé an méid sin.
- 85 Nochtfaidh eintiteas infheistíochta an méid seo a leanas:
- (a) cineál agus méid aon sriain shuntasaigh (mar shampla, mar thoradh ar shocruithe iasachtaíochta, ceanglais rialála nó socruithe conarthacha) ar chumas fochuideachta neamh-chomhdhlúite cistí a aistriú chuig an eintiteas infheistíochta i bhfoirm díbhinní airgid nó iasachtaí nó airleacain a thug an t-eintiteas infheistíochta don fhochuideachta neamh-chomhdhlúite a aisíoc; agus
 - (b) aon ghealltanais reatha nó aon rún chun tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile a sholáthar d'fhochuideachta neamh-chomhdhlúite, lena n-áirítear gealltanais nó rún chun cabhrú leis an bhfochuideachta tacaíocht airgeadais a fháil.
- 86 Más rud é, le linn na tréimhse tuairiscithe, go ndearna eintiteas infheistíochta nó aon cheann dá fhochuideachtaí, gan oibleagáid chonarthach a bheith orthu déanamh amhlaidh, tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile a sholáthar d'fhochuideachta neamh-chomhdhlúite (mar shampla, sócmhainní de chuid na fochuideachta nó ionstraimí arna n-eisiúint ag an bhfochuideachta a cheannach nó cabhrú leis an bhfochuideachta tacaíocht airgeadais a fháil), nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) cineál agus méid na tacaíochta a sholáthraítear do gach fochuideachta neamh-chomhdhlúite; agus
 - (b) na cúiseanna leis an tacaíocht a chur ar fáil.
- 87 Nochtfaidh eintiteas infheistíochta téarmaí aon socraithe chonarthaigh lena bhféadfaí a cheangal ar an eintiteas nó ar a fhochuideachtaí neamh-chomhdhlúite tacaíocht airgeadais a sholáthar d'eintiteas neamh-chomhdhlúite, rialaithe, struchtúrtha, lena n-áirítear teagmhais nó imthosca a d'fhéadfadh an t-eintiteas tuairiscithe a nochtadh do chaillteanas (mar shampla, socruithe leachtachta nó truícir rátála creidmheasa a bhaineann le hoibleagáidí sócmhainní an eintitis struchtúraithe a cheannach nó tacaíocht airgeadais a sholáthar).

Leasanna i gcomhfhiontair agus in eintitis chomhlachaithe

- 88 Nochtfaidh eintiteas, maidir le gach comhfhiontar agus eintiteas comhlachaithe atá ábhartha don eintiteas tuairiscithe, an méid seo a leanas:
- (a) cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an infheistíocht sa chomhfhiontar nó san eintiteas comhlachaithe a thomhas agus úsáid á baint as an modh cothromais nó ar luach cóir; agus
 - (b) má choinnítear cuntas ar an gcomhfhiontar nó ar an eintiteas comhlachaithe as modh an chothromais a úsáid, cóirluach a infheistíochta sa chomhfhiontar nó san eintiteas comhlachaithe, má tá praghas margaidh luaite ar an infheistíocht.
- 89 Nochtfaidh eintiteas, i bhfoirm chomhiomlán, suim ghlanluacha a leasanna i ngach comhfhiontar nó eintiteas comhlachaithe a chuirtear san áireamh agus modh an chothromais á úsáid. Déanfaidh eintiteas méid comhlán a sciar sna 'comhfhiontair' nó sna 'heintitis chomhlachaithe' sin a nochtadh ar leithligh freisin:
- (a) brabús nó caillteanas ó oibríochtaí leanúnacha; agus
 - (b) brabús nó caillteanas iarchánach ó oibríochtaí scortha.
- 90 Ní gá d'eintiteas infheistíochta na nochtáí a cheanglaítear le míreanna 88–89 a sholáthar.
- 91 Nochtfaidh eintiteas an méid iomlán gealltanais atá déanta aige ach nach bhfuil aitheanta ar an dáta maidir le tuairisciú (lena n-áirítear an sciar gealltanais atá déanta aige i gcomhpháirt le hinfeisteoirí eile a bhfuil comhrialú acu ar chomhfhiontar) a bhaineann lena leasanna i gcomhfhiontair. D'fhéadfadh na gealltanais a bheith ina gcúis le heis-sreabhadh airgid nó acmhainní eile amach anseo.

Leasanna in eintitis struchtúrtha neamh-chomhdhlúite

- 92 Más rud é, le linn na tréimhse tuairiscithe, gur sholáthair eintiteas, gan oibleagáid chonarthach a bheith air, tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile d'eintiteas struchtúrtha neamh-chomhdhlúite ina raibh leas aige roimhe sin nó ina bhfuil leas aige faoi láthair (mar shampla, sócmhainní nó ionstraimí arna n-eisiúint ag an eintiteas struchtúrtha a cheannach), nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) cineál agus méid na tacaíochta a soláthraíodh, lena n-áirítear cásanna inar chabhraigh an t-eintiteas leis an eintiteas struchtúrtha tacaíocht airgeadais a fháil; agus
 - (b) na cúiseanna leis an tacaíocht a chur ar fáil.

- 93 Nochtfaidh eintiteas aon rún reatha chun tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile a sholáthar d'eintiteas struchtúrtha neamh-chomhdhlúite, lena n-áirítear rún chun cabhrú leis an eintiteas struchtúrtha tacaíocht airgeadais a fháil.
- 94 Ní gá d'eintiteas infheistíochta na nochtaí a cheanglaítear le míreanna 92–93 a sholáthar d'eintiteas struchtúrtha neamh-chomhdhlúite a rialaíonn sé agus a gcuireann sé na nochtaí a cheanglaítear le míreanna 84–87 i láthair ina leith.

IFRS 13 *Tomhas ar Luach Cóir*

- 95 Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach aicme sócmhainní agus dliteanas (féach mír 94 de IFRS 13 le haghaidh faisnéis faoi aicmí iomchuí sócmhainní agus dliteanas) arna dtomhas ar luach cóir (lena n-áirítear tomhais arna mbunú ar luach cóir faoi raon feidhme IFRS 13) sa ráiteas ar an staid airgeadais i ndiaidh aitheantais tosaigh:
- (a) maidir le tomhais athfhillteacha agus neamh-athfhillteacha ar luach cóir, an tomhas ar luach chóir ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;
 - (b) maidir le tomhais athfhillteacha agus neamh-athfhillteacha ar luach cóir, leibhéal an ordlathais luacha chóir ar laistigh de a dhéantar na tomhais ar luach cóir a chatagóiriú ina n-iomláine (Leibhéal 1, 2 nó 3);
 - (c) maidir le tomhais athfhillteacha agus neamh-athfhillteacha ar luach cóir arna gcatagóiriú laistigh de Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir, tuairisc ar an teicníc luachála (ar na teicnící luachála) agus ar na hionchuir a úsáidtear sa tomhas ar luach cóir; agus
 - (d) maidir le tomhais ar luach cóir arna gcatagóiriú laistigh de Leibhéal 3 den ordlathas luacha chóir:
 - (i) gnóthachain nó caillteanais iomlána le haghaidh na tréimhse a aithnítear i mbrabús nó caillteanas, agus an ítim líne (na hítimí líne) i mbrabús nó caillteanas ina n-aithnítear na gnóthachain nó caillteanais sin; agus
 - (ii) gnóthachain agus caillteanais iomlána don tréimhse a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile, agus an ítim líne (na hítimí líne) in ioncam cuimsitheach eile ina n-aithnítear na gnóthachain nó caillteanais sin.
- 96 Má dhéanann eintiteas cinneadh maidir le beartas cuntasaióchta chun an eisceacht i mír 48 de IFRS 13 a úsáid, nochtfaidh sé an méid sin.
- 97 Cuirfidh eintiteas na nochtaí cainníochtúla a cheanglaítear le mír 95 i láthair i dtábla mura mbeidh formáid eile níos iomchuí.
- [...]

IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí*

Conarthaí le custaiméirí

Dí-chomhiomlánú ioncaim

- 103 Déanfaidh eintiteas dí-chomhiomlánú ar ioncam arna aithint ó chonarthaí le custaiméirí i gcatagóirí lena léirítear conas a dhéanann fachtóirí eacnamaíocha difear do chineál, méid, uainiú agus éiginnteacht sreafa ioncaim agus sreafa airgid. Áirítear iad seo a leanas ar fad ar na samplaí de chatagóirí a d'fhéadfadh a bheith iomchuí:
- (a) an cineál earra nó seirbhíse (mórlínte táirgí, mar shampla);
 - (b) an réigiún geografach (tír nó réigiún, mar shampla);
 - (c) an margadh nó an cineál custaiméara (custaiméirí rialtais agus neamhrialtais, mar shampla);
 - (d) an cineál conartha (conarthaí ar phraghas seasta agus conarthaí ama agus ábhair, mar shampla);
 - (e) fad conartha (conarthaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, mar shampla);
 - (f) uainiú aistriú na n-earraí nó seirbhísí (ioncam ó earraí nó seirbhísí arna n-aistriú chuig custaiméirí ag tráth ar leith agus ioncam ó earraí nó seirbhísí arna n-aistriú le himeacht ama, mar shampla); agus
 - (g) bealaí díolachán (earraí a dhíoltar go díreach le tomhaltóirí agus earraí a dhíoltar idir idirghabhálaithe, mar shampla).

- 104 Ina theannta sin, nochtfaidh eintiteas faisnéis leordhóthanach chun é chur ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an ngaolmhaireacht idir nochtadh ioncaim dí-chomhiomlánaithe (i gcomhréir le mír 103) agus faisnéis ioncaim a nochtar maidir le gach deighleog intuarascála, má chuireann an t-eintiteas IFRS 8 i bhfeidhm.

Iarmhéideanna conartha

- 105 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) iarmhéideanna tosaigh agus iarmhéideanna deiridh suimeanna infhaighte, sócmhainní conartha agus dliteanas conartha ó chonarthaí le custaiméirí, mura gcuirtear i láthair nó mura nochtar ar leithligh iad ar shlí eile;
 - (b) ioncam a aithníodh sa tréimhse thuairiscithe a cuireadh san áireamh san iarmhéid dliteanas conartha ag tús na tréimhse; agus
 - (c) ioncam arna aithint sa tréimhse thuairiscithe ó oibleagáidí feidhmíochta a comhlíonadh (nó a comhlíonadh go páirteach) i dtréimhsí roimhe seo (athruithe ar an bpraghas idirbhirt, mar shampla).

Caillteanas lagaithe

- 106 Seachas i gcás ina gcuirtear i láthair ar leithligh iad sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach i gcomhréir le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS eile, nochtfaidh eintiteas aon chaillteanas lagaithe a aithnítear le haghaidh na tréimhse tuairiscithe (i gcomhréir le IFRS 9) ó aon infháltas nó ó shócmhainní conartha a eascraíonn as conarthaí eintitis le custaiméirí, rud a nochtfaidh an t-eintiteas ar leithligh ó aon chaillteanas lagaithe ó chonarthaí eile.

Oibleagáidí feidhmíochta

- 107 Nochtfaidh eintiteas faisnéis maidir lena oibleagáidí feidhmíochta i gconarthaí le custaiméirí, lena n-áirítear tuairisc ar na nithe seo a leanas:
- (a) i gcás ina gcomhlíonann an t-eintiteas a oibleagáidí feidhmíochta de ghnáth (ar loingsiú, ar sheachadadh, de réir mar a sholáthraítear seirbhísí nó ar thabhairt i gcrích seirbhíse, mar shampla), lena n-áirítear nuair a chomhlíontar oibleagáidí feidhmíochta i socrú billeáil agus coinnigh;
 - (b) na téarmaí íocaíochta suntasacha (nuair a bhíonn íocaíocht dlite de ghnáth, mar shampla, cé acu atá nó nach bhfuil comhpháirt maoiniúcháin shuntasach ag an gconradh, cé acu atá nó nach bhfuil méid na comaoine athraitheach agus cé acu atá nó nach bhfuil an meastachán ar chomaoin athraitheach srianta de ghnáth i gcomhréir le míreanna 56–58 de IFRS 15 *Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí*);
 - (c) oibleagáidí maidir le nithe a fhaightear ar ais, aisíocaíochtaí agus oibleagáidí comhchosúla eile; agus
 - (d) cineálacha barántaí agus oibleagáidí gaolmhara.

Praghas idirbhirt a leithdháiltear ar na hoibleagáidí feidhmíochta atá fágtha

- 108 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) méid comhiomlán an phraghais idirbhirt a leithdháiltear ar fheidhmiú oibleagáidí nár comhlíonadh (nó a comhlíonadh go páirteach) ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe; agus
 - (b) míniú ar cathain atá coinne ag an eintiteas leis an méid arna nochtadh i gcomhréir le (a) a aithint mar ioncam, rud a nochtfaidh an t-eintiteas ar cheachtar de na bealaí seo a leanas:
 - (i) ar bhonn cainníochtúil ag úsáid na mbandaí ama ab oiriúnaí le haghaidh fhad na n-oibleagáidí feidhmíochta atá fágtha; nó
 - (ii) trí fhaisnéis cháilíochtúil a úsáid.
- 109 Mar bheart praiticiúil, ní gá d'eintiteas an fhaisnéis i mír 108 a nochtadh maidir le hoibleagáidí feidhmíochta má chomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) is cuid de chonradh í an oibleagáid feidhmíochta a bhfuil fad ionchais bunaidh 1 bhliain amháin nó níos lú ag gabháil léi; nó
 - (b) aithníonn an t-eintiteas ioncam ó chomhlíonadh na hoibleagáide feidhmíochta i gcomhréir le mír B16 de IFRS 15.

Breithiúnais shuntasacha maidir le cur i bhfeidhm IFRS 15

- 110 Nochtfaidh eintiteas na breithiúnais, agus na hathruithe ar na breithiúnais, arna ndéanamh chun IFRS 15 a chur i bhfeidhm, a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh don chinneadh maidir le méid agus uainiú an ioncaim ó chonarthaí le custaiméirí.

Uainiú chomhlíonadh na n-oibleagáidí feidhmíochta a chinneadh

- 111 I ndáil le hoibleagáidí feidhmíochta a chomhlíonann eintiteas le himeacht ama, nochtfaidh eintiteas na modhanna a úsáidtear chun ioncam a aithint (mar shampla, tuairisc ar na modhanna aschuir nó na modhanna ionchuir a úsáidtear agus conas a chuirtear na modhanna sin i bhfeidhm).

An praghas idirbhirt a chinneadh agus na méideanna arna leithdháileadh ar oibleagáidí feidhmíochta

- 112 Nochtfaidh eintiteas faisnéis faoi na modhanna, ionchuir agus toimhdí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil meastachán ar chomaoin athraitheach srianta.

Sócmhainní arna n-aithint ó na costais chun conradh le custaiméir a fháil nó a chomhlíonadh

- 113 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) iarmhéideanna deiridh sócmhainní arna n-aithint ó na costais a tabhaíodh chun conradh le custaiméir a fháil nó a chomhlíonadh (i gcomhréir le mír 91 nó 95 de IFRS 15), de réir príomhchatagóir sócmhainne (costais chun conarthaí le custaiméirí a fháil, costais réamhchonartha agus costais tionscanta, mar shampla); agus
 - (b) an méid amúchta agus aon chaillteanas lagaithe arna n-aithint sa tréimhse thuairiscithe.

Bearta praiticiúla

- 114 Má roghnaíonn eintiteas an beart praiticiúil i mír 63 de IFRS 15 (maidir le comhpháirt maoiniúcháin shuntasach a bheith ann) nó i mír 94 de IFRS 15 (maidir leis na costais incriminteacha a bhaineann le conradh a fháil), nochtfaidh eintiteas an méid sin.

IFRS 16 Léasanna

Léasaithe

- 115 Nochtfaidh léasaí na méideanna seo a leanas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe:
- (a) muirear dímhéasa le haghaidh sócmhainní lena ngabhann ceart úsáide de réir aicme na sócmhainne foluití.
 - (b) costais úis ar dhliteanais léasa.
 - (c) an costas a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha a áiríodh chun mír 6 de IFRS 16 *Léasanna* a chur i bhfeidhm. Ní gá an costas a bhaineann le léasanna ag a bhfuil téarma léasa aon mhí amháin nó níos lú a áireamh leis an gcostas sin.
 - (d) an costas a bhaineann le léasanna sócmhainní ar luach íseal a áiríodh agus mír 6 de IFRS 16 á cur i bhfeidhm. Ní áireofar sa chostas sin an costas a bhaineann le léasanna gearrthéarmacha sócmhainní ar luach íseal a áirítear i bpointe (c).
 - (e) an costas a bhaineann le híocaíochtaí léasa athraitheacha nach n-áirítear le tomhas na ndlíteanas léasa.
 - (f) eis-sreabhadh iomlán airgid le haghaidh léasanna.
 - (g) breiseanna ar shócmhainní lena ngabhann ceart úsáide.
 - (h) gnóthachain nó caillteanais a eascraíonn as idirbhearta um díol agus um aisléasú.
 - (i) suim ghlanluacha na sócmhainní lena ngabhann ceart úsáide ag deireadh na tréimhse tuairiscithe de réir aicme na sócmhainne foluití.

- 116 Nochtfaidh léasaí méid a oibleagáidí léasa le haghaidh léasanna gearrthéarmacha a áiríodh agus mír 6 de IFRS 16 á cur i bhfeidhm má tá punann na léasanna gearrthéarmacha dá bhfuil sí geallta ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ar neamhréir le punann na léasanna gearrthéarmacha lena mbaineann an costas a bhaineann le léas gearrthéarmach a nochtar agus mír 115(c) á cur i bhfeidhm.
- 117 Má chomhlíonann sócmhainní lena ngabhann ceart úsáide an sainmhíniú ar mhaoín infheistíochta, cuirfidh léasaí na ceanglais maidir le nochtadh in IAS 40 *Maoín Infheistíochta* i bhfeidhm. Sa chás sin, ní cheanglaítear ar léasaí na nochtaí i mír 115(a), 115(g) nó 115(i) a sholáthar le haghaidh na sócmhainní sin lena ngabhann ceart úsáide.
- 118 Má thomhaiseann léasaí sócmhainní lena ngabhann ceart úsáide ar mhéideanna athluacháilte agus IAS 16 á chur i bhfeidhm, nochtfaidh an léasaí an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 202 le haghaidh na sócmhainní sin lena ngabhann ceart úsáide.
- 119 Nochtfaidh léasaí anailís aibíochta ar dhliteanais léasa trí mhír 72 a chur i bhfeidhm agus nochtfaidh sé ar leithligh í ó na hanailísí aibíochta ar dhliteanais airgeadais eile.
- 120 Nochtfaidh léasaí faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) cineál ghníomhaíochtaí léasaithe an léasaí;
 - (b) eis-sreafaí airgid todhchaí a bhféadfadh an léasaí a bheith neamhchosanta orthu agus nach léirítear i dtomhas na ndlíteanas léasa, lena n-áirítear neamhchosaint a eascraíonn as na nithe seo a leanas:
 - (i) íocaíochtaí léasa athraitheacha;
 - (ii) roghanna sínte agus roghanna foirceanta;
 - (iii) ráthaíochtaí luacha iarmharaigh; agus
 - (iv) léasanna nár cuireadh tús leo go fóill agus a bhfuil gealltanais tugtha ag an léasaí ina leith;
 - (c) srianta nó cúnaint a fhorchuirtear le léasanna; agus
 - (d) idirbhearta um díol agus um aisléasú.

Léasóirí

- 121 Nochtfaidh léasóir faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil maidir leis na nithe seo a leanas:
- (a) cineál ghníomhaíochtaí léasaithe an léasóra.
 - (b) an chaoi a mbainistíonn an léasóir an riosca a bhaineann le haon cheart a choimeádann sé i sócmhainní foluiteacha. Go háirithe, nochtfaidh léasóir a straitéis bainistithe riosca maidir leis na cearta a choimeádann sé i sócmhainní foluiteacha, lena n-áirítear aon mhodh trína laghdaíonn an léasóir an riosca sin. Féadfar a áireamh ar na modhanna sin, mar shampla, comhaontuithe aisceannaigh, ráthaíochtaí luacha iarmharaigh nó íocaíochtaí léasa athraitheigh lena n-úsáid os cionn teorainneacha sonraithe.

Léasanna airgeadais

- 122 Nochtfaidh léasóir an méid seo a leanas:
- (a) anailís aibíochta ar na híocaíochtaí léasa is infhaighte, ina léireofar na híocaíochtaí léasa neamhlascainithe atá le fáil:
 - (i) tráth nach déanaí ná bliain amháin ón dáta tuairiscithe;
 - (ii) tráth is déanaí ná bliain amháin agus suas le 5 bliana ón dáta tuairiscithe; agus
 - (iii) tráth is déanaí ná 5 bliana ón dáta tuairiscithe; agus
 - (b) réiteach idir na híocaíochtaí léasa neamhlascainithe agus an ghlaninfheistíocht sa léas. Sainithneofar sa réiteach an t-ioncam maoiniúcháin neamhthuillte a bhaineann leis na híocaíochtaí léasa is infhaighte agus aon luach iarmharach lascainithe gan ráthaíocht.
- 123 Nochtfaidh léasóir ioncam le haghaidh na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le híocaíochtaí léasa athraitheacha nach n-áirítear le tomhas na glaninfheistíochta sa léas é.

Léasanna oibriúcháin

- 124 Nochtfaidh léasóir anailís aibíochta ar íocaíochtaí léasa, ina léireofar na híocaíochtaí léasa neamhlascainithe atá le fáil:

- (a) tráth nach déanaí ná bliain amháin ón dáta tuairiscithe;
 - (b) tráth is déanaí ná bliain amháin agus suas le 5 bliana ón dáta tuairiscithe; agus
 - (c) tráth is déanaí ná 5 bliana ón dáta tuairiscithe.
- 125 Nochtfaidh léasóir ioncam le haghaidh na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le híocaíochtaí léasa athraitheacha nach mbraitheann ar innéacs ná ar ráta.
- 126 Cuirfidh léasóir na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 200–202, 250–256 agus 263–275 le haghaidh sócmhainní atá faoi réir léasanna oibriúcháin.

Ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 16 atá fós infheidhme

- 127 Cuirfidh léasaí na ceanglais maidir le nochtadh i mír 47 de IFRS 16 i bhfeidhm.

IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*

Sainithint na ráiteas airgeadais

- 128 Sainithneoidh eintiteas gach príomhráiteas airgeadais agus na nótaí go soiléir. Ina theannta sin, nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas go feiceálach, agus déanfaidh sé athrá nuair is gá chun go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear intuigthe:
- (a) ainm an eintitis tuairiscithe nó modh eile sainaitheantais, agus aon athrá ar an bhfaisnéis sin ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe roimhe sin;
 - (b) cibé acu is le heintiteas aonair nó le grúpa eintiteas iad na ráitis airgeadais;
 - (c) dáta dheireadh na tréimhse tuairiscithe nó na tréimhse a chumhdaítear leis na ráitis airgeadais;
 - (d) an t-airgeadra tuairiscithe, mar a shainmhínítear in IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*; agus
 - (e) an leibhéal slánaithe a úsáidtear le haghaidh na méideanna sna ráitis airgeadais (féach mír B11 de IFRS 18).

Athrá ar bheartas cuntasaíochta, athráiteas cúlghabhálach nó athaicmiú

- 129 Má athraíonn eintiteas cur i láthair, nochtadh nó aicmiú ítimí ina ráitis airgeadais, athaicmeoidh sé méideanna comparáideacha seachas i gcás ina bhfuil an t-athaicmiú dofheidhmithe. Nuair a athaicmíonn eintiteas méideanna comparáideacha, nochtfaidh sé na nithe a leanas (lena n-áirítear ag tús na tréimhse roimhe sin):
- (a) cineál an athaicmithe;
 - (b) méid gach ítime nó gach aicme ítimí a athaicmítear; agus
 - (c) an chúis atá leis an athaicmiú.
- 130 Nuair atá sé dofheidhmithe méideanna comparáideacha a athaicmiú, nochtfaidh eintiteas na nithe a leanas:
- (a) an chúis nach n-athaicmítear na méideanna; agus
 - (b) cineál na gcoigeartuithe a dhéanfaí dá n-athaicmeofaí na méideanna.
- 131 I gcás ina gceanglaítear ar eintiteas an tríú ráiteas staide airgeadais a chur i láthair agus mír 37 de IFRS 18 á cur i bhfeidhm aige, nochtfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 129–130, 178–181 agus 186. Ní gá dó, áfach, na nótaí gaolmhara a ghabhann leis an ráiteas tosaigh maidir le staid airgeadais ag tús na tréimhse roimhe sin a chur ar fáil.

Ráiteas brabúis nó caillteanais

Eintitis a bhfuil príomhghníomhaíochtaí gnó sonraithe acu

- 132 Más rud é, maidir leis an eintiteas:
- (a) go n-infheistíonn sé i sócmhainní mar phríomhghníomhaíocht ghnó, nochtfaidh sé an méid sin.
 - (b) go soláthraíonn sé maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó, nochtfaidh sé an méid sin.

- (c) go sainaithníonn sé toradh difriúil óna mheasúnú ar cé acu a infheistíonn nó nach n-infheistíonn sé i sócmhainní nó a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn sé maoiniú do chustaiméirí mar phríomhghníomhaíocht ghnó (féach mír B41 de IFRS 18), nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (i) go bhfuil athrú tagtha ar thoradh an mheasúnaithe agus dáta an athraithe.
 - (ii) méid agus aicmiú na n-ítimí ioncaim agus costais roimh dháta an athraithe ar thoradh an mheasúnaithe sa tréimhse reatha agus ina dhiaidh sin agus méid agus aicmiú na n-ítimí sa tréimhse roimhe sin le haghaidh na n-ítimí a bhfuil athrú tagtha ar an aicmiú ina leith mar gheall ar thoradh athraithe an mheasúnaithe, ach amháin murar féidir é sin a dhéanamh. Mura nochtann eintiteas an fhaisnéis toisc go bhfuil sé dodhéanta é sin a dhéanamh, nochtfaidh an t-eintiteas an méid sin.

Costais a aicmítear sa chatagóir oibriúcháin a chur i láthair agus a nochtadh

- 133 An t-eintiteas a chuireann ítim líne amháin nó níos mó i láthair lena gcuimsítear costais arna n-aicmiú de réir feidhme i gcatagóir oibriúcháin an ráitis brabúis nó caillteanais, nochtfaidh sé freisin an méid seo a leanas i nóta aonair:
- (a) an t-iomlán le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas:
 - (i) dímhéas, lena gcuimsítear na méideanna a cheanglaítear a nochtadh le míreanna 115(a), 200(e)(vii) agus 271(d)(iv);
 - (ii) amúchadh, lena gcuimsítear na méideanna a cheanglaítear a nochtadh le mír 263(e)(vi);
 - (iii) sochair fostaithe, lena gcuimsítear an méid le haghaidh sochair fostaithe arna n-aithint ag eintiteas a chuireann IAS 19 *Sochair Fostaithe* i bhfeidhm agus an méid le haghaidh seirbhísí arna bhfaíl ó fhóistaithe arna n-aithint ag eintiteas a chuireann IFRS 2 *Iocaíocht Scairbhunaithe* i bhfeidhm;
 - (iv) caillteanais lagaithe agus cealuithe caillteanais lagaithe, lena gcuimsítear na méideanna a cheanglaítear a nochtadh le mír 250(a)–(b); agus
 - (v) díluachálacha agus cealuithe díluachálacha fardal, lena gcuimsítear na méideanna a cheanglaítear a nochtadh le mír 164(d)–(e); agus
 - (b) maidir le gach iomlán a liostaítear in (a)(i)–(v):
 - (i) an méid a bhaineann le gach ítim líne sa chatagóir oibriúcháin (féach mír 136); agus
 - (ii) liosta d’aon ítim líne lasmuigh den chatagóir oibriúcháin lena n-áirítear méideanna a bhaineann leis an iomlán freisin.
- 134 Ceanglaítear le mír 41 de IFRS 18 ar eintiteas ítimí a dhí-chomhiomlánú chun faisnéis ábhartha a sholáthar. Mar sin féin, tá eintiteas a chuireann mír 133 i bhfeidhm díolmhaíthe ón méid seo a leanas a nochtadh:
- (a) i ndáil le ítimí líne feidhme a chuirtear i láthair i gcatagóir oibriúcháin an ráitis brabúis nó caillteanais — faisnéis dhí-chomhiomlánaithe faoi mhéideanna na gcostas cineáil a áirítear le gach ítim líne, thar na méideanna a shonraítear i mír 133; agus
 - (b) i ndáil le costais cineáil a cheanglaítear go sonrach le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS a nochtadh sna nótaí — faisnéis dhí-chomhiomlánaithe faoi mhéideanna na gcostas a áirítear le gach ítim líne feidhme a chuirtear i láthair i gcatagóir oibriúcháin an ráitis brabúis nó caillteanais, thar na méideanna a shonraítear i mír 133.
- 135 Baineann an díolúine i mír 134 le dí-chomhiomlánú costas oibriúcháin. Mar sin féin, ní dhíolmhaítear leis eintiteas ó cheanglais shonracha maidir le nochtadh a bhaineann leis na costais sin a chur i bhfeidhm sa Chaighdeán seo.

Saintréithe an chineáil agus na feidhme a úsáid

- 136 Cuirfidh eintiteas costais i láthair de réir cineáil, nó nochtfaidh sé roinnt costas de réir cineáil trí mhír 133 a chur i bhfeidhm. Ní gá gurb iad na méideanna a aithnítear mar chostas sa tréimhse na méideanna a chuirtear i láthair nó a nochtar. D’fhéadfaí a áireamh leo méideanna a aithníodh mar chuid de shuim ghlanluacha sócmhainne. Más rud é, maidir leis an eintiteas:
- (a) go ndéanann sé méideanna a chur i láthair nach iad na méideanna a aithnítear mar chostas sa tréimhse iad, cuirfidh sé ítim líne bhreise i láthair freisin le haghaidh an athraithe ar shuim ghlanluacha na sócmhainní dá ndéantar difear. Mar shampla, agus mír 39 de IAS 2 *Fardail* a cur i

bhfeidhm, d'fhéadfadh eintiteas ítim líne a chur i láthair le haghaidh athruithe ar fhardail earraí críochnaithe agus obair idir lámha.

- (b) agus mír 133(b) á cur i bhfeidhm aige, méideanna a nochtadh nach iad na méideanna a aithnítear mar chostas sa tréimhse, tabharfaidh an t-eintiteas míniú cáilíochtúil ar an gcúis leis sin, lena sainaithneofar na sócmhainní lena mbaineann.

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ceart chun socraíocht a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad

- 137 Agus míreanna 101-102 agus B96-B103 de IFRS 18 á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh eintiteas dlíteanais a eascraíonn as socrúithe iasachta a aicmiú mar dhlíteanais neamhreacha i gcás ina bhfuil ceart an eintitis chun socraíocht na ndlíteanais sin a chur siar faoi réir cúnaight a bheith á gcomhlíonadh ag an eintiteas laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach mír B100(b) de IFRS 18). Sna cásanna sin, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis sna nótaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an riosca go bhféadfadh na dlíteanais a bheith inaisíoctha laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear:

- (a) faisnéis faoi na cúnaight (lena n-áirítear cineál na gcúnait ag an tráth a cheanglaítear ar an eintiteas iad a chomhlíonadh) agus suim ghlanluacha na ndlíteanais gaolmhar.
- (b) fíorais agus imthosca, más ann dóibh, a léiríonn go bhféadfadh deacracht a bheith ag an eintiteas na cúnaight a chomhlíonadh — mar shampla, an t-eintiteas a ghníomhaigh le linn na tréimhse tuairiscithe nó ina dhiaidh chun sárú féideartha a sheachaint nó a mhaolú. D'fhéadfaí a áireamh freisin sna fíorais agus sna himthosca sin nach gcomhlíonadh an t-eintiteas na cúnaight dá ndéanfaí measúnú orthu lena gcomhlíonadh bunaithe ar imthosca an eintitis ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Ráiteas ar athruithe sa chothromas

- 138 Cuirfidh eintiteas i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó nochtfaidh sé sna nótaí an méid díbhinní a aithnítear mar dháileacháin ar úinéirí le linn na tréimhse tuairiscithe, agus an méid gaolmhar díbhinní in aghaidh na scaire.

Nótaí

Struchtúr

- 139 Nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas sna nótaí:
- (a) faisnéis faoin mbunús atá le hullmhú na ráiteas airgeadais (féach míreanna 20 agus 173–175) agus na beartaí chuntasaíochta shonracha a úsáideadh (féach míreanna 176–177);
- (b) faisnéis a cheanglaítear leis an gCaighdeán seo nach gcuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais; agus
- (c) faisnéis eile nach gcuirtear i láthair sna príomhráitis airgeadais, ach is gá chun aon cheann acu a thuiscint (féach mír 20 de IFRS 18).
- 140 Cuirfidh eintiteas nótaí i láthair ar bhealach córasach, a mhéid is infheidhmithe (féach mír B112 de IFRS 18). Agus bealach córasach á chinneadh, breithneoidh an t-eintiteas an iarmhairt ar shothuigtheacht agus inchomparáideacht a ráiteas airgeadais. Déanfaidh an t-eintiteas crostagairt idir gach ítim sna príomhráitis airgeadais agus aon fhaisnéis ghaolmhar sna nótaí. Má áirítear méideanna a nochtar leis na nótaí in ítim líne amháin nó níos mó sna príomhráitis airgeadais, nochtfaidh an t-eintiteas sa nóta an ítim líne nó na hítimí líne ina n-áirítear na méideanna.
- 141 Mura nochtar in áit éigin eile iad i bhfaisnéis a fhoilsítear in éineacht leis na ráitis airgeadais, nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas sna nótaí:
- (a) sainchónaí agus foirm dhlíthiúil an eintitis, tír a ionchorpraithe agus seoladh a oifige cláraithe (nó a phríomháite gnó i gcás nach ionann sin agus an oifig chláráithe); agus
- (b) tuairisc ar chineál oibriochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí an eintitis.

Tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe

- 142 Is é is cuspóir do na nochtaí le haghaidh tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe go soláthróidh an t-eintiteas faisnéis chun cuidiú le húsáideoir ráiteas airgeadais an méid seo a leanas a thuiscint:
- (a) gné na feidhmíochta airgeadais a chuirtear in iúl, dar leis an lucht bainistíochta, le tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe; agus
 - (b) an chaoi a gcuirtear an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe i gcomparáid leis na tomhais a shainítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS.
- 143 Nochtfaidh eintiteas faisnéis faoi na tomhais uile a chomhlíonann an sainmhíniú ar thomhais feidhmíochta arna sainiú ag an mbainistíocht i mír 117 de IFRS 18 i nóta aonair (féach mír 147). Áireofar leis an nóta sin ráiteas go soláthraíonn na tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe dearcadh an lucht bainistíochta ar ghné d'fheidhmíocht airgeadais an eintitis ina iomláine agus nach gá go bhfuil siad inchomparáide le tomhais ar a dtugtar lipéid nó tuairiscí comhchosúla arna soláthar ag eintitis eile.
- 144 Déanfaidh eintiteas gach tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe a lipéadú agus a thuairisciú ar bhealach soiléir agus intuigthe nach gcuirfidh úsáideoirí ráiteas airgeadais ar míthreoir (féach míreanna 148-149). Maidir le gach tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) tuairisc ar an ggné feidhmíochta airgeadais a chuirtear in iúl, dar leis an lucht bainistíochta, leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe. Áireofar leis an tuairisc sin mínithe ar an bhfáth, dar leis an lucht bainistíochta, go soláthraítear leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe faisnéis úsáideach maidir le feidhmíocht airgeadais an eintitis.
 - (b) an chaoi a ríomhtar an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe.
 - (c) réiteach idir an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe agus an fo-iomlán is inchomparáide go díreach a liostaítear i mír 118 de IFRS 18, nó iomlán nó fo-iomlán a cheanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS (féach míreanna 150-154).
 - (d) an éifeacht cánach ioncaim (a chinntear trí mhír 155 a chur i bhfeidhm) agus an éifeacht ar leasanna neamh-urlámhais maidir le gach ítim a nochtar sa réiteach a cheanglaítear le (c).
 - (e) tuairisc ar an gcaoi a gcuireann an t-eintiteas mír 155 i bhfeidhm chun an éifeacht cánach ioncaim a cheanglaítear le (d) a chinneadh.
- 145 Má athraíonn eintiteas an chaoi a ríomhann sé tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, má chuireann sé tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe nua leis, má scoireann sé de thomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe a nochtadh roimhe sin a úsáid nó má athraíonn sé an chaoi a gcinneann sé éifeachtaí cánach ioncaim na n-ítimí réitigh a cheanglaítear le mír 144(d), nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) míniú lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an athrú, ar an mbreisiú nó ar an scor agus ar a éifeachtaí.
 - (b) na cúiseanna atá leis an athrú, leis an mbreisiú nó leis an scor.
 - (c) faisnéis chomparáideach athshonraithe chun an t-athrú, an breisiú nó an scor a léiriú ach amháin má tá sé dodhéanta é sin a dhéanamh. Ní rogha beartais cuntasaíochta é an t-eintiteas tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe a roghnú. Mar sin féin, agus measúnú á dhéanamh an bhfuil sé dodhéanta an fhaisnéis chomparáideach a athshonrú, cuirfidh eintiteas na ceanglais i míreanna 50-53 de IAS 8 i bhfeidhm.
- 146 Mura nochtann eintiteas an fhaisnéis chomparáideach athshonraithe a cheanglaítear le mír 145(c) toisc go bhfuil sé dodhéanta é sin a dhéanamh, nochtfaidh sé an méid sin.

Nóta aonair le haghaidh faisnéis faoi thomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe

- 147 Le mír 143 ceanglaítear ar eintiteas an fhaisnéis uile maidir le tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe a cheanglaítear le míreanna 142-146 a áireamh i nóta aonair. Má nochtann eintiteas faisnéis eile sa nóta sin freisin, déanfar an fhaisnéis sa nóta a lipéadú ar bhealach ina ndéantar idirdhealú soiléir idir an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 142-146 agus an fhaisnéis eile.

Ar bhealach soiléir intuigthe

- 148 Le mír 144 ceanglaítear ar eintiteas a thomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe a lipéadú agus tuairisc a thabhairt orthu ar bhealach soiléir intuigthe nach gcuireann úsáideoirí ráiteas airgeadais ar míthreoir. Chun tuairisc den sórt sin a sholáthar, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis a chuireann ar a chumas d'úsáideoir ráiteas

airgeadais tuiscint a fháil ar na hítimí ioncaim nó costais a áirítear leis an bhfo-iomlán agus a eisiatar uaidh. Dá bhrí sin, déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) an tomhas a lipéadú agus tuairisc a thabhairt air ar bhealach a léiríonn go dílis a shaintréithe i gcomhréir le mír 43 de IFRS 18 (féach mír 149); agus
- (b) faisnéis a sholáthar a bhaineann go sonrach le tomhais feidhmíochta bainistíocht-shainithe — is é sin:
 - (i) má ríomh an t-eintiteas an tomhas ar bhealach seachas trí úsáid a bhaint as na beartais chuntasaíochta a d'úsáid sé le haghaidh ítimí sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais, luafaidh an t-eintiteas an fíoras sin agus na ríomhanna a d'úsáid sé le haghaidh an tomhais; agus
 - (ii) má tá ríomh an tomhais, ina theannta sin, éagsúil le beartais chuntasaíochta a cheanglaítear nó a cheadaítear le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, luafaidh an t-eintiteas an fíoras breise sin agus, más gá, míneoidh sé brí na dtéarmaí a úsáideann sé (féach mír 149(b)).

149 Chun an tomhas a lipéadú agus tuairisc a thabhairt air ar bhealach a léiríonn a shaintréithe go dílis, déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) an tomhas a lipéadú ar bhealach a léiríonn saintréithe an fho-iomláin (mar shampla, gan an lipéad ‘brabús oibriúcháin roimh chostais neamh-athfhillteacha’ a úsáid ach amháin le haghaidh fo-iomlán lena n-eisiatar ó bhrabús oibriúcháin na costais uile arna sainathint ag an eintiteas mar chostais neamh-athfhillteacha); agus
- (b) míniú a thabhairt ar bhrí na dtéarmaí a úsáideann sé ina thuairiscí is gá chun gné na feidhmíochta airgeadais atá á cur in iúl a thuiscint (mar shampla, míniú a thabhairt ar an gcaoi a sainmhíníonn an t-eintiteas ‘costais neamh-athfhillteacha’).

Réiteach leis an iomlán nó leis an bhfo-iomlán is inchomparáide go díreach

150 Ceanglaítear le mír 144(c) ar eintiteas réiteach a dhéanamh idir gach tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe agus an fo-iomlán is inchomparáide go díreach a liostaítear i mír 118 de IFRS 18 nó an t-iomlán nó an fo-iomlán a cheanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS. Mar shampla, déanfaidh eintiteas a nochtann sna nótaí tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe ar bhrabús nó caillteanas oibriúcháin coigeartaithe an tomhas sin a réiteach le brabús nó caillteanas oibriúcháin. Agus na hítimí réitigh a nochtar á gcomhiomlánú nó á ndí-chomhiomlánú, cuirfidh eintiteas na ceanglais i míreanna 41-43 de IFRS 18 i bhfeidhm.

151 Maidir le gach ítim réitigh, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) an méid/na méideanna a bhaineann le gach ítim líne sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais; agus
- (b) tuairisc ar an gcaoi a ríomhtar an ítim agus a rannchuidíonn sí leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, agus faisnéis úsáideach (féach míreanna 152–154) á soláthar más gá chun an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 144(a) agus 144(b) a sholáthar.

152 Teastaíonn an tuairisc a cheanglaítear le mír 151(b) i gcás ina bhfuil níos mó ná ítim réitigh amháin ann agus ina ríomhtar gach ítim trí mhodh difriúil a úsáid nó ina rannchuidíonn sí le faisnéis úsáideach a sholáthar ar bhealach difriúil. Mar shampla, d’fhéadfadh eintiteas roinnt ítimí costais a eisiadh ó thomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, roinnt acu toisc gur sainathníodh nach raibh siad faoi rialú an lucht bainistíochta agus roinnt eile toisc gur sainathníodh iad mar ítimí neamh-athfhillteacha. I gcásanna den sórt sin, cheanglófaí nochtadh maidir le cé na hítimí lena rannchuidíodh leis an gcineál coigeartaithe ar leith chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a soláthraítear faisnéis úsáideach leis an tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe.

153 D’fhéadfadh feidhm a bheith ag míniú aonair maidir le níos mó ná hítim amháin nó d’fhéadfadh feidhm a bheith aige maidir le gach ítim réitigh go comhchoiteann. D’fhéadfadh an t-eintiteas roinnt ítimí ioncaim nó costais a eisiadh, mar shampla, agus tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe á ríomh bunaithe ar chur i bhfeidhm eintiteas-sonrach de ‘neamh-athfhillteach’. I gcás den sórt sin, d’fhéadfadh míniú aonair lena n-áirítear sainmhíniú an eintitis ar ‘neamh-athfhillteach’ a bhfuil feidhm aige maidir le gach ítim réitigh an ceanglas i mír 151(b) a chomhlíonadh.

154 Agus mír 144(c) á cur i bhfeidhm, cheadaítear d’eintiteas tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe a réiteach le hiomlán nó le fo-iomlán nach gcuirtear i láthair sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais. I gcásanna den sórt sin, maidir le heintiteas:

- (a) déanfaidh sé an t-iomlán nó an fo-iomlán sin a réiteach leis an iomlán nó leis an bhfo-iomlán is inchomparáide go díreach a chuirtear i láthair sa ráiteas/sna ráitis ar fheidhmíocht airgeadais; agus
- (b) ní cheanglaítear air an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 144(d) agus 144(e) le haghaidh an réitigh in (a) a nochtadh.

Éifeacht cánach ioncaim maidir le gach ítim a nochtar sa réiteach

- 155 Ceanglaítear ar eintiteas le mír 144(d) an éifeacht cánach ioncaim a nochtadh maidir le gach ítim a nochtar sa réiteach idir tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe agus an fo-iomlán is inchomparáide go díreach a liostaítear i mír 118 de IFRS 18 nó an t-iomlán nó an fo-iomlán a cheanglaítear go sonrach a chur i láthair nó a nochtadh le Caighdeán Chuntaisíochta IFRS. Cinnfidh eintiteas an éifeacht cánach ioncaim a cheanglaítear le mír 144(d) trí éifeachtaí cánach ioncaim an idirbhirt fholuitigh/na n-idirbheart foluiteach a ríomh mar a leanas:
- (a) ag an ráta cánach reachtúil nó ag na rátaí cánach reachtúla is infheidhme maidir leis an idirbheart nó na hidirbhearta sa dlínse chánach nó sna dlínsí cánach lena mbaineann;
 - (b) bunaithe ar leithdháileadh réasúnta *pro rata* cháin reatha agus cháin iarchurtha an eintitis sa dlínse chánach nó sna dlínsí cánach lena mbaineann; nó
 - (c) trí mhodh eile a úsáid lena mbaintear amach leithdháileadh níos iomchuí sna himthosca.
- 156 Má úsáideann eintiteas níos mó ná modh amháin chun éifeachtaí cánach ioncaim ítimí réitigh a ríomh, agus mír 155 á cur i bhfeidhm aige, nochtfaidh sé conas a chinn sé éifeachtaí cánach gach ítime réitigh.

Fo-iomláin ioncaim agus costas

- 157 Ní tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe é cóimheas airgeadais toisc nach fo-iomlán ioncaim agus costas é. I gcás fo-iomlán arb é an t-uimhreoir nó an t-ainmneoir i gcóimheas airgeadais é, áfach, is tomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe é dá gcomhlíonfadh an fo-iomlán an sainmhíniú ar thomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe mura mbeadh sé ina chuid de chóimheas. Dá réir sin, cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 142-146 i bhfeidhm maidir le huimhreoir nó ainmneoir den sórt sin.

Cumarsáid phoiblí

- 158 Ní bhreithneoidh an t-eintiteas ach cumarsáid phoiblí a bhaineann leis an tréimhse thuairiscithe chun tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe le haghaidh na tréimhse tuairiscithe a shainaithint, ach amháin má eisiónn sé cumarsáid phoiblí den sórt sin go tráthrialta tar éis dháta eisiúna a ráiteas airgeadais mar chuid dá phróiseas tuairiscithe airgeadais. Más amhlaidh an cás, breithneoidh an t-eintiteas cumarsáid phoiblí a bhaineann leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin chun tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe a shainaithint le haghaidh na tréimhse tuairiscithe reatha.
- 159 Mar sin féin, ní cheanglaítear tomhas a úsáideadh sa chumarsáid phoiblí a bhain leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin a shainaithint mar thomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe don tréimhse thuairiscithe reatha má tá fianaise ann a léiríonn nach n-áireofar é sa chumarsáid phoiblí atá le heisiúint a bhaineann leis an tréimhse thuairiscithe reatha. Dá nochtfaí tomhas den sórt sin mar thomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin agus mura sainaithnítear amhlaidh é don tréimhse thuairiscithe reatha, athrú a bheadh ann ar thomhas feidhmíochta bainistíocht-shainithe, nó scor de, a bhfuil feidhm ag na ceanglais maidir le nochtadh i mír 145 maidir leis.

Nochtaí eile

- 160 Cuirfidh eintiteas i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó sa ráiteas ar athruithe sa chothromas, nó nochtfaidh sé sna nótaí an méid seo a leanas:
- (a) le haghaidh gach aicme scairchaipitil:
 - (i) an méid scaireanna atá údaraithe;
 - (ii) an líon scaireanna atá eisithe agus láníochta, agus eisithe ach gan bheith láníochta;
 - (iii) parluach in aghaidh na scaire, nó ráiteas ina sonraítear nach bhfuil parluach ag na scaireanna;
 - (iv) réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar) ar an líon scaireanna gan íoc ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;

- (v) na cearta, fabhair agus srianta a ghabhann leis an aicme sin, lena n-áirítear srianta ar íocaíocht amach díbhinní agus aisíocaíocht caipitil;
 - (vi) an líon scaireanna san eintiteas arna sealbhú ag an eintiteas nó ag a fhochuideachtaí nó a ghnólachtaí comhlachaithe; agus
 - (vii) scaireanna forchoimeáda lena n-eisiúint faoi roghanna agus conarthaí maidir le díolachán scaireanna, lena n-áirítear téarmaí agus méideanna; agus
- (b) tuairisc ar chineál agus ar chuspóir gach cúlchiste laistigh de chothromas.
- 161 Nochtfaidh eintiteas nach bhfuil scairchaipiteal aige, amhail comhpháirtíocht nó iontaobhas, faisnéis atá coibhéiseach leis an bhfaisnéis cheanglaítear le mír 160(a), lena léirítear athruithe le linn na tréimhse tuairiscithe ar gach catagóir úis cothromais, agus na cearta, fabhair agus srianta a bhaineann le gach catagóir úis cothromais.
- 162 Nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas sna nótaí:
- (a) an méid díbhinní a beartaíodh nó a dearbhaíodh sular údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint ach nach n-aithnítear mar dháileachán ar úinéirí le linn na tréimhse tuairiscithe, agus an méid gaolmhar in aghaidh na scaire; agus
 - (b) méid aon díbhinne tosaíochta carnaí nach n-aithnítear.

Ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 18 atá fós infheidhme

- 163 Cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 19, 20, 28, 41, 42, 43, 82, 90, 92, B8, B11, B14, B26(b) agus B28 de IFRS 18 i bhfeidhm.

IAS 2 Fardail

- 164 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) na beartais chuntasaíochta a ghlactar chun fardail a thomhas, lena n-áirítear an fhoirmle chostais a úsáidtear;
 - (b) an tsuim ghlanluacha fardal san iomlán agus an tsuim ghlanluacha in aicmithe is iomchuí don eintiteas;
 - (c) an méid fardal a aithnítear mar chostas le linn na tréimhse tuairiscithe;
 - (d) méid aon díluachála fardal a aithnítear mar chostas sa tréimhse thuairiscithe i gcomhréir le mír 34 de IAS 2;
 - (e) méid aon chealaithe ar aon díluacháil a aithnítear mar laghdú ar mhéid na bhfardal a aithnítear mar chostas sa tréimhse i gcomhréir le mír 34 de IAS 2; agus
 - (f) an tsuim ghlanluacha fardal a ghealltar mar urrús le haghaidh dliteanas.

IAS 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Idirbhearta neamhairgid

- 165 Beidh idirbhearta infheistíochta agus maoiniúcháin nach gá airgead tirim ná coibhéisí airgid thirim a úsáid lena n-aghaidh eisiata ó ráiteas ar shreafaí airgid. Nochtfaidh eintiteas idirbhearta den sórt sin in áit éigin eile sna ráitis airgeadais ar bhealach ina soláthraítear an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na gníomhaíochtaí infheistíochta agus maoiniúcháin sin.

Athruithe ar dhliteanais a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoiniúcháin

- 166 Nochtfaidh an t-eintiteas réiteach idir na hiarmhéideanna tosaigh agus deiridh sa ráiteas staide airgeadais le haghaidh dliteanais a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoiniúcháin, lena n-áirítear:
- (a) athruithe ó shreafaí airgid maoiniúcháin;
 - (b) athruithe a eascraíonn as fáil nó cailleadh rialaithe ar fhochuideachtaí nó ar ghnólachtaí eile;
 - (c) iarmhairt athruithe ar rátaí malairte eachtraí;
 - (d) athruithe ar luachanna córa; agus
 - (e) athruithe eile.

Socruithe maoiniúcháin um íoc soláthróirí

- 167 Nochtfaidh eintiteas faisnéis maidir lena socruithe maoiniúcháin um íoc soláthróirí (mar a thuairiscítear i mír 44G de IAS 7 *Ráiteas ar Shreafaí Airgid*) lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí na socruithe sin ar dhliteanais agus ar shreafaí airgid an eintitis agus ar neamhchosaint an eintitis ar riosca leachtachta.
- 168 Chun na cuspóirí i mír 167 a chomhlíonadh, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas ar bhonn comhiomlán i ndáil lena shocruithe maoiniúcháin um íoc soláthróirí:
- (a) téarmaí agus coinníollacha na socruithe (mar shampla, téarmaí íocaíochta sínte agus urrús nó ráthaíochtaí arna soláthar). Mar sin féin, nochtfaidh eintiteas ar leithligh téarmaí agus coinníollacha na socruithe a bhfuil téarmaí agus coinníollacha neamhionanna ag baint leo.
 - (b) amhail ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe:
 - (i) suimeanna glanluacha, agus ítimí líne gaolmhara a chuirtear i láthair i ráiteas staide airgeadais an eintitis, na ndlitanas airgeadais atá ina gcuid de shocrú maoiniúcháin um íoc soláthróirí.
 - (ii) suimeanna glanluacha, agus ítimí líne gaolmhara, na ndlitanas airgeadais arna nochtadh faoi (i) a bhfuil íocaíocht faighte ag soláthróirí ina leith cheana féin ó na soláthraithe maoiniúcháin.
 - (iii) an raon dátaí ar a bhfuil íocaíochtaí dlite (mar shampla, 30-40 lá tar éis dháta an tsonraisc) le haghaidh na ndlitanas airgeadais arna nochtadh faoi (i) agus na bhfiachas trádála iníochta inchomparáide nach bhfuil ina gcuid de shocrú maoiniúcháin um íoc soláthróirí. Is éard is fiachais trádála iníochta inchomparáide ann, mar shampla, fiachais trádála iníochta an eintitis laistigh den réim ghnó chéanna nó den dlínse chéanna leis na dliteanais airgeadais arna nochtadh faoi (i). Más leathan iad na raonta dátaí ar a bhfuil íocaíochtaí dlite, nochtfaidh eintiteas faisnéis mhíniúcháin faoi na raonta sin nó nochtfaidh sé raonta breise (mar shampla, raonta srathaithe).
 - (c) cineál agus éifeacht na n-athruithe neamhairgid ar shuimeanna glanluacha na ndlitanas airgeadais arna nochtadh faoi (b)(i). Áirítear leis na samplaí d'athruithe neamhairgid an éifeacht a bhaineann le comhcheangail ghnó, difríochtaí sa ráta malairte nó idirbhearta eile nach gá airgead tirim nó coibhéisí airgid a úsáid ina leith (féach mír 165).

Comhpháirteanna airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim

- 169 Nochtfaidh eintiteas na comhpháirteanna airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim agus déanfaidh sé réiteach ar na méideanna a chur i láthair ina ráiteas ar shreafaí airgid agus tuairisceofar na hítimí coibhéiseacha sa ráiteas staide airgeadais.
- 170 I bhfianaise a liacht cleachtas bainistithe airgid thirim agus socruithe baincéireachta atá ann ar fud an domhain agus chun IAS 8 a chomhlíonadh, nochtfaidh eintiteas an beartas a ghlacann sé chun comhdhéanamh airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim a chinneadh.

Nochtaí eile

- 171 Nochtfaidh eintiteas méid na n-iarmhéideanna suntasacha airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim arna sealbhú ag an eintiteas nach bhfuil ar fáil le haghaidh a n-úsáide ag an ngrúpa, mar aon le tráchtairacht bhainistíochta.

Ceanglas maidir le nochtadh in IAS 7 atá fós infheidhme

- 172 Cuirfidh eintiteas an ceanglas maidir le nochtadh i mír 36 de IAS 7 i bhfeidhm.

IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*

Beartais chuntasaíochta

Cur i láthair cothrom agus comhlíontacht le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS

- 173 Nuair a imíonn eintiteas ó cheanglas Caighdeáin Cuntasaíochta IFRS i gcomhréir le mír 6E de IAS 8, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) gur tháinig an lucht bainistíochta ar an gconclúid go gcuirtear staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid an eintitis i láthair go cothrom sna ráitis airgeadais;
 - (b) gur chomhlíon sé Caighdeán Chuntasaíochta IFRS is infheidhme, ach amháin gur imigh sé ó cheanglas ar leith chun cur i láthair cothrom a bhaint amach;
 - (c) teideal an Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS ónar imigh an t-eintiteas, cineál na himeachta, lena n-áirítear an chóireáil a mbeadh gá léi de réir an Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS, an fáth a mbeadh an chóireáil sin chomh míthreorach sin sna himthosca go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil le haghaidh Tuairiscíú Airgeadais*, (*Creat Coincheapúil*), agus leis an gcóireáil a ghlahtar; agus
 - (d) i gcás gach tréimhse a chuirtear i láthair, iarmhairt airgeadais an imeachta ar gach ítim sna ráitis airgeadais a thuairisceofaí dá mbeifí ag comhlíonadh an cheanglais.
- 174 Nuair a d'imigh eintiteas ó cheanglas Caighdeán Chuntasaíochta IFRS i dtréimhse thuairiscithe roimhe sin, agus nuair a dhéanann an t-imeacht sin difear do na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais le haghaidh na tréimhse reatha, déanfaidh sé na nochtaí a leagtar amach i mír 173(c)–173(d).
- 175 Sna himthosca, nach dtarlaíonn ach go fíor-annamh, ina dtagann an lucht bainistíochta ar an gconclúid go mbeadh comhlíontacht le ceanglas i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS chomh míthreorach sin go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*, ach ina dtoirmisctear leis an gcreat rialála ábhartha imeacht ón gceanglas, déanfaidh an t-eintiteas na gnéithe míthreoracha comhlíontachta a bhraitear a bheith ann a laghdú, a mhéid is mó is féidir, trí na nithe a leanas a nochtadh:
- (a) teideal an Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS i gceist, cineál an cheanglais, agus an fáth gur chinn an bhainistíocht go bhfuil comhlíonadh an cheanglais sin chomh míthreorach sin sna himthosca go bhfuil sé i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*; agus
 - (b) i gcás gach tréimhse a chuirtear i láthair, na coigeartuithe ar gach ítim sna ráitis airgeadais ar tháinig an lucht bainistíochta ar an gconclúid ina leith go mbeadh gá leo chun cur i láthair cothrom a bhaint amach.

Roghnú agus cur i bhfeidhm beartas cuntasaíochta a nochtadh

- 176 Déanfaidh eintiteas faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a nochtadh.
- 177 Nochtfaidh eintiteas, in éineacht lena fhaisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta nó nótaí eile, na breithiúnais, seachas iad sin a mbaineann meastacháin leo (féach mír 182), atá déanta ag an lucht bainistíochta agus beartais chuntasaíochta an eintitis á gcur i bhfeidhm acu, agus a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. I measc na samplaí de bhreithiúnais a d'fhéadfaí a cheangal ar an eintiteas a nochtadh tá an chaoi a gcinneann an bhainistíocht na nithe seo a leanas:
- (a) aicmí iomchuí sócmhainní agus dliteanas ar cheart nochtadh maidir le tomhas ar luach cóir a sholáthar ina leith;
 - (b) go bhfuil eintiteas eile á rialú ag an eintiteas;
 - (c) go bhfuil rialú comhpháirteach ag an eintiteas ar shocrú nó go bhfuil tionchar suntasach aige ar eintiteas eile;
 - (d) an cineál comhshocraithe (is é sin, oibriocht chomhpháirteach nó comhfhiontar) i gcás ina struchtúraíodh an socrú trí mheán ar leithligh; agus
 - (e) gur eintiteas infheistíochta é an t-eintiteas.

Athruithe ar bheartais chuntasaíochta a nochtadh

- 178 I gcás ina bhfuil éifeacht ag cur i bhfeidhm tosaigh Caighdeán Chuntasaíochta IFRS ar an tréimhse thuairiscithe reatha nó ar aon tréimhse thuairiscithe roimhe sin, i gcás ina mbeadh éifeacht den sórt sin aige ar an tréimhse sin seachas go mbeadh sé dofheidhmithe méid an choigeartaithe a chinneadh, nó i gcás ina bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar thréimhsí sa todhchaí, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas (ní gá na nochtaí sin a dhéanamh arís i ráitis airgeadais a bhaineann le tréimhsí ina dhiaidh sin):
- (a) teideal an Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS;
 - (b) i gcás inarb infheidhme, go ndéantar an t-athrú ar bheartas cuntasaíochta i gcomhréir lena fhorálacha idirthréimhseacha;
 - (c) cineál an athraithe ar bheartas cuntasaíochta;

- (d) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar na forálacha idirthréimhseacha;
 - (e) i gcás inarb infheidhme, na forálacha idirthréimhseacha a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar thréimhsí sa todhchaí;
 - (f) le haghaidh na tréimhse reatha agus gach réamhthréimhse a chuirtear i láthair, a mhéid is infheidhmithe, méid an choigeartaithe:
 - (i) le haghaidh gach ítime líne den ráiteas airgeadais dá ndéantar difear; agus
 - (ii) má tá feidhm ag IAS 33 maidir leis an eintiteas, le haghaidh tuilleamh bunúsach agus tuilleamh caolaithe in aghaidh na scaire;
 - (g) méid an choigeartaithe a bhaineann le tréimhsí roimh na tréimhsí sin a chuirtear i láthair, a mhéid is infheidhmithe; agus
 - (h) i gcás ina bhfuil cur i bhfeidhm cúlghabhálach a cheanglaítear le mír 19(a) nó 19(b) de IAS 8 dofheidhmithe le haghaidh tréimhse ar leith roimhe sin, nó le haghaidh tréimhsí roimh na tréimhsí sin a chuirtear i láthair, na himthosca as ar eascair an coinníoll sin agus tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh an t-athrú ar bheartas cuntasáiochta i bhfeidhm agus ar an bpointe ama ónar cuireadh i bhfeidhm é.
- 179 I gcás ina bhfuil éifeacht ag athrú deonach ar bheartas cuntasáiochta ar an tréimhse thuairiscithe reatha nó ar aon tréimhse roimhe sin, i gcás ina mbeadh éifeacht aige ar an tréimhse sin seachas go mbeadh sé dofheidhmithe méid an choigeartaithe a chinneadh, nó i gcás ina bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar thréimhsí sa todhchaí, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas (ní gá na nochtaí sin a dhéanamh arís i ráitis airgeadais a bhaineann le tréimhsí ina dhiaidh sin):
- (a) cineál an athraithe ar bheartas cuntasáiochta;
 - (b) na cúiseanna a gcuirtear faisnéis níos iontaofa agus níos ábhartha ar fáil tríd an mbeartas cuntasáiochta nua a chur i bhfeidhm;
 - (c) le haghaidh na tréimhse reatha agus gach réamhthréimhse a chuirtear i láthair, a mhéid is infheidhmithe, méid an choigeartaithe:
 - (i) le haghaidh gach ítime líne den ráiteas airgeadais dá ndéantar difear; agus
 - (ii) má tá feidhm ag IAS 33 maidir leis an eintiteas, le haghaidh tuilleamh bunúsach agus tuilleamh caolaithe in aghaidh na scaire;
 - (d) méid an choigeartaithe a bhaineann le tréimhsí roimh na tréimhsí sin a chuirtear i láthair, a mhéid is infheidhmithe; agus
 - (e) i gcás ina bhfuil cur i bhfeidhm cúlghabhálach dofheidhmithe le haghaidh tréimhse ar leith roimhe sin, nó le haghaidh tréimhsí roimh na tréimhsí sin a chuirtear i láthair, na himthosca as ar eascair an coinníoll sin agus tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh an t-athrú ar bheartas cuntasáiochta i bhfeidhm agus ar an bpointe ama ónar cuireadh i bhfeidhm é.
- 180 I gcás nach bhfuil Caighdeán Cuntasáiochta IFRS nua a eisíodh ach nach bhfuil éifeachtach go fóill curtha i bhfeidhm ag eintiteas, nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) an fíoras sin; agus
 - (b) faisnéis is eol nó is féidir a mheas go réasúnta atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag cur i bhfeidhm Caighdeáin Cuntasáiochta IFRS nua ar ráitis airgeadais an eintitis le linn thréimhse an chur i bhfeidhm tosaigh.
- 181 Agus mír 180 á comhlíonadh ag eintiteas, déanann sé breithniú ar an méid seo a leanas a nochtadh:
- (a) teideal an Chaighdeáin Cuntasáiochta IFRS nua;
 - (b) cineál an athraithe nó na n-athruithe ar bheartas cuntasáiochta atá le tarlú;
 - (c) an dáta faoina gceanglaítear an Caighdeán Cuntasáiochta IFRS nua a chur i bhfeidhm;
 - (d) an dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag eintiteas an Caighdeán Cuntasáiochta IFRS nua a chur i bhfeidhm i dtosach; agus
 - (e) cibé acu:
 - (i) plé ar an tionchar a mheastar a bheidh ag cur i bhfeidhm tosaigh an Chaighdeáin Cuntasáiochta IFRS ar ráitis airgeadais an eintitis; nó
 - (ii) i gcás nach eol an tionchar sin nó i gcás nach féidir é a mheas go réasúnta, ráiteas ina luaitear an méid sin.

Foinsí éiginnteachta meastacháin a nochtadh

- 182 Nochtfaidh eintiteas faisnéis maidir leis na toimhdí a dhéanann sé faoin todhchaí, agus foinsí móra eile éiginnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú ábhartha, mar thoradh orthu, ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile. I leith na sócmhainní agus na ndliteanas sin, áireofar leis na nótaí mionsonraí maidir leis na nithe a leanas:
- (a) a gcineál; agus
 - (b) a suim ghlanluacha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- 183 Ní cheanglaítear na nochtaí i mír 182 le haghaidh sócmhainní ná dliteanas a mbaineann riosca suntasach leo go n-athrófar a suimeanna glanluacha go hábhartha laistigh den chéad bhliain airgeadais eile más amhlaidh, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, go dtomhaistear ar luach cóir iad bunaithe ar phraghas arna lua i margadh gníomhach le sócmhainn nó le dliteanas atá comhionann leo. D'fhéadfadh athrú ábhartha teacht ar luachanna córa den sórt sin laistigh den chéad bhliain airgeadais eile, ach ní eascródh na hathruithe sin as toimhdí ná as foinsí eile éiginnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Athruithe ar mheastacháin chuntasaíochta

- 184 Nochtfaidh eintiteas cineál agus méid athraithe ar mheastachán cuntasaíochta a bhfuil éifeacht aige sa tréimhse thuairiscithe reatha nó a bhfuil coinne leis go mbeidh éifeacht aige i dtréimhsí sa todhchaí, ach amháin i cás nochtadh na héifeachta ar thréimhsí sa todhchaí nuair nach mbeidh sé infheidhmithe an éifeacht sin a mheas.
- 185 I gcás nach nochtar méid na héifeachta ar thréimhsí sa todhchaí toisc go bhfuil sé dofheidhmithe meastachán a dhéanamh air sin, nochtfaidh eintiteas an fíoras sin.

Earráidí

- 186 Agus mír 42 de IAS 8 á cur i bhfeidhm ag an eintiteas, nochtfaidh sé an méid seo a leanas (ní gá na nochtaí sin a dhéanamh arís i ráitis airgeadais a bhaineann le tréimhsí ina dhiaidh sin):
- (a) cineál na hearráide réamhthréimhse;
 - (b) le haghaidh gach réamhthréimhse a chuirtear i láthair, a mhéid is infheidhmithe, méid an cheartaithe:
 - (i) le haghaidh gach ítime líne den ráiteas airgeadais dá ndéantar difear; agus
 - (ii) má tá feidhm ag IAS 33 maidir leis an eintiteas, le haghaidh tuilleamh bunúsach agus tuilleamh caolaithe in aghaidh na scaire;
 - (c) méid an cheartaithe ag tús na réamhthréimhse is luaithe a chuirtear i láthair; agus
 - (d) i gcás ina bhfuil athshonrú cúlghabhálach dofheidhmithe le haghaidh réamhthréimhse ar leith, na himthosca as ar eascair an coinníoll sin agus tuairisc ar an gcaoi ar ceartaíodh an earráid agus ar an bpointe ama ónar ceartaíodh í.

Ceanglais maidir le nochtadh in IAS 8 atá fós infheidhme

- 187 Cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 6A, 6C(c) agus 6K de IAS 8 i bhfeidhm.

IAS 10 Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe

An dáta údaráithe chun eisiúint

- 188 Nochtfaidh eintiteas an dáta a údaráíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint agus cé a thug an t-údarú sin. Má tá sé de chumhacht ag úinéirí an eintitis nó ag daoine eile leasú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais tar éis iad a eisiúint, nochtfaidh an t-eintiteas an méid sin.

Nochtadh faoi imthosca a thabhairt cothrom le dáta ag deireadh na tréimhse tuairiscithe

- 189 Má fhaigheann eintiteas faisnéis tar éis na tréimhse tuairiscithe maidir le himthosca a bhí ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, tabharfaidh sé nochtaí a bhaineann leis na himthosca sin cothrom le dáta, i bhfianaise na faisnéise nua.

Teagmhais neamhchoigeartúcháin tar éis na tréimhse tuairiscithe

- 190 Nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas le haghaidh gach catagóire ábhartha de theagmhais neamhchoigeartúcháin tar éis na tréimhse tuairiscithe:
- (a) cineál an teagmhais; agus
 - (b) meastachán ar a éifeacht airgeadais, nó ráiteas ina sonraítear nach féidir meastachán den sórt sin a dhéanamh.
- 191 Seo a leanas samplaí de theagmhais neamhchoigeartúcháin tar éis na tréimhse tuairiscithe a mbeadh nochtadh mar thoradh orthu go ginearálta:
- (a) comhcheangal gnó tábhachtach tar éis na tréimhse tuairiscithe nó diúscairt fochuideachta móire;
 - (b) plean chun scor d'oibriocht a fhógairt;
 - (c) mórchéannacháin sócmhainní, sócmhainní a aicmiú mar shócmhainní atá á sealbhú lena ndíol i gcomhréir le IFRS 5, diúscairtí eile sócmhainní, nó díshealbhú mórshócmhainní ag an rialtas;
 - (d) mórmhonarcha táirgthe a scriosadh de dheasca dóiteáin tar éis na tréimhse tuairiscithe;
 - (e) mór-athstruchtúrú a fhógairt nó tús a chur lena chur chun feidhme (féach IAS 37 *Soláthairtí, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*);
 - (f) mór-idirbhearta gnáthscaireanna agus idirbhearta gnáthscaireanna a d'fhéadfadh a bheith ann tar éis na tréimhse tuairiscithe;
 - (g) athruithe thar a bheith mór tar éis na tréimhse tuairiscithe ar phraghsanna sócmhainní nó ar rátaí malairte eachtraí;
 - (h) athruithe ar rátaí cánach nó ar dhlíthe cánach arna n-achtú nó arna bhfógairt tar éis na tréimhse tuairiscithe a bhfuil éifeacht mhór acu ar shócmhainní agus ar dhlítheanais cánach reatha agus iarchurtha (féach IAS 12);
 - (i) gealltanais shuntasacha nó dlítheanais theagmhasacha a dhéanamh, mar shampla, trí ráthaíochtaí suntasacha a eisiúint; agus
 - (j) tús a chur le mórdhlíthíocht a eascraíonn as teagmhais a tharla tar éis na tréimhse tuairiscithe, agus as na teagmhais sin amháin.

IAS 12 Cánacha Ioncaim

- 192 Nochtfaidh an t-eintiteas mór-chomhpháirteanna an chostais (ioncaim) cánach ar leithligh.
- 193 Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh i gcomhpháirteanna de chostas (ioncam) cánach:
- (a) costas (ioncam) cánach reatha;
 - (b) aon choigeartú a aithnítear sa tréimhse le haghaidh cáin reatha réamhthréimhsí;
 - (c) an méid costais (ioncam) cánach iarchurtha a bhaineann le bunús agus aisiompú difríochtaí sealadacha;
 - (d) an méid costais (ioncam) cánach iarchurtha a bhaineann le hathruithe ar rátaí cánach nó le forchur cánacha nua;
 - (e) an méid sochair a eascraíonn as caillteanas cánach nár aithníodh roimhe, creidmheas cánach nó difríocht shealadach réamhthréimhse a úsáidtear chun costas cánach reatha a laghdú;
 - (f) an méid sochair a eascraíonn as caillteanas cánach nár aithníodh roimhe, creidmheas cánach nó difríocht shealadach réamhthréimhse a úsáidtear chun costas cánach iarchurtha a laghdú;
 - (g) costas cánach iarchurtha a eascraíonn as díluacháil, nó as aisiompú díluachála a rinneadh roimhe sin, sócmhainne cánach iarchurtha i gcomhréir le mír 56 de IAS 12; agus

- (h) an méid costais (ioncam) cánach a bhaineann leis na hathruithe sin ar bheartais chuntasaíochta agus earráidí a chuirtear san áireamh i mbrabús nó caillteanas i gcomhréir le IAS 8, mar ní féidir iad a chur san áireamh go cúlghabhálach.
- 194 Nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas ar leithligh freisin:
- (a) an cháin reatha agus iarchurtha chomhiomlán a bhaineann le hítimí a mhuirearaítear nó a chuirtear chun sochair do chothromas go díreach (féach mír 62A de IAS 12);
 - (b) an méid comhiomlán cánach ioncaim a bhaineann le gach comhpháirt d'ioncam cuimsitheach eile (féach mír 62 de IAS 12 agus mír 93 de IFRS 18);
 - (c) míniú ar an ngaol atá ann idir costas (ioncam) cánach agus brabús cuntasaíochta i gceachtar den dá fhoirm seo a leanas nó sa dá fhoirm araon:
 - (i) réiteach uimhriúil idir costas (ioncam) cánach agus toradh an bhrabúis chuntasaíochta arna iolrú faoin ráta cánach nó faoi na rátaí cánach is infheidhme, lena nochtar freisin an bonn ar a ríomhtar an ráta cánach nó na rátaí cánach is infheidhme; nó
 - (ii) réiteach uimhriúil idir an meánráta cánach iarbhir agus an ráta cánach is infheidhme, lena nochtar freisin an bonn ar a ríomhtar an ráta cánach is infheidhme;
 - (d) míniú ar athruithe ar an ráta cánach nó ar na rátaí cánach is infheidhme i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin;
 - (e) an méid (agus dáta éaga, más ann dó) difríochtaí sealadacha in-asbhainte, caillteanas cánach neamhúsáidte agus creidmheasanna cánach neamhúsáidte nach n-aithnítear aon sócmhainn cánach iarchurtha ina leith sa ráiteas staide airgeadais; agus
 - (f) maidir le gach cineál difríochta sealadaí, agus maidir le gach cineál caillteanais cánach neamhúsáidte agus creidmheasanna cánach neamhúsáidte:
 - (i) an méid sócmhainní agus dliteanas cánach iarchurtha a aithnítear sa ráiteas staide airgeadais le haghaidh gach tréimhse a chuirtear i láthair; agus
 - (ii) an méid ioncaim nó costais cánach iarchurtha a aithnítear i mbrabús nó caillteanas, mura léir sin ó na hathruithe ar na méideanna a aithnítear sa ráiteas staide airgeadais.
- 195 Sna himthosca a dtugtar tuairisc orthu i mír 52A de IAS 12, nochtfaidh eintiteas cineál na n-iarbhairtí cánach ioncaim a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar dhíbhiní a íoc lena scairshealbhóirí.

Athchóiriú idirnáisiúnta cánach—rialacha samhla Cholún a Dó

- 196 Nochtfaidh eintiteas gur chuir sé an eisceacht i bhfeidhm maidir le faisnéis faoi shócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha a bhaineann le cánacha ioncaim Cholún a Dó a aithint agus a nochtadh (féach mír 4A de IAS 12).
- 197 Nochtfaidh eintiteas ar leithligh a chostas (ioncam) cánach reatha a bhaineann le cánacha ioncaim Cholún a Dó.
- 198 Le linn tréimhsí ina n-achtaítear nó ina n-achtaítear go substainteach reachtaíocht Cholún a Dó, ach nach bhfuil feidhm aici go fóill, nochtfaidh eintiteas faisnéis is eol nó is féidir a mheas go réasúnta a chuidíonn le húsáideoirí ráiteas airgeadais neamhchosaint an eintitis ar chánacha ioncaim Cholún a Dó a eascraíonn as an reachtaíocht sin a thuiscint.
- 199 Chun an cuspóir maidir le nochtadh i mír 198 a chomhlíonadh, nochtfaidh eintiteas faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoina neamhchosaint ar chánacha ioncaim Cholún a Dó ag deireadh na tréimhse tuairiscithe. Ní gá ceanglais shonracha uile reachtaíocht Cholún a Dó a léiriú san fhaisnéis sin agus is féidir í a sholáthar i bhfoirm raon tascach. A mhéid nach eol faisnéis nó nach féidir í a mheas go réasúnta, nochtfaidh eintiteas ráiteas chuige sin agus nochtfaidh sé faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta ag an eintiteas maidir le measúnú a dhéanamh ar a neamhchosaint.

IAS 16 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

- 200 Nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas le haghaidh gach aicme réadmhaoin, gléasra agus trealaimh:
- (a) na boinn tomhais a úsáidtear chun an t-oll-luach de réir na leabhar a chinneadh;
 - (b) na modhanna dímhéasa a úsáidtear;
 - (c) na saolréanna úsáide nó na rátaí dímhéasa a úsáidtear;

- (d) an t-oll-luach de réir na leabhar agus an dímheas carntha (arna chomhiomlánú le caillteanais lagaithe charntha) ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe; agus
 - (e) réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar) ar an tsuim ghlanluacha ag tús agus ag deireadh na tréimhse lena léirítear na nithe seo a leanas:
 - (i) breiseanna;
 - (ii) sócmhainní a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó a áirítear i ngrúpa diúscartha a aicmítear mar ghrúpa arna shealbhú lena dhíol i gcomhréir le IFRS 5 agus diúscairtí eile;
 - (iii) éadálacha trí chomhcheangail ghnó;
 - (iv) méaduithe nó laghduithe a eascraíonn as athluachálacha faoi mhíreanna 31, 39 agus 40 de IAS 16, agus as caillteanais lagaithe a aithnítear nó a aisiompaítear in ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le IAS 36;
 - (v) caillteanais lagaithe a aithnítear i mbrabús nó caillteanas i gcomhréir le IAS 36;
 - (vi) caillteanais lagaithe a aisiompaítear i mbrabús nó caillteanas i gcomhréir le IAS 36;
 - (vii) dímheas; agus
 - (viii) athruithe eile.
- 201 Nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas freisin:
- (a) srianta a bheith ar theideal agus méideanna na srianta sin, agus réadmhaoín, gléasra agus trealamh atá curtha i ngeall mar urrús i leith dliteanas; agus
 - (b) méid na ngealltanais conarthach le haghaidh éadálacha réadmhaoíne, gléasra agus trealaimh.
- 202 Má luaitear ítimí réadmhaoíne, gléasra agus trealaimh ar mhéideanna athluacháilte, nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas i dteannta na nochtaí a cheanglaítear le míreanna 95–97:
- (a) dáta éifeachtach na hathluachála;
 - (b) cé acu a bhí nó nach raibh luachálai neamhspleách rannpháirteach;
 - (c) i gcás gach aicme athluacháilte réadmhaoíne, gléasra agus trealaimh, an tsuim ghlanluacha a d’aithneofaí dá ndéanfaí na sócmhainní a thabhairt ar aghaidh faoin tsamhail chostais; agus
 - (d) an barrachas athluachála, lena léirítear an t-athrú le haghaidh na tréimhse agus aon srian ar dháileadh an iarmhéid ar scairshealbhóirí.

IAS 19 *Sochair Fostaithe*

Sochair iarfhostaíochta: pleananna ranníocaíochtaí sainithe

- 203 Nochtfaidh eintiteas an méid a aithnítear mar chostas le haghaidh pleananna ranníocaíochtaí sainithe.

Sochair iarfhostaíochta: pleananna sochar sainithe

- 204 Déanfaidh eintiteas measúnú ar cé acu ba cheart nó nár cheart roinnt nochtaí, nó na nochtaí uile, a cheanglaítear le míreanna 205–215, a dhí-chomhiomlánú chun idirdhealú a dhéanamh idir pleananna nó grúpaí pleananna a ngabhann rioscaí leo atá éagsúil le chéile go hábhartha.

Saintréithe pleananna sochar sainithe

- 205 Nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis maidir le saintréithe a phleananna sochar sainithe.

Míniú ar mhéideanna sna ráitis airgeadais

- 206 Déanfaidh eintiteas réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a chur ar fáil) ón iarmhéid tosaigh go dtí an iarmhéid deiridh a sholáthar le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas, más infheidhme:
- (a) an glandliteanas sochair shainithe (sócmhainn), lena dtaispeántar réitigh ar leithligh le haghaidh:
 - (i) sócmhainní plean; agus
 - (ii) luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe; agus

- (b) aon cheart chun aisíocaíochta.
- 207 Le gach réiteach a liostaítear i mír 206 taispeánfar na nithe seo a leanas, más infheidhme:
- (a) costas seirbhíse reatha;
 - (b) ioncam nó costas úis;
 - (c) atomhais ar ghlandliteanas (glansócmhainn) sochar sainithe, lena léirítear an toradh ar shócmhainní plean, gan méideanna a áirítear in ús i bpointe (b) a áireamh;
 - (d) costas seirbhíse roimhe seo;
 - (e) ranníocaíochtaí leis an bplean; agus
 - (f) íocaíochtaí as an bplean.
- 208 Déanfaidh an t-eintiteas luach cóir na sócmhainní plean a dhí-chomhiomlánú ina n-aicmí lena ndéantar idirdhealú idir cineál agus rioscaí na sócmhainní sin. Mar shampla, d'fhéadfadh an t-eintiteas idirdhealú a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:
- (a) ionstraimí cothromais;
 - (b) ionstraimí fiachais;
 - (c) eastát réadach; agus
 - (d) sócmhainní eile.
- 209 Nochtfaidh eintiteas luach cóir ionstraimí airgeadais inaistrithe dílse an eintitis arna sealbhú mar shócmhainní plean agus luach cóir sócmhainní plean ar réadmhaoin iad ina n-áitíonn an t-eintiteas nó ar sócmhainní eile iad a úsáideann an t-eintiteas.
- 210 Nochtfaidh eintiteas na toimhdí achtúireacha suntasacha a úsáidtear chun luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe a chinneadh (féach mír 76 de IAS 19).

Méid, uainiú agus éiginnteacht sreafaí airgid todhchaí

- 211 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) tuairisc ar aon socrú cistiúcháin agus ar aon bheartas cistiúcháin a dhéanann difear do ranníocaíochtaí amach anseo; agus
 - (b) na ranníocaíochtaí a bhfuil coinne lena n-íoc leis an bplean le haghaidh na chéad tréimhse tuairiscithe bliantúla eile.

Pleananna ilfhostóirí

- 212 Má tá an t-eintiteas rannpháirteach i bplean sochar sainithe ilfhostóirí agus má dhéanann eintiteas cuntasaiocht ar an bplean amhail is dá mba phlean ranníocaíochtaí sainithe é i gcomhréir le mír 34 de IAS 19, nochtfaidh sé an méid seo a leanas (in ionad na faisnéise a cheanglaítear le míreanna 205–211):
- (a) gur plean sochair shainithe é an plean;
 - (b) an chúis nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ar fáil chun é a chur ar a chumas don eintiteas cuntasaiocht a dhéanamh ar an bplean mar phlean sochair shainithe; agus
 - (c) faisnéis faoi aon easnamh nó aon bharrachas sa phlean a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mhéid na ranníocaíochtaí amach anseo, lena n-áirítear na himpleachtaí atá ann don eintiteas, más ann dóibh.

Pleananna sochar sainithe a roinneann rioscaí idir eintitis faoi rialú comhchoiteann

- 213 Má bhíonn eintiteas rannpháirteach i bplean sochair shainithe a roinneann rioscaí idir eintitis faoi rialú comhchoiteann, nochtfaidh sé:
- (a) an comhaontú conarthach nó an beartas luaite chun an glanchostas sochair shainithe a mhuirearú, nó an fíoras nach ann d'aon bheartas den sórt sin;
 - (b) an beartas chun an ranníocaíocht atá le híoc ag an eintiteas a chinneadh;
 - (c) má dhéanann an t-eintiteas cuntasaiocht ar leithdháileadh glanchostais sochair shainithe mar a thugtar ar aire i mír 41 de IAS 19, an fhaisnéis uile maidir leis an bplean ina iomláine a cheanglaítear le míreanna 204–211; agus

- (d) má dhéanann an t-eintiteas cuntasáiocht ar an ranníocaíocht is iníoctha le haghaidh na tréimhse mar a thugtar ar aire i mír 41 de IAS 19, an fhaisnéis maidir leis an bplean san iomlán a cheanglaítear le míreanna 205 agus 208–211.
- 214 Is féidir an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 213(c)–(d) a nochtadh trí chrostagairt a dhéanamh do nochtaí i ráitis airgeadais grúpeintitis eile más amhlaidh:
- (a) go ndéantar an fhaisnéis a éilítear maidir leis an bplean a shainaithint agus a nochtadh ar leithligh i ráitis airgeadais an ghrúpeintitis sin; agus
- (b) go bhfuil ráitis airgeadais an ghrúpeintitis sin ar fáil d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais faoi na téarmaí céanna a bhfuil ráitis airgeadais an eintitis ar fáil dóibh agus an tráth céanna atá ráitis airgeadais an eintitis ar fáil dóibh nó níos luaithe ná sin.

Dlíteanais theagmhachacha a eascraíonn as oibleagáidí sochar iarfhostaíochta

- 215 I gcás ina gceanglaítear le míreanna 259 agus 261–262 é, nochtfaidh eintiteas faisnéis maidir le dlíteanais theagmhachacha a eascraíonn as oibleagáidí sochar iarfhostaíochta.

IAS 20 Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtadh Cúnaimh Rialtais

- 216 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) an beartas cuntasaíochta a ghlactar le haghaidh deontas rialtais, lena n-áirítear na modhanna a ghlactar chun na ráitis airgeadais a chur i láthair;
- (b) cineál agus méid na ndeontas rialtais a aithnítear sna ráitis airgeadais agus léiriú ar chineálacha eile cúnaimh rialtais ar thairbhígh an t-eintiteas go díreach díobh; agus
- (c) coinníollacha neamhchomhlíonta agus teagmhais eile atá i gceangal le cúnaimh rialtais atá aitheanta.

Ceanglais maidir le nochtadh in IAS 20 atá fós infheidhme

- 217 Cuirfidh an t-eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 21–22, 28 agus 31 de IAS 20 *Cuntasaíocht um Dheontais Rialtais agus um Nochtadh Cúnaimh Rialtais*.

IAS 21 Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí

- 218 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) an líon difríochtaí ráta malairte a aithnítear i mbrabús nó caillteanas seachas na difríochtaí ráta malairte a eascraíonn as ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas i gcomhréir le IFRS 9; agus
- (b) glandifríochtaí ráta malairte arna n-aithint in ioncam cuimsitheach eile agus arna gcarnadh i ngné ar leithligh den chaipiteal gnáthscaireanna, agus réiteach ar an méid difríochtaí ráta malairte den sórt sin ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- 219 I gcás ina mbeidh an t-airgeadra tuairiscithe difriúil ón airgeadra feidhmiúil, nochtfaidh eintiteas an méid sin in éineacht leis an airgeadra feidhmiúil agus an chúis atá le hairgeadra tuairiscithe difriúil a úsáid.
- 220 Nuair a thagann athrú ar airgeadra feidhmiúil an eintitis tuairiscithe nó ar airgeadra feidhmiúil oibríochta eachtraí suntasaí, nochtfaidh eintiteas an méid sin agus an chúis atá leis an athrú ar airgeadra feidhmiúil.

Nochtadh nuair nach bhfuil airgeadra inmhalartaithe

- 221 Nuair a dhéanann eintiteas meastóireacht ar spotráta malairte toisc nach bhfuil airgeadra inmhalartaithe go hairgeadra eile (féach mír 19A de IAS 21), nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis lena gcuirfear ar a gcumas d'úsáideoirí a ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar conas a imríonn, nó conas a mheastar a imreoidh, an t-airgeadra nach bhfuil inmhalartaithe go hairgeadra eile tionchar ar fheidhmíocht airgeadais, staid airgeadais agus sreafaí airgid an eintitis. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis faoi na nithe seo a leanas:
- (a) cineál na cúise nach bhfuil an t-airgeadra inmhalartaithe go dtí an t-airgeadra eile agus na tionchair airgeadais a ghabhann leis sin;

- (b) an spotráta malairte nó na spotrátaí malairte a úsáideadh;
 - (c) an próiseas meastachán; agus
 - (d) na rioscaí ar a bhfuil an t-eintiteas neamhchosanta toisc nach bhfuil an t-airgeadra inmhalartaithe go hairgeadra eile.
- 222 Measfaidh eintiteas cé mhéad mionsonra is gá chun an cuspóir maidir le nochtadh atá sonraithe i mír 221 a chomhlíonadh. Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a shonraítear i míreanna 223–224 agus aon fhaisnéis bhreise is gá chun an cuspóir maidir le nochtadh atá sonraithe i mír 221 a chomhlíonadh.
- 223 Agus mír 221 á cur i bhfeidhm, nochtfaidh eintiteas na nithe a leanas:
- (a) an t-airgeadra agus tuairisc ar na srianta a fhágann nach mbeidh an t-airgeadra sin inmhalartaithe go dtí an t-airgeadra eile;
 - (b) tuairisc ar na hidirbhearta a ndearnadh difear dóibh;
 - (c) suim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas a ndearnadh difear dóibh;
 - (d) spotrátaí malairte a úsáidtear agus i ndáil leis na rátaí sin:
 - (i) cé acu is rátaí malairte inbhraite gan choigeartú iad (féach míreanna A12–A16 de IAS 21) nó nach ea; nó
 - (ii) cé acu is spotrátaí malairte a mheastar trí theicníc mheastacháin eile a úsáid iad (féach mír A17 de IAS 21) nó nach ea;
 - (e) tuairisc ar aon teicníc mheastacháin a d'úsáid an t-eintiteas, agus faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi na hionchuir agus na toimhdí ar baineadh úsáid astu sa teicníc mheastacháin sin; agus
 - (f) faisnéis cháilíochtúil faoi gach cineál riosca a bhfuil an t-eintiteas neamhchosanta air toisc nach bhfuil an t-airgeadra inmhalartaithe go dtí an t-airgeadra eile, agus cineál agus suim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas atá neamhchosanta ar gach cineál riosca.
- 224 I gcás nach féidir airgeadra feidhmiúil de chuid oibríocht eachtrach a mhalartú go dtí an t-airgeadra tuairiscithe nó, más infheidhme, nach féidir an t-airgeadra tuairiscithe a mhalartú go hairgeadra feidhmiúil de chuid oibríocht eachtrach, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas freisin:
- (a) ainm na hoibríochta eachtraí; cibé acu is fochuideachta, oibríocht chomhpháirteach, comhfhiontar, comhlach nó brainse í an oibríocht eachtrach; agus a príomháit ghnó;
 - (b) faisnéis airgeadais achoimrithe faoin oibríocht eachtrach; agus
 - (c) cineál agus téarmaí aon socráithe chonarthaigh lena bhféadfadh ceanglas a chur ar an eintiteas tacaíocht airgeadais a sholáthar don oibríocht eachtrach, lena n-áirítear teagmhais nó imthosca a d'fhéadfadh an t-eintiteas a fhágáil neamhchosanta ar chaillteanas.

IAS 23 Costais Iasachtaíochta

- 225 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) an méid costas iasachtaíochta a caipitlódh le linn na tréimhse tuairiscithe; agus
 - (b) an ráta caipitlithe a úsáideadh chun méid na gcostas iasachtaíochta atá incháilithe do chaipitliú a chinneadh.

IAS 24 Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara

- 226 Déanfar na gaolmhaireachtaí idir máthairchuideachta agus a fochuideachtaí a nochtadh gan beann ar cibé an raibh idirbhearta eatarthu nó nach raibh. Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) ainm a mháthairchuideachta agus ainm an pháirtí rialaithe deiridh, más difriúil; agus
 - (b) ainm na máthairchuideachta deiridh nó idirmheánaí a tháirgeann ráitis airgeadais chomhdhlúite atá ar fáil ag an bpobal agus a chomhlíonann Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, mar a cheanglaítear le mír 7(c) agus a fhágann go bhfuil an t-eintiteas incháilithe chun an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm.
- 227 Nochtfaidh an t-eintiteas pá príomhphearsanra bainistíochta ina iomláine.
- 228 I gcás ina bhfaigheann eintiteas príomhsheirbhísí pearsanra bainistíochta ó eintiteas eile (an t-eintiteas bainistíochta), ní cheanglaítear ar an eintiteas na ceanglais i mír 227 a chur i bhfeidhm maidir leis an bpá a íocadh nó atá iníoctha le fostaithe nó stiúrthóirí an eintitis bainistíochta.

- 229 Méideanna a thabhaigh an t-eintiteas chun príomhsheirbhísí bainistíochta pearsanra a sholáthar, arna soláthar ag eintiteas bainistíochta ar leithligh, déanfar iad a nochtadh.
- 230 I gcás ina raibh idirbhearta páirtithe gaolmhara ag eintiteas le linn na dtréimhsí tuairiscithe a chumhdaítear leis na ráitis airgeadais, nochtfaidh sé cineál na gaolmhaireachta páirtithe gaolmhara chomh maith le faisnéis faoi na hidirbhearta agus suimeanna gan íoc sin, lena n-áirítear gealltanais, is gá ionas go dtuigfidh úsáideoirí éifeacht fhéideartha na gaolmhaireachta ar na ráitis airgeadais. Tá na ceanglais sin maidir le nochtadh sa bhreis ar mhír 227. Áireofar le nochtaí ar a laghad:
- (a) méid na n-idirbheart;
 - (b) méid na suimeanna gan íoc, lena n-áirítear gealltanais, agus:
 - (i) na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leo, lena n-áirítear cé acu atá nó nach bhfuil siad urraithe agus cineál na comaoine atá le soláthar mar réiteach; agus
 - (ii) mionsonraí faoi aon ráthaíocht a tugadh nó a fuarthas;
 - (c) soláthar in aghaidh fiach amhrasach a bhaineann le méid na suimeanna gan íoc; agus
 - (d) an costas a aithnítear i rith na tréimhse i ndáil le drochfhiacha nó fiacha amhrasacha atá dlite ó pháirtithe gaolmhara.
- 231 Déanfar na nochtaí a cheanglaítear le mír 230 ar leithligh le haghaidh gach díobh seo a leanas:
- (a) an mháthairchuideachta;
 - (b) eintitis ag a bhfuil comhrialú, nó tionchar suntasach ar an eintiteas;
 - (c) fochuideachtaí;
 - (d) gnólachtaí comhlachaithe;
 - (e) comhfhiontair ina bhfuil an t-eintiteas ina chomhfiontraí;
 - (f) príomhphearsanra bainistíochta an eintitis nó a mháthairchuideachta; agus
 - (g) páirtithe gaolmhara eile.
- 232 Tá eintiteas tuairiscithe díolmhaith ó na ceanglais maidir le nochtadh i mír 230 i ndáil le hidirbhearta páirtithe gaolmhara agus suimeanna gan íoc, lena n-áirítear gealltanais, leis na páirtithe seo a leanas:
- (a) rialtas a bhfuil rialú, comhrialú nó tionchar suntasach aige ar an eintiteas tuairiscithe; agus
 - (b) eintiteas eile ar páirtí gaolmhar é toisc go bhfuil rialú, comhrialú nó tionchar suntasach ag an rialtas céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus ar an eintiteas eile.
- 233 I gcás ina gcuireann eintiteas an díolúine i mír 232 i bhfeidhm, nochtfaidh sé an méid seo a leanas faoi na hidirbhearta agus faoi na suimeanna gaolmhara gan íoc dá dtagraítear i mír 232:
- (a) ainm an rialtais agus cineál a ghaolmhaireachta leis an eintiteas tuairiscithe (i.e. rialú, comhrialú, nó tionchar suntasach).
 - (b) an fhaisnéis seo a leanas mionsonraithe go leordhóthanach lena chur ar chumas úsáideoirí ráitis airgeadais an eintitis tuiscint a fháil ar éifeacht idirbhearta páirtithe gaolmhara ar a ráitis airgeadais:
 - (i) cineál agus méid gach idirbhirt atá suntasach go haonarach.
 - (ii) maidir le hidirbhearta eile atá suntasach i dteannta a chéile ach ní go haonarach, tasc cáilíochtúil nó cainníochtúil ar a méid. Áirítear le cineálacha idirbheart na cinn a liostaítear i mír 234.
- 234 Is samplaí iad na nithe seo a leanas d'idirbhearta a nochtar más le páirtí gaolmhar a rinneadh iad:
- (a) earraí a cheannach nó a dhíol (críochnaithe nó neamhchríochnaithe);
 - (b) maoin agus sócmhainní eile a cheannach nó a dhíol;
 - (c) seirbhísí a sholáthar nó a fháil;
 - (d) léasanna;
 - (e) aistrithe taighde agus forbartha;
 - (f) aistrithe faoi chomhaontuithe ceadúnais;
 - (g) aistrithe faoi chomhaontuithe airgeadais (lena n-áirítear iasachtaí agus ranníocaíochtaí cothromais in airgead tirim nó cúiteamh comhchineáil);
 - (h) soláthar ráthaíochtaí nó comhthaobhachta; agus

- (i) dliteanais arna réiteach thar ceann an eintitis nó ag an eintiteas thar ceann an pháirtí ghaolmhair sin.
- 235 Rannpháirtíocht ag máthairchuideachta nó ag fochuideachta i bplean sochar sainithe idir grúpeintitis, is idirbheart é sin idir páirtithe gaolmhara (féach mír 42 de IAS 19, lena gceanglaítear ar eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 213 a nochtadh).
- 236 Ní nochtfaidh eintiteas go ndearnadh idirbhearta páirtithe gaolmhara ar théarmaí atá coibhéiseach leis na téarmaí sin atá ann in idirbhearta ar neamhthuilleamaí, ach amháin i gcás inar féidir bunús a thabhairt leis na téarmaí sin.
- 237 Féadtar ítimí de chineál comhchosúil a nochtadh i bhformáid chomhiomlánaithe ach amháin i gcás inar gá nochtadh ar leithligh ionas go dtuigfear éifeachtaí idirbhearta páirtithe gaolmhara ar ráitis airgeadais an eintitis.

IAS 27 Ráitis Airgeadais ar Leithligh

- 238 Nuair a roghnaíonn máthairchuideachta, i gcomhréir le mír 4(a) de IFRS 10, gan ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú agus go n-ullmhaíonn sí ráitis airgeadais ar leithligh ina n-ionad, nochtfaidh sí na nithe seo a leanas sna ráitis airgeadais ar leithligh sin:
- (a) gur ráitis airgeadais ar leithligh iad na ráitis airgeadais; gur úsáideadh an díolúine ó chomhdhlúthú; ainm agus príomhái ghnó (agus tír a ionchorpraithe, más éagsúil) an eintitis a bhfuil a ráitis airgeadais chomhdhlúite, a chomhlíonann Caighdeán Chuntasaíochta IFRS, curtha i dtoll a chéile le haghaidh úsáid phoiblí; agus an seoladh ag a bhfuil na ráitis airgeadais chomhdhlúite sin le fáil; agus
- (b) tuairisc ar an modh a úsáidtear chun cuntas a thabhairt ar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhfhiontair agus i gcomhlaigh.
- 239 Nuair a ullmhaíonn eintiteas infheistíochta ar máthairchuideachta é (seachas máthairchuideachta a chumhdaítear le mír 238), i gcomhréir le mír 8A de IAS 27 *Ráitis Airgeadais ar Leithligh*, ráitis airgeadais ar leithligh mar an t-aon chineál ráiteas airgeadais atá aige, nochtfaidh sé an méid sin. Déanfaidh an t-eintiteas infheistíochta na nochtáí a bhaineann le heintitis infheistíochta a cheanglaítear le míreanna 82–94 a thiolacadh.
- 240 Máthairchuideachta (seachas máthairchuideachta a chumhdaítear le míreanna 238–239) nó infheisteoir a bhfuil comhrialú aige/aici ar institiúid infheistiúcháin, nó a bhfuil tionchar suntasach aige/aici ar institiúid infheistiúcháin, i gcás ina n-ullmhaíonn máthairchuideachta nó an t-infheisteoir na ráitis airgeadais ar leithligh, sainaithneoidh an mháthairchuideachta nó an t-infheisteoir na ráitis airgeadais a ullmhaíodh i gcomhréir le IFRS 10, IFRS 11 *Socruithe Comhpháirteacha* nó IAS 28 *Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair* lena mbaineann siad. Nochtfaidh an máthairchuideachta nó an t-infheisteoir na nithe seo a leanas ina ráitis airgeadais ar leithligh:
- (a) gur ráitis airgeadais ar leithligh iad na ráitis; agus
- (b) tuairisc ar an modh a úsáidtear chun cuntas a thabhairt ar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhfhiontair agus i gcomhlaigh.

IAS 29 Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha

- 241 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) gur athshonraíodh na ráitis airgeadais agus na figiúirí comhfhreagracha le haghaidh tréimhsí roimhe seo i ngeall ar athruithe ar chumhacht cheannaigh ghinearálta an airgeadra fheidhmiúil agus, dá thoradh sin, go sonraítear iad i dtéarmaí an aonaid tomhais reatha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe; agus
- (b) aitheantas agus leibhéal an innéacs praghsanna ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus an ghluaiseacht san innéacs le linn na tréimhse tuairiscithe reatha agus na tréimhse tuairiscithe roimhe sin.

IAS 32 Ionstraimí Airgeadais: Cur i Láthair

Ceanglais maidir le nochtadh in IAS 32 atá fós infheidhme

- 242 Cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 34 agus 40 de IAS 32 i bhfeidhm.

IAS 34 Tuairisciú Airgeadais Eatramhach

Inneachar tuarascála airgeadais eatramhaí

Teagmhais agus idirbhearta suntasacha

- 243 Cuirfidh eintiteas san áireamh ina thuarascáil airgeadais eatramhach míniú ar imeachtaí agus idirbhearta atá suntasach chun tuiscint a fháil ar na hathruithe ar an staid airgeadais agus ar fheidhmíocht an eintitis ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe bliantúla deireanaí. Leis an bhfaisnéis a nochtar i ndáil leis na himeachtaí agus idirbhearta sin, tabharfar an fhaisnéis ábhartha a chuirtear i láthair sa thuarascáil airgeadais bhliantúil is déanaí cothrom le dáta.
- 244 I measc na dteagmhais agus na n-idirbheart a gceanglófaí nochtaí ina leith (ní liosta uileghabhálach é) dá mbeidís suntasach, tá na nithe seo a leanas:
- (a) díluacháil fardal chuig glanluach inréadaithe agus cealú díluachála den sórt sin;
 - (b) caillteanas ó lagú sócmhainní airgeadais, réadmhaoín, gléasra agus trealamh, sócmhainní doláimhsithe, sócmhainní a eascraíonn as conarthaí le custaiméirí, nó aitheantas sócmhainní eile, agus cealú caillteanais lagaithe den sórt sin;
 - (c) cealú aon fhoráil maidir le costais athstruchtúraithe;
 - (d) éadálacha agus diúscairtí ítimí réadmhaoine, gléasra agus trealamh;
 - (e) gealltanais maidir le réadmhaoín, gléasra agus trealamh a cheannach;
 - (f) socraíochtaí dlíthíochta;
 - (g) ceartúcháin ar earráidí réamhthréimhse;
 - (h) athruithe ar imthosca gnó nó eacnamaíocha a dhéanann difear do luach cóir shócmhainní airgeadais agus dhliteanais airgeadais an eintitis, cibé acu ar luach cóir nó ar chostas amúchta a aithnítear na sócmhainní nó dliteanais sin;
 - (i) aon iasacht ar mainneachtain nó sárú ar chomhaontú iasachta nár réitíodh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe nó roimhe sin;
 - (j) idirbhearta páirtithe gaolmhara;
 - (k) athruithe ar aicmiú sócmhainní airgeadais de thoradh athrú ar chuspóir nó ar úsáid na sócmhainní sin; agus
 - (l) athruithe ar dhliteanais theagmhaisacha nó ar shócmhainní teagmhaisacha.
- 245 Nuair atá teagmhas nó idirbheart suntasach chun na hathruithe ar staid airgeadais nó ar fheidhmíocht eintitis ón tréimhse tuairiscithe bhliantúil dheireanach a thuiscint, ba cheart dá thuarascáil airgeadais eatramhach míniú agus nuashonrú ar an bhfaisnéis ábhartha a chur san áireamh i ráitis airgeadais na tréimhse tuairiscithe bliantúla deireanaí.

Nochtaí eile

- 246 Nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis a shonraítear i bpointí (a)–(m) den mhír seo sna ráitis airgeadais eatramhacha nó corprófar í trí chrostagairt ó na ráitis airgeadais eatramhacha do ráiteas éigin eile (amhail tráchttaireacht bhainistíochta nó tuairisc ar rioscaí) atá ar fáil d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar na téarmaí céanna agus atá na ráitis airgeadais eatramhacha ar fáil dóibh agus an tráth céanna. I gcás nach bhfuil rochtain ag úsáideoirí na ráiteas airgeadais ar an bhfaisnéis atá corpraithe trí chrostagairt ar na téarmaí céanna agus an tráth céanna, tá an thuarascáil airgeadais eatramhach neamhiomlán. Déanfar an fhaisnéis bhreise a thuairisciú ar bhonn airgeadais bliain go dáta, de ghnáth, agus is éard a bheidh ann:
- (a) ráiteas go leantar na beartais chuntasaíochta agus na modhanna ríomha céanna sna ráitis airgeadais eatramhacha i gcomparáid leis na ráitis airgeadais bhliantúla is déanaí nó, má athraíodh na beartais nó na modhanna sin, tuairisc ar chineál agus éifeacht na n-athruithe.
 - (b) barúlacha mínitheacha maidir le séasúracht nó timthriallacht na n-oibríochtaí eatramhacha.
 - (c) cineál agus méid na n-ítimí a dhéanann difear do shócmhainní, dliteanais, cothromas, glanioncam nó sreafaí airgid ar neamhghnách iad de bharr a gcineáil, a méide nó a minicíochta.
 - (d) cineál agus méid na n-athruithe i meastacháin ar mhéideanna a tuairiscíodh in idirbhhearta réimhse na bliana airgeadais reatha nó athruithe ar mheastacháin ar mhéideanna a tuairiscíodh i mblianta roimhe sin.

- (e) eisiúintí, athcheannaigh agus aisíocaíochtaí fiach agus urrúis chothromais.
- (f) díbhinní arna n-íoc (comhiomlán nó in aghaidh na scaire) ar leithligh le haghaidh gnáthscaireanna agus scaireanna eile.
- (g) an bonn maidir le faisnéis a ullmhú agus a chur i láthair faoi dheighleoga, má roghnaíonn an t-eintiteas an fhaisnéis faoi na deighleoga sin a nochtadh. Má roghnaíonn an t-eintiteas an fhaisnéis a nochtadh maidir le deighleoga nach gcomhlíonann IFRS 8, ní thabharfaidh sé tuairisc ar an bhfaisnéis mar fhaisnéis faoi dheighleoga.
- (h) imeachtaí i ndiaidh na hidirthréimhse nár léiríodh sna ráitis airgeadais don idirthréimhse iad.
- (i) éifeacht na n-athruithe ar chomhdhéanamh an eintitis i rith na hidirthréimhse, lena n-áirítear comhcheangail ghnó, rialú ar fhochuideachtaí, ar infheistíochtaí fadtéarmacha, ar athstruchtúruithe agus ar oibríochtaí lascainithe a fháil nó a chailleadh. I gcás comhcheangail ghnó, nochtfaidh an t-eintiteas an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 35–37.
- (j) i gcás ionstraimí airgeadais, na nochtáí maidir le luach cóir a cheanglaítear le míreanna 64 agus 95–97.
- (k) i gcás eintitis atá ag teacht chun bheith ina n-eintitis infheistíochta, mar a shainmhínítear in IFRS 10, na nochtáí a cheanglaítear le mír 83.
- (l) dí-chomhiomlánú ioncam ó chonarthaí le custaiméirí a cheanglaítear le míreanna 103–104.
- (m) na nochtáí maidir le tomhais feidhmíochta bhainistíocht-shainithe a cheanglaítear le míreanna 142–146.

Nochtadh maidir le comhlíontacht le Caighdeán Chuntasaíochta IFRS

- 247 An t-eintiteas a gcomhlíonann a thuarascáil airgeadais eatramhach IAS 34 agus na ceanglais i míreanna 1–19 agus 243–249, déanfaidh sé ráiteas sainráite agus gan chuntar maidir leis an gcomhlíontacht sin sna nótaí. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, luafaidh sé sa ráiteas gan chuntar sin gur chuir sé an IAS 34 agus na ceanglais i míreanna 1–19 agus 243–249 i bhfeidhm. An t-eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm, ní thabharfaidh sé tuairisc ar thuarascáil airgeadais eatramhach mar thuarascáil a chomhlíonann Caighdeán Chuntasaíochta IFRS ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an t-eintiteas na ceanglais sa Chaighdeán seo agus gach ceanglas is infheidhme i gCaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile.

Nochtadh i ráitis airgeadais bhliantúla

- 248 Má chuirtear athrú suntasach ar mheastachán de mhéid arna thuairisciú in idirthréimhse a athraítear go suntasach i rith na hidirthréimhse deiridh den bhliain airgeadais ach nach bhfoilsítear thuarascáil airgeadais ar leithligh le haghaidh na hidirthréimhse deiridh sin, nochtfaidh eintiteas cineál agus méid an athraithe sin ar an meastachán i nóta a ghabhann leis na ráitis airgeadais bhliantúla le haghaidh na bliana airgeadais sin.

Ceanglais maidir le nochtadh in IAS 34 atá fós infheidhme

- 249 Cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i mír 41 de IAS 34 i bhfeidhm.

IAS 36 Lagú Sócmhainní

- 250 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas le haghaidh gach aicme sócmhainní:
- (a) méid na gcaillteanas lagaithe a aithníodh i mbrabús nó caillteanas le linn na tréimhse agus an ítim (na hítimí) líne sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach ina n-áirítear na caillteanais lagaithe sin; agus
 - (b) méid na gcealuithe ar chaillteanais lagaithe a aithníodh i mbrabús nó caillteanas le linn na tréimhse agus ítim (ítimí) líne sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach ina gcealaítear na caillteanais lagaithe sin.
- 251 Is éard is aicme sócmhainní ann grúpáil sócmhainní de chineál comhchosúil agus d'úsáid comhchosúil in oibríochtaí eintitis.
- 252 Nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas le haghaidh aonad giniúna airgid, ar aithníodh nó ar cealaíodh caillteanas lagaithe ina leith le linn na tréimhse:
- (a) tuairisc ar an aonad giniúna airgid (amhail cibé acu is líne táirgí, gléasra, oibriú gnó, limistéar geografach nó deighleog intuairiscithe é mar a shainítear in IFRS 8); agus
 - (b) i gcás ina bhfuil athrú tagtha ar chomhiomlánú na sócmhainní ar mhaithe leis an aonad giniúna airgid a shainaithint, ón tráth a rinneadh an meastachán roimhe faoi mhéid in-aisghabhála an aonaid

giniúna airgid (más ann dó), tuairisc ar an mbealach roimhe agus ar an mbealach reatha chun sócmhainní a chomhiomlánú agus na cúiseanna leis an mbealach a shainithnítear an t-aonad giniúna airgid a athrú.

- 253 I gcás, i gcomhréir le mír 84 de IAS 36, nár leithdháileadh aon sciar den cháilmheas a fuarthas i gcomhcheangal gnó le linn na tréimhse ar aonad giniúna airgid (grúpa aonad) ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, nochtfar méid an cháilmheasa neamh-leithdháilte chomh maith leis na cúiseanna a bhfuil an méid sin fós gan leithdháileadh.

Meastacháin a úsáidtear chun méideanna in-aisghabhála aonad giniúna airgid ina bhfuil cáilmheas nó sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu a thomhas

- 254 Le haghaidh gach aonaid giniúna airgid (grúpa aonad) ar suntasach í suim ghlanluacha an cháilmheasa nó na sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu arna leithdháileadh chuig an aonad (grúpa aonad) sin, i gcomparáid le suim ghlanluacha iomlán cáilmheasa nó sócmhainní doláimhsithe an eintitis, ar sócmhainní iad a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:

- (a) suim ghlanluacha an cháilmheasa arna leithdháileadh ar an aonad (grúpa aonad).
- (b) suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu arna leithdháileadh ar an aonad (grúpa aonad).
- (c) an bonn ar ar cinneadh méid in-aisghabhála an aonaid (grúpa aonad) (is é sin, luach úsáide nó luach cóir lúide costais diúscartha).
- (d) cé acu atá nó nach bhfuil méid in-aisghabhála an aonaid (an ghrúpa aonad) bunaithe ar luach úsáide:
 - (i) gach príomhthoimhde ar a bhfuil a réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid bunaithe ag an mbainistíocht le haghaidh na tréimhse a chumhdaítear leis na buiséid nó réamhaisnéisí is déanaí. Is iad na príomhthoimhdí na cinn is mó dá bhfuil méid in-aisghabhála an aonaid (an ghrúpa aonad) íogair.
 - (ii) an ráta fáis a úsáidtear chun réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid a eachtarshuí thar na tréimhsí a chumhdaítear ag na buiséid nó réamhaisnéisí is déanaí, agus an t-údar le ráta fáis a úsáid a sháraíonn an meánráta fáis fadtéarmach le haghaidh na dtáirgí, na dtionscal, na tíre nó na dtíortha ina n-oibríonn an t-eintiteas, nó le haghaidh an mhargaidh dá bhfuil an t-aonad (grúpa aonad) tiomnaithe.
 - (iii) an ráta (na rátaí) lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar na réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid.
- (e) i gcás ina bhfuil méid in-aisghabhála an aonaid (grúpa aonad) bunaithe ar luach cóir lúide costais diúscartha, an teicníc (na teicnící) luachála a úsáidtear chun luach cóir lúide costais diúscartha a thomhas. Ní cheanglaítear ar eintiteas na nochtáí sin a cheanglaítear le míreanna 95–97 a sholáthar. I gcás nach dtomhaistear luach cóir lúide costais diúscartha trí úsáid a bhaint as praghas luaite le haghaidh aonad (grúpa aonad) combhionann, nochtfaidh eintiteas an fhaisnéis seo a leanas:
 - (i) gach príomhthoimhde ar a mbunaíonn an bhainistíocht a cinneadh maidir le luach cóir lúide costais diúscartha. Is iad na príomhthoimhdí na cinn is mó dá bhfuil méid in-aisghabhála an aonaid (an ghrúpa aonad) íogair.
 - (ii) an leibhéal den ordlathas luacha chóir (féach IFRS 13) ar laistigh de a dhéantar tomhas ar luach cóir a chatagóiriú ina iomláine (gan aird a thabhairt ar inbhreathnaitheacht costas diúscartha).
- (f) i gcás ina dtomhaistear luach cóir lúide costais diúscartha trí úsáid a bhaint as réamh-mheastacháin lascainithe sreabhaidh airgid:
 - (i) an ráta fáis a úsáidtear chun réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid a eachtarshuí; agus
 - (ii) an ráta (na rátaí) lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar na réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid.

- 255 I gcás ina bhfuil cuid de shuim ghlanluacha cáilmheasa nó sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu, nó an tsuim ghlanluacha sin uile, leithdháilte ar aonaid giniúna airgid (grúpaí aonad) iomadúla, agus nach suntasach é an méid arna leithdháileadh ar an mbealach sin ar gach aonad (grúpa aonad) i gcomparáid le suim ghlanluacha iomlán cáilmheasa nó sócmhainní doláimhsithe an eintitis a bhfuil saolré úsáide éiginnte acu, nochtfar an méid sin, in éineacht leis an tsuim ghlanluacha chomhiomlán cáilmheasa nó sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu arna leithdháileadh ar na haonaid (grúpaí aonad) sin. Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil méideanna in-aisghabhála aon cheann de na haonaid (grúpaí

aonad) sin bunaithe ar an bpríomhthoimhde (na príomhthoimhdí) chéanna agus inar suntasach í suim ghlanluacha chomhiomlán an cháilmheasa nó na sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu arna leithdháileadh orthu i gcomparáid le suim ghlanluacha iomlán cáilmheasa nó sócmhainní doláimhsithe an eintitis a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu, nochtfaidh an t-eintiteas an méid sin, in éineacht leis na nithe seo a leanas:

- (a) suim ghlanluacha chomhiomlán an cháilmheasa arna leithdháileadh ar na haonaid (grúpaí aonad) sin;
- (b) suim ghlanluacha na sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolréanna úsáide éiginnte acu arna leithdháileadh ar na haonaid (grúpaí aonad) sin; agus
- (c) tuairisc ar an bpríomhthoimhde (na príomhthoimhdí).

256 An ríomh mionsonraithe is déanaí a rinneadh i dtéimhse roimhe sin maidir le méid in-aisghabhála aonad giniúna airgid (grúpa aonad), i gcomhréir le mír 24 de IAS 36 nó le mír 99 de IAS 36, féadtar é a thabhairt ar aghaidh agus a úsáid sa tástáil lagaithe ar an aonad (grúpa aonad) sin sa téimhse reatha ar choinníoll go gcomhlíontar critéir shonraithe. Nuair is amhlaidh an cás, baineann an fhaisnéis le haghaidh an aonaid (an ghrúpa aonad) sin a ionchorpraítear sna nochtaí a cheanglaítear le míreanna 254–255 leis an ríomh maidir le méid in-aisghabhála arna thabhairt ar aghaidh.

IAS 37 Forálacha, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

257 Nochtfaidh an t-eintiteas an méid seo a leanas le haghaidh gach aicme soláthair (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar):

- (a) an tsuim ghlanluacha ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;
- (b) forálacha breise a dhéantar sa tréimhse, lena n-áirítear méaduithe ar fhorálacha atá ann cheana;
- (c) méideanna a úsáidtear (méideanna a tabhaíodh agus a muirearaíodh in aghaidh an tsoláthair) le linn na tréimhse;
- (d) méideanna neamhúsáidte arna gcealú i rith na tréimhse; agus
- (e) méadú le linn na tréimhse ar an méid lascainithe a eascraíonn as imeacht ama agus éifeacht aon athrú sa ráta lascaine.

258 Nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas freisin le haghaidh gach aicme soláthair (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar):

- (a) tuairisc ghairid ar chineál na hoibleagáide agus ar uainiú ionchasach aon eis-sreabhaidh sochar eacnamaíoch a eascraíonn aisti.
- (b) léiriú ar an éiginnteacht a bhaineann le méid nó le huainiú na n-eis-sreafaí sin. I gcás inar gá faisnéis leordhóthanach a sholáthar, nochtfaidh eintiteas na toimhdí móra a rinneadh i ndáil le teagmhais amach anseo, a dtugtar aghaidh orthu i mír 48 de IAS 37.
- (c) méid aon aisíocaíochta a bhfuil coinne léi, ag tabhairt mhéid aon sócmhainn a aithníodh le haghaidh na haisíocaíochta sin a bhfuil coinne léi.

259 Mura dócha go socrófaí aon eis-sreabhadh, nochtfaidh eintiteas tuairisc ghairid ar chineál an dliteanais theagmhasaigh le haghaidh gach aicme de dhliteanas teagmhasach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus, i gcás inar féidir:

- (a) meastachán ar a éifeacht airgeadais, a thomhaistear faoi mhíreanna 36–52 de IAS 37;
- (b) léiriú ar an éiginnteacht a bhaineann le méid nó uainiú aon eis-sreabhadh; agus
- (c) an fhéidearthacht go mbeadh aon aisíocaíocht ann.

260 I gcás inar dócha go mbeidh insreabhadh sochar eacnamaíoch ann, nochtfaidh eintiteas tuairisc ghearr ar chineál na sócmhainní teagmhasacha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe agus, i gcás inarb indéanta é, meastachán ar a n-éifeacht airgeadais, a thomhaistear trí úsáid a bhaint as na prionsabail a leagtar amach le haghaidh soláthairtí i míreanna 36–52 de IAS 37.

261 I gcás nach nochtar aon chuid den fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 259–260 toisc nach indéanta sin a dhéanamh, luafaidh eintiteas an méid sin.

262 I gcásanna thar a bheith annamh, is féidir coinne a bheith leis go ndéanfar mórdhochar do staid an eintitis i ndíospóid le páirtithe eile maidir le hábhar na forála, an dliteanais theagmhasaigh nó na sócmhainne teagmhasaí má nochtfar cuid den fhaisnéis, nó an fhaisnéis uile, a cheanglaítear le míreanna 257–260. I

gcásanna den sórt sin, ní gá d'eintiteas an fhaisnéis a nochtadh, ach nochtfaidh sé an cineál ginearálta díospóide atá ann, agus nár nochtadh an fhaisnéis chomh maith agus an chúis atá leis sin.

IAS 38 Sócmhainní Doláimhsithe

- 263 Nochtfaidh eintiteas maidir le gach aicme de shócmhainní doláimhsithe, agus idirdhealú á dhéanamh idir sócmhainní doláimhsithe a ghintear go himmheánach agus sócmhainní doláimhsithe eile, an méid seo a leanas:
- (a) cé acu éiginnte nó críochna atá na saolréanna úsáide agus, más críochna, na saolréanna úsáide nó na rátaí amúchta a úsáidtear;
 - (b) na modhanna amúchta a úsáidtear le haghaidh sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saolré úsáide chríochna acu;
 - (c) an t-oll-luach de réir na leabhar agus aon amúchadh carntha (arna chomhiomlánú le caillteanais lagaithe charntha) ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;
 - (d) ítim (ítimí) líne an ráitis ar ioncam cuimsitheach ina gcuirtear aon amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe san áireamh; agus
 - (e) réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar) ar an tsuim ghlanluacha ag tús agus ag deireadh na tréimhse lena léirítear na nithe seo a leanas:
 - (i) sócmhainní a cuireadh leis, lena léirítear ar leithligh iad siúd a d'eascair as forbairt inmheánach, iad siúd a fuarthas ar leithligh, agus iad siúd a fuarthas trí chomhcheangail ghnó;
 - (ii) sócmhainní a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó a áirítear i ngrúpa díuscartha a aicmítear mar ghrúpa arna shealbhú lena dhíol i gcomhréir le IFRS 5 agus díuscairtí eile;
 - (iii) méaduithe nó laghduithe le linn na tréimhse a eascraíonn as athluachálacha faoi mhíreanna 75 agus 85–86 de IAS 38 agus as caillteanais lagaithe a aithnítear nó a aisiompaítear in ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le IAS 36 (más ann dóibh);
 - (iv) caillteanais lagaithe a aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas le linn na tréimhse i gcomhréir le IAS 36 (más ann dóibh);
 - (v) caillteanais lagaithe a chealaítear i mbrabús nó i gcaillteanas le linn na tréimhse i gcomhréir le IAS 36 (más ann dóibh);
 - (vi) aon amúchadh a aithnítear le linn na tréimhse; agus
 - (vii) athruithe eile ar an tsuim ghlanluacha le linn na tréimhse.
- 264 Nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas freisin:
- (a) i gcás sócmhainne doláimhsithe a measúnaíodh go bhfuil saolré úsáide éiginnte aici, suim ghlanluacha na sócmhainne sin agus na cúiseanna a thacaíonn leis an measúnú go bhfuil saolré úsáide éiginnte aici. Agus na cúiseanna sin á lua, tabharfaidh an t-eintiteas tuairisc ar an toisc (na tosca) a d'imir ról suntasach sa chinneadh go bhfuil saolré úsáide éiginnte ag an tsócmhainn.
 - (b) tuairisc ar aon sócmhainn dholáimhsithe aonair atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais an eintitis, a suim ghlanluacha agus an tréimhse amúchta atá fágtha lena haghaidh.
 - (c) i gcás sócmhainní doláimhsithe a fuarthas trí bhíthin deontas rialtais agus a aithníodh ar dtús ar luach cóir (féach mír 44 de IAS 38):
 - (i) an luach cóir a aithníodh ar dtús le haghaidh na sócmhainní sin;
 - (ii) a suimeanna glanluacha; agus
 - (iii) cé acu faoin tsamhail chostais nó faoin tsamhail athluachála a thomhaistear tar éis aitheantais iad.
 - (d) gur ann do shócmhainní doláimhsithe a bhfuil a dteideal srianta agus a suimeanna glanluacha, agus suimeanna glanluacha sócmhainní doláimhsithe a ghealltar mar urrús le haghaidh dliteanas.
 - (e) méid na ngealltanais conarthach chun sócmhainní doláimhsithe a fháil.
- 265 Má choinnítear cuntas ar shócmhainní doláimhsithe ar mhéideanna athluacháilte, nochtfaidh eintiteas an méid seo a leanas:
- (a) de réir aicme sócmhainní doláimhsithe:

- (i) dáta éifeachtach na hathluachála;
 - (ii) suim ghlanluacha sócmhainní doláimhsithe athluacháilte; agus
 - (iii) an tsuim ghlanluacha a d'aithneofaí dá ndéanfaí an aicme athluacháilte sócmhainní doláimhsithe a thomhas tar éis aitheantais trí úsáid a bhaint as an tsamhail chostais i mír 74 de IAS 38; agus
- (b) méid an bharrachais athluachála a bhaineann le sócmhainní doláimhsithe ag tús agus deireadh na tréimhse tuairiscithe, lena léirítear na hathruithe le linn na tréimhse agus aon srian ar dháileadh an iarmhéid ar scairshealbhóirí.
- 266 Nochtfaidh eintiteas an méid comhiomlán caiteachais taighde agus forbartha a aithnítear mar chostas le linn na tréimhse tuairiscithe.

IAS 40 Réadmhaoin Infheistíochta

Samhail luacha chóir agus samhail chostais

- 267 Tá feidhm ag na nochtaí i míreanna 268–271 sa bhreis orthu sin a cheanglaítear le haghaidh léasanna i míreanna 115–127. Soláthraíonn úinéir réadmhaoin infheistíochta nochtaí léasóirí maidir le léasanna atá déanta aige. Léasaí a shealbhaíonn réadmhaoin infheistíochta mar shócmhainn lena ngabhann ceart úsáide, soláthraíonn sé nochtaí léasaithe agus nochtaí léasóirí maidir le haon léas oibriúcháin a rinne sé.
- 268 Nochtfaidh eintiteas an méid a leanas:
- (a) cé acu a chuireann sé an tsamhail luacha chóir nó an tsamhail chostais i bhfeidhm.
 - (b) a mhéid atá luach cóir réadmhaoin infheistíochta (mar a thomhaistear nó mar a nochtar sna ráitis airgeadais) bunaithe ar luacháil arna déanamh ag luachálaí neamhspleách ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil aitheanta ábhartha agus ag a bhfuil taithí le déanaí ar shuíomh agus ar chatagóir na réadmhaoin infheistíochta atá á luacháil. Mura ndearnadh luacháil den sórt sin, nochtfar é sin.
 - (c) an t-athrú carnach ar luach cóir a aithnítear i mbrabús nó caillteanas ar dhíolachán réadmhaoin infheistíochta, ó chomhthiomsú sócmhainní ina n-úsáidtear an tsamhail chostais, isteach i gcomhthiomsú ina n-úsáidtear an tsamhail luacha chóir (féach mír 32C de IAS 40).
 - (d) gurb ann do shrianta agus an méid srianta ar inréadaitheacht na réadmhaoin infheistíochta nó ar sheoltán agus ar fháltais ó dhiúscairt.
 - (e) oibleagáidí conarthacha chun réadmhaoin infheistíochta a cheannach, a thógáil nó a fhorbairt, nó le haghaidh deisiúcháin, cothabhála nó feabhsuithe.

Samhail luacha chóir

- 269 I dteannta na nochtaí a cheanglaítear le mír 268, eintiteas a chuireann an tsamhail luacha chóir i bhfeidhm i míreanna 33–55 de IAS 40, nochtfaidh sé réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar) idir suimeanna glanluacha réadmhaoin infheistíochta ag tús agus ag deireadh na tréimhse, ina léireofar na nithe a leanas:
- (a) breiseanna;
 - (b) éadálacha trí chomhcheangail ghnó;
 - (c) sócmhainní a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó a áirítear i ngrúpa díuscartha a aicmítear mar ghrúpa arna shealbhu lena dhíol i gcomhréir le IFRS 5 agus díuscairtí eile;
 - (d) glanghnóthachain nó caillteanais ó choigeartuithe luacha chóir;
 - (e) aistrithe chuig fardail agus ó fhardail agus réadmhaoin úinéir-áitithe; agus
 - (f) athruithe eile.
- 270 Sna cásanna eisceachtúla dá dtagraítear i mír 53 de IAS 40, nuair a thomhaiseann eintiteas réadmhaoin infheistíochta trí úsáid a bhaint as an tsamhail chostais in IAS 16 nó i gcomhréir le IFRS 16, nochtfar leis an réiteach a cheanglaítear le mír 269 méideanna a bhaineann leis an réadmhaoin infheistíochta sin ar leithligh ó mhéideanna a bhaineann le réadmhaoin infheistíochta eile. Ina theannta sin, nochtfaidh eintiteas:
- (a) tuairisc ar an réadmhaoin infheistíochta; agus
 - (b) míniú ar an gcúis nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaoifa.

Samhail chostais

- 271 I dteannta na nochtaí a cheanglaítear le mír 268, eintiteas a chuirfidh an tsamhail chostais i mír 56 de IAS 40 i bhfeidhm, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) na modhanna dímheasa a úsáidtear;
 - (b) na saolréanna úsáide nó na rátaí dímheasa a úsáidtear;
 - (c) an t-oll-luach de réir na leabhar agus an dímheas carntha (arna chomhiomlánú le caillteanas lagaithe charntha) ag tús agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe; agus
 - (d) réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar) ar shuim ghlanluacha réadmhaoine infheistíochta ag tús agus ag deireadh na tréimhse lena léireofar na nithe seo a leanas:
 - (i) breiseanna;
 - (ii) éadálacha trí chomhcheangail ghnó;
 - (iii) sócmhainní a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó a áirítear i ngrúpa diúscartha a aicmítear mar ghrúpa arna shealbhú lena dhíol i gcomhréir le IFRS 5 agus diúscairtí eile;
 - (iv) dímheas;
 - (v) an méid caillteanas lagaithe arna n-aithint, agus na méid caillteanas lagaithe arna n-aisiompú, le linn na tréimhse i gcomhréir le IAS 36;
 - (vi) aistrithe chuig fardail agus ó fhardail agus réadmhaoín úinéir-áitithe; agus
 - (vii) athruithe eile.
 - (e) luach cóir réadmhaoine infheistíochta. Sna cásanna eisceachtúla ar a dtugtar tuairisc i mír 53 de IAS 40, nuair nach féidir le heintiteas luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a thomhas go hiontaofa, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (i) tuairisc ar an réadmhaoín infheistíochta;
 - (ii) míniú ar an gcúis nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa; agus
 - (iii) más féidir, raon na meastachán a bhfuil dóigh ard go mbeidh an luach cóir laistigh de.

IAS 41 *Talmhaíocht*

Ginearálta

- 272 Soláthróidh eintiteas tuairisc ar gach grúpa sócmhainní bitheolaíochta.
- 273 Nochtfaidh eintiteas réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar) d'athruithe ar shuim ghlanluacha sócmhainní bitheolaíochta idir tús agus deireadh na tréimhse tuairiscithe reatha. Áireofar leis an réiteach:
- (a) an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as athruithe ar luach cóir lúide costais a bhaineann le díol;
 - (b) méaduithe i ngeall ar cheannacháin;
 - (c) laghduithe atá inchurtha i leith díolachán agus sócmhainní bitheolaíochta a aicmítear mar arna sealbhú lena ndíol (nó a áirítear i ngrúpa diúscartha a aicmítear mar arna shealbhú le díol) i gcomhréir le IFRS 5;
 - (d) laghduithe i ngeall ar bhuint;
 - (e) méaduithe a leanann as comhcheangail ghnó;
 - (f) glandifríochtaí ráta malairte a eascraíonn as ráitis airgeadais a aistriú go dtí airgeadra tuairiscithe difriúil, agus as oibriocht eachtrach a aistriú go dtí airgeadra tuairiscithe an eintitis tuairiscithe; agus
 - (g) athruithe eile.

Nochtaí breise le haghaidh sócmhainní bitheolaíochta i gcás nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa

- 274 Má thomhaiseann eintiteas sócmhainní bitheolaíochta ar a gcostas lúide aon dímheas carntha agus aon chaillteanas lagaithe carntha (féach mír 30 de IAS 41 *Talmhaíocht*) ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, déanfaidh an t-eintiteas nochtadh le haghaidh sócmhainní bitheolaíochta den sórt sin:
- (a) tuairisc ar na sócmhainní bitheolaíochta;
 - (b) míniú ar an gcúis nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa;
 - (c) an modh dímheasa a úsáidtear;
 - (d) na saolréanna úsáide nó na rátaí dímheasa a úsáidtear; agus
 - (e) an t-oll-luach de réir na leabhar agus an dímheas carntha (arna chomhiomlánú le caillteanais lagaithe charntha) ag tús agus ag deireadh na tréimhse.

Deontais rialtais

- 275 Nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas a bhaineann le gníomhaíocht talmhaíochta a chumhdaítear le IAS 41:
- (a) cineál agus méid na ndeontas rialtais a aithnítear sna ráitis airgeadais; agus
 - (b) coinníollacha neamhchomhlíonta agus teagmhais eile atá i gceangal le deontais rialtais nach bhfuil aitheanta i mbrabús nó caillteanas.

Nochtaí eile

- 276 Ní cheanglaítear ar an eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm IFRS 8 a chur i bhfeidhm freisin. Má roghnaíonn eintiteas a chuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm an fhaisnéis a nochtadh maidir le deighleoga nach gcomhlíonann IFRS 8, ní thabharfaidh sé tuairisc ar an bhfaisnéis mar fhaisnéis faoi dheighleoga. Tabharfaidh an t-eintiteas a dhéanann nochtaí den sórt sin tuairisc ar an mbonn atá leis na nochtaí sin a ullmhú agus a dhéanamh. An t-eintiteas a roghnaíonn IFRS 8 a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé gach ceanglas maidir le nochtadh ann i bhfeidhm agus luafaidh sé gur chuir sé IFRS 8 i bhfeidhm.

Foscúbhinn A—Dáta éifeachtach agus aistriú

Is dlúthchuid den Chaighdeán é an Foscúbhinn seo.

- A1 Féadfaidh eintiteas rogha a dhéanamh an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm maidir le tréimhsí tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin. I gcomhréir le mír 14, má chuireann eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe reatha ach nach gcuireann an Caighdeán seo i bhfeidhm sa tréimhse thuairiscithe díreach roimhe sin, soláthróidh sé faisnéis chomparáideach (is é sin, faisnéis le haghaidh na tréimhse roimhe sin) i leith gach méid a thuairiscítear i ráitis airgeadais na tréimhse reatha, seachas i gcás ina gceadaítear nó ina gceanglaítear a mhalairt leis an gCaighdeán seo nó le Caighdeán Cuntasaíochta IFRS eile.

IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*

- A2 Cuirtear IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* arna eisiúint i mí Aibreáin 2024, in ionad IAS 1 *Cur i Láthair Ráiteas Airgeadais*. Tá feidhm ag IFRS 18 maidir le tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2027 agus ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe.
- A3 An t-eintiteas a roghnaíonn an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhse thuairiscithe níos luaithe ná an tréimhse thuairiscithe ina gcuireann sé IFRS 18 i bhfeidhm den chéad uair, cuirfidh sé míreanna B2–B19 d’Foscúbhinn B i bhfeidhm in ionad mhíreanna 128–163 (faoi fho-cheannteideal IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*), 173–177 agus 182–183 (faoi fho-cheannteideal IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*) agus 246(m) (faoi fho-cheannteideal IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach*). Má chuireann an t-eintiteas den sórt sin IAS 33 *Tuilleamh in aghaidh na Scaire* i bhfeidhm, cuirfidh sé míreanna 73 agus 73A de IAS 33 i bhfeidhm in ionad mhíreanna 73B agus 73C de IAS 33 (arna leasú le IFRS 18).

Leasuithe ar IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*

- A4 Le *Easpa Inmhalartaitheachta*, arna eisiúint i mí Lúnasa 2023, leasaíodh IAS 21 *Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*, trí cheanglais nua maidir le nochtadh a chur isteach i míreanna 57A–57B de IAS 21. Tá feidhm ag na leasuithe ar IAS 21 maidir le tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin, agus ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann an t-eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm le haghaidh tréimhse thuairiscithe bhliantúil a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2025 agus nár chuir sé na leasuithe ar IAS 21 i bhfeidhm, ní gá dó míreanna 221–224 a chur i bhfeidhm.

Leasuithe ar IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais agus ar IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtaí

- A5 Le *Leasuithe ar Aicmiú agus Tomhas Ionstraimí Airgeadais*, arna eisiúint i mí na Bealtaine 2024, cuireadh isteach míreanna 56A–56C. Tá feidhm ag na leasuithe maidir le tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin, agus ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann an t-eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm le haghaidh tréimhse thuairiscithe bhliantúil a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2026 agus nár chuir sé na leasuithe ar an Treoraíocht maidir le Cur i bhfeidhm a ghabhann le Roinn 4.1 de IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais* (Aicmiú sócmhainní airgeadais) le haghaidh na tréimhse níos luaithe sin, ní gá dó míreanna 56A–56C a chur i bhfeidhm.
- A6 Le *Conarthaí ina dTagraítear do Leictreachas atá Spleách ar an Dúlra*, arna eisiúint i mí na Nollag 2024, leasaíodh IFRS 9 agus IFRS 7, trí cheanglais nua maidir le nochtadh a chur isteach i míreanna 30A–30C de IFRS 7. Leis na leasuithe sin, cuireadh isteach míreanna 64A–64C agus leasaíodh mír 42 den Chaighdeán seo. I gcomhréir le mír 4(c) den Chaighdeán seo, leagtar amach na ceanglais trasdula le haghaidh mhíreanna 64A–64C i míreanna 44OO–44PP de IFRS 7. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm nuair a chuireann sé na leasuithe ar IFRS 9 i bhfeidhm. Tá feidhm ag na leasuithe ar IFRS 9 agus ar IFRS 7 maidir le tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin, agus ceadáítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm le haghaidh tréimhse thuairiscithe bhliantúil a thosaíonn roimh an 1 Eanáir 2026 agus nár chuir sé na leasuithe ar IFRS 9 i bhfeidhm níos luaithe, ní gá dó míreanna 64A–64C a chur i bhfeidhm.

Foscríbhinn B—Ceanglais maidir le nochtadh má chuireann an t-eintiteas IFRS 19 i bhfeidhm sula gcuireann sé IFRS 18 i bhfeidhm

Is dlúthchuid den Chaighdeán é an Foscríbhinn seo.

- B1 An t-eintiteas a roghnaíonn an Caighdeán seo a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhse thuairiscithe níos luaithe ná an tréimhse thuairiscithe ina gcuireann sé IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais* i bhfeidhm den chéad uair, cuirfidh sé míreanna B2–B19 i bhfeidhm in ionad mhíreanna 128–163 (faoi fho-cheannteideal IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*), 173–177 agus 182–183 (faoi fho-cheannteideal IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais*) agus 246(m) (faoi fho-cheannteideal IAS 34 *Tuairisciú Airgeadais Eatramhach*). Cuirtear IFRS 18 in ionad IAS 1 *Cur i láthair Ráiteas Airgeadais* le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Leagtar amach i míreanna B2–B19 ceanglais maidir le nochtadh le haghaidh an eintitis a chuireann IAS 1 agus an Caighdeán seo a i bhfeidhm.

Cur i láthair cothrom agus comhlíontacht le Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS

- B2 Nuair a imíonn eintiteas ó cheanglas Caighdeáin Cuntasaíochta IFRS i gcomhréir le mír 19 de IAS 1, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) gur tháinig an lucht bainistíochta ar an gconclúid go gcuirtear staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid an eintitis i láthair go cothrom sna ráitis airgeadais;
 - (b) gur chomhlíon sé Caighdeáin Chuntasaíochta IFRS is infheidhme, ach amháin gur imigh sé ó cheanglas ar leith chun cur i láthair cothrom a bhaint amach;
 - (c) teideal an Chaighdeáin Cuntasaíochta IFRS ónar imigh an t-eintiteas; cineál an imeachta, lena n-áirítear an chóireáil a mbeadh gá léi de réir an Chaighdeáin Cuntasaíochta IFRS; an fáth a mbeadh an chóireáil sin chomh míthreorach sin sna himthosca go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil le haghaidh Tuairisciú Airgeadais* (*Creat Coincheapúil*) agus leis an gcóireáil a ghlactar; agus
 - (d) i gcás gach tréimhse a chuirtear i láthair, iarmhairt airgeadais an imeachta ar gach ítim sna ráitis airgeadais a thuairisceofaí dá mbeifí ag comhlíonadh an cheanglais.
- B3 I gcás inar imigh eintiteas ó cheanglas Caighdeáin Cuntasaíochta IFRS i dtréimhse roimhe sin, agus i gcás ina ndéanann an t-imeacht sin difear do na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais le haghaidh na tréimhse reatha, déanfaidh sé na noқтаí a leagtar amach i míreanna B2(c) agus B2(d).
- B4 Sna himthosca, nach dtarlaíonn ach go fíor-annamh, ina dtagann an lucht bainistíochta ar an gconclúid go mbeadh comhlíontacht le ceanglas i gCaighdeán Cuntasaíochta IFRS chomh míthreorach sin go mbeadh sí i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*, ach ina dtoirmiscear leis an gcreat rialála ábhartha imeacht ón gceanglas, déanfaidh an t-eintiteas na gnéithe míthreoracha comhlíontachta a bhraitear a bheith ann a laghdú, a mhéid is mó is féidir, trí na nithe a leanas a nochtadh:
- (a) teideal an Caighdeáin Cuntasaíochta IFRS atá i gceist, cineál an cheanglais agus an fáth gur chinn an bhainistíocht go bhfuil comhlíonadh an cheanglais sin chomh míthreorach sin sna himthosca go bhfuil sé i gcoinbhleacht le cuspóir na ráiteas airgeadais a leagtar amach sa *Chreat Coincheapúil*; agus
 - (b) i gcás gach tréimhse a chuirtear i láthair, na coigeartuithe ar gach ítim sna ráitis airgeadais ar tháinig an lucht bainistíochta ar an gconclúid ina leith go mbeadh gá leo chun cur i láthair cothrom a bhaint amach.

Athrú ar bheartas cuntasaíochta, athráiteas cúlghabhálach nó athaicmiú

- B5 Nuair cheanglaítear ar eintiteas ráiteas breise maidir le staid airgeadais a chur i láthair i gcomhréir le mír 40A de IAS 1, ní mór dó an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna B6–B7, 178–181 agus 186 a nochtadh. Ní gá dó, áfach, na nótaí gaolmhara a ghabhann leis an ráiteas tosaigh maidir le staid airgeadais ag tús na tréimhse roimhe sin a chur i láthair.

- B6 Má athraíonn eintiteas cur i láthair nó aicmiú ítimí ina ráitis airgeadais, athaicmeoidh sé méideanna comparáideacha ach amháin i gcás ina bhfuil an t-athaicmiú dofheidhmithe. Nuair a athaicmíonn eintiteas méideanna comparáideacha, nochtfaidh sé na nithe a leanas (lena n-áirítear ag tús na tréimhse roimhe sin):
- (a) cineál an athaicmithe;
 - (b) méid gach ítime nó gach aicme ítimí a athaicmítear; agus
 - (c) an chúis atá leis an athaicmiú.
- B7 Nuair atá sé dofheidhmithe méideanna comparáideacha a athaicmiú, nochtfaidh eintiteas na nithe a leanas:
- (a) an chúis nach n-athaicmítear na méideanna; agus
 - (b) cineál na gcoigeartuithe a dhéanfaí dá n-athaicmeofaí na méideanna.

Ceart chun socraíocht dliteanas a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad

- B8 Agus míreanna 69–75 de IAS 1 á gcur i bhfeidhm, d'fhéadfadh eintiteas dliteanas a eascraíonn as socrúithe iasachta a aicmiú mar dhliteanas neamhreacha nuair atá sé de cheart ag an eintitis socraíocht na ndlitanas sin a chur siar faoi réir cúnaight a chomhlíonadh laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe (féach mír 72B(b) de IAS 1). I gcásanna den sórt sin, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis sna nótaí lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí ráiteas airgeadais tuiscint a fháil ar an riosca go bhféadfadh na dliteanas a bheith inaisíoctha laistigh de 12 mhí tar éis na tréimhse tuairiscithe, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
- (a) faisnéis faoi na cúnaight (lena n-áirítear cineál na gcúnant agus an tráth a cheanglaítear ar an eintiteas iad a chomhlíonadh) agus suim ghlanluacha na ndlitanas gaolmhar.
 - (b) fíorais agus imthosca, más ann dóibh, a léiríonn go bhféadfadh deacracht a bheith ag an eintiteas na cúnaight a chomhlíonadh — mar shampla, an t-eintiteas a ghníomhaigh le linn na tréimhse tuairiscithe nó ina dhiaidh chun sárú féideartha a sheachaint nó a mhaolú. D'fhéadfaí a áireamh freisin sna fíorais agus sna himthosca sin nach gcomhlíonadh an t-eintiteas na cúnaight dá ndéanfaí measúnú orthu lena gcomhlíonadh bunaithe ar imthosca an eintitis ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Faisnéis atá le cur i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó sna nótaí

- B9 Déanfaidh eintiteas an méid seo a leanas a chur i láthair sa ráiteas staide airgeadais, nó nochtfaidh sé fo-aicmithe breise na n-ítimí líne seo a leanas sna nótaí:
- (a) dí-chomhiomlánaítear ítimí réadmhaoin, gléasra agus trealamh ina n-aicmí i gcomhréir le IAS 16 *Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh*;
 - (b) dí-chomhiomlánaítear infháiltais ina méideanna infhaighte ó chustaiméirí trádála, ina n-infháiltais ó pháirtithe gaolmhara, ina réamhíocaíochtaí agus ina méideanna eile;
 - (c) dí-chomhiomlánaítear fardail, i gcomhréir le IAS 2 *Fardail*, ina n-aicmithe amhail earraí ar díol, soláthairtí táirgthe, ábhair, obair idir lámha agus earraí críochnaithe;
 - (d) dí-chomhiomlánaítear fiachais iníoctha trádála, i gcomhréir le IAS 7 *Ráiteas ar Shreafaí Airgid*, chun méideanna na bhfiachas iníoctha sin atá ina gcuid de shocrúithe maoiniúcháin um íoc soláthróirí a sholáthar ar leithligh;
 - (e) dí-chomhiomlánaítear forálacha ina bhforálacha le haghaidh sochair fostaithe agus ítimí eile; agus
 - (f) dí-chomhiomlánaítear caipiteal cothromais agus cúlchistí ina n-aicmí éagsúla, amhail caipiteal íoctha, scairbhiseach agus cúlchistí.
- B10 Cuirfidh eintiteas i láthair sa ráiteas staide airgeadais nó sa ráiteas ar athruithe sa chothromas, nó nochtfaidh sé sna nótaí an méid seo a leanas:
- (a) le haghaidh gach aicme scairchaipitil:
 - (i) an méid scaireanna atá údaraithe;
 - (ii) an líon scaireanna atá eisithe agus láníoctha, agus eisithe ach gan bheith láníoctha;
 - (iii) parluach in aghaidh na scaire, nó nach bhfuil parluach ag na scaireanna;
 - (iv) réiteach (ní cheanglaítear faisnéis chomparáideach a sholáthar) ar an líon scaireanna gan íoc ag tús agus ag deireadh na tréimhse;

- (v) na cearta, fabhair agus srianta a ghabhann leis an aicme sin, lena n-áirítear srianta ar íocaíocht amach díbhinní agus aisíocaíocht caipitil;
 - (vi) an líon scaireanna san eintiteas arna sealbhú ag an eintiteas nó ag a fhochuideachtaí nó a ghnólachtaí comhlachaithe; agus
 - (vii) scaireanna forchoimeáda lena n-eisiúint faoi roghanna agus conarthaí maidir le díolachán scaireanna, lena n-áirítear téarmaí agus méideanna; agus
- (b) tuairisc ar chineál agus ar chuspóir gach cúlchiste laistigh de chothromas.
- B11 Nochtfaidh eintiteas nach bhfuil scairchaipiteal aige, amhail comhpháirtíocht nó iontaobhas, faisnéis atá coibhéiseach leis an bhfaisnéis cheanglaítear le mír B10(a), lena léirítear athruithe le linn na tréimhse ar gach catagóir úis cothromais, agus na cearta, fabhair agus srianta a bhaineann le gach catagóir úis cothromais.

Ráiteas ar athruithe sa chothromas

- B12 Déanfaidh eintiteas an méid díbhinní a aithnítear mar dháileacháin ar úinéirí le linn na tréimhse (an méid comhiomlán nó an méid in aghaidh na scaire), a chur i láthair sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó sna nótaí, agus cuirfidh sé i láthair iad ar leithligh le haghaidh gnáthscaireanna agus scaireanna eile.

Faisnéis a nochtadh maidir le beartas cuntasaíochta

- B13 Déanfaidh eintiteas faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta a nochtadh.
- B14 Nochtfaidh eintiteas, in éineacht le faisnéis ábhartha maidir le beartas cuntasaíochta nó nótaí eile, na breithiúnais, seachas iad sin a mbaineann meastacháin leo (féach mír B12), atá déanta ag an lucht bainistíochta agus beartais chuntasaíochta an eintitis á gcur i bhfeidhm acu, agus a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais. I measc na samplaí de bhreithiúnais a d'fhéadfaí a cheangal ar eintiteas a nochtadh tá an chaoi a gcinntear na nithe seo a leanas:
- (a) aicmí iomchuí sócmhainní agus dliteanas ar cheart nochtadh maidir le tomhas ar luach cóir a sholáthar ina leith;
 - (b) go bhfuil eintiteas eile á rialú ag an eintiteas;
 - (c) go bhfuil rialú comhpháirteach ag an eintiteas ar shocrú nó go bhfuil tionchar suntasach aige ar eintiteas eile;
 - (d) an cineál comhshocraithe (is é sin, oibríocht chomhpháirteach nó comhfhiontar) i gcás ina struchtúraíodh an socrú trí mheán ar leithligh; agus
 - (e) gur eintiteas infheistíochta é an t-eintiteas.

Foinsí éiginnteachta meastacháin

- B15 Nochtfaidh eintiteas faisnéis maidir leis na toimhdí a dhéanann sé faoin todhchaí, agus foinsí móra eile éiginnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú ábhartha, mar thoradh orthu, ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile. I leith na sócmhainní agus na ndliteanas sin, áireofar leis na nótaí mionsonraí maidir leis na nithe a leanas:
- (a) a gcineál; agus
 - (b) a suim ghlanluacha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.
- B16 Ní cheanglaítear na nochtaí i mír B15 le haghaidh sócmhainní ná dliteanas a mbaineann riosca suntasach leo go n-athrófar a suimeanna glanluacha go hábhartha laistigh den chéad bhliain airgeadais eile más amhlaidh, ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, go dtomhaistear ar luach cóir iad bunaithe ar phraghas arna lua i margadh gníomhach le sócmhainn nó le dliteanas atá comhionann leo. D'fhéadfadh athrú ábhartha teacht ar luachanna córa den sórt sin laistigh den chéad bhliain airgeadais eile, ach ní eascródh na hathruithe sin as toimhdí ná as foinsí eile éiginnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Nochtaí eile

- B17 Nochtfaidh eintiteas na nithe seo a leanas sna nótaí:

- (a) an méid díbhinní a beartaíodh nó a dearbhaíodh sular údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint ach nach n-aithnítear mar dháileachán ar úinéirí le linn na tréimhse, agus an méid gaolmhar in aghaidh na scaire; agus
 - (b) méid aon díbhinne tosaíochta carnaí nach n-aithnítear.
- B18 Nochtfaidh eintiteas na nithe a leanas, mura nochtar in áit éigin eile iad i bhfaisnéis a fhoilsítear in éineacht leis na ráitis airgeadais:
- (a) sainchónaí agus foirm dhlíthiúil an eintitis, tír a ionchorpraithe agus seoladh a oifige cláraithe (nó a phríomháite gnó i gcás nach ionann sin agus an oifig chláraithe); agus
 - (b) tuairisc ar chineál oibríochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí an eintitis.

Ceanglais maidir le nochtadh in IAS 1 atá fós infheidhme

- B19 Cuirfidh eintiteas na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 15, 17(c), 25, 31, 36, 51, 53, 92, 94, 99, 103, 106(d), 110, 112 agus 113 de IAS 1 i bhfeidhm.

Foscúbhinn C—Leasuithe ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile

Leagtar amach leis an bhFoscúbhinn seo leasuithe ar Chaighdeán Chuntasaíochta IFRS eile. Cuirfidh eintiteas na leasuithe i bhfeidhm nuair a chuireann sé IFRS 19 i bhfeidhm.

IFRS 1 Glacadh Céaduaire na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais

Leasaítear míreanna 4B agus D2 de IFRS 1.

Raon feidhme

- ...
- 4B I gcás nach roghnaíonn eintiteas an IFRS seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4A, cuirfidh an t-eintiteas i bhfeidhm na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 23A–23B de IFRS 1 mar sin féin, anuas ar na ceanglais maidir le nochtadh in IAS 8. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, cuirfidh sé na ceanglais maidir le nochtadh i míreanna 22–23 agus 173–187 de IFRS 19 i bhfeidhm.
- ...

Aguisín D Eisceachtaí ó IFRSanna eile

...

Idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe

- D2 Spreagtar, ach ní cheanglaítear ar ghlacadóir céaduaire, IFRS 2 *Íocaíocht Scairbhunaithe* a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí cothromais a deonaíodh ar an 7 Samhain 2002 nó roimhe sin. Spreagtar, ach ní éilítear ar ghlacadóir céaduaire freisin, IFRS 2 a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí cothromais a deonaíodh ar an 7 Samhain 2002 nó roimhe sin agus a dílsíodh roimh (a) an dáta aistrithe chuig IFRSanna agus (b) an 1 Eanáir 2005, cibé acu is déanaí. Mar sin féin, má roghnaíonn glacadóir céaduaire IFRS 2 a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí cothromais den sórt sin, ní féidir leis é sin a dhéanamh ach amháin má rinne an t-eintiteas luach cóir na n-ionstraimí cothromais sin, arna chinneadh ar dháta an tomhais, a nochtadh go poiblí, mar a shainmhínítear in IFRS 2. I gcás gach deontais ionstraimí cothromais nár cuireadh IFRS 2 seo i bhfeidhm ina leith (e.g. ionstraimí cothromais a deonaíodh ar an 7 Samhain 2002 nó roimhe), nochtfaidh glacadóir céaduaire mar sin féin an fhaisnéis a cheanglaítear le míreanna 44 agus 45 de IFRS 2. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, nochtfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear le mír 31 de IFRS 19 ina ionad sin. Má dhéanann eintiteas téarmaí nó coinníollacha deontais ionstraimí cothromais nár cuireadh IFRS 2 i bhfeidhm ina leith a mhodhnú, ní cheanglaítear ar an eintiteas míreanna 26–29 de IFRS 2 a chur i bhfeidhm má tharla an modhnú roimh an dáta aistrithe chuig IFRSanna.

IFRS 5 Sócmhainní Neamhreatha arna Sealbhú lena nDíol agus Oibríochtaí Scortha

Leasaítear míreanna 5B, 12, 26A agus 38 de IFRS 5.

Raon feidhme

- ...
- 5B Sonraítear san IFRS seo na nochtáí a cheanglaítear i leith sócmhainní neamhreacha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó mar oibríochtaí scortha. Níl feidhm ag nochtáí in IFRSanna eile maidir le sócmhainní (nó grúpaí diúscartha) den sórt sin ach amháin má éilítear leis na IFRSanna sin:
- (a) nochtáí sonracha i leith sócmhainní neamhreacha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol nó mar oibríochtaí scortha; nó
 - (b) nochtáí maidir le tomhas sócmhainní agus dliteanas laistigh de ghrúpa diúscartha nach dtagann faoi raon feidhme cheanglas tomhais IFRS 5 agus nach soláthraítear na nochtáí sin cheana sna nótaí eile a ghabhann leis na ráitis airgeadais.
- D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le nochtáí breise maidir le sócmhainní neamhreacha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú le díol nó mar oibríochtaí scortha chun ceanglais maidir le nochtadh IFRS 18 agus ceanglais IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* a chomhlíonadh, go háirithe míreanna 6A agus 31A de IAS 8. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtáí* i bhfeidhm, cuirfidh sé mír 182 de IFRS 19 i bhfeidhm in ionad mhír 31A de IAS 8.
- ...

Aicmiú sócmhainní neamhreacha (nó grúpaí diúscartha) arna sealbhú lena ndíol nó arna sealbhú lena ndáileadh ar úinéirí

- ...
- 12 Má chomhlíontar na critéir i míreanna 7 agus 8 tar éis na tréimhse tuairiscithe, ní aicmeoidh eintiteas sócmhainn neamhreacha (nó grúpa diúscartha), mar shócmhainn arna sealbhú lena díol sna ráitis airgeadais sin nuair a eisítear í. Nuair a chomhlíontar na critéir sin tar éis na tréimhse tuairiscithe ach roimh údarú na ráiteas airgeadais le haghaidh eisiúna, áfach, nochtfaidh an t-eintiteas an fhaisnéis a shonraítear i mír 41(a), (b) agus (d) sna nótaí. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtáí* i bhfeidhm, nochtfaidh sé an fhaisnéis a shonraítear i mír 38 de IFRS 19 ina ionad sin.
- ...

Tomhas sócmhainní neamhreacha (nó grúpaí diúscartha) a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol

- ...
- Athruithe ar phlean díolacháin nó ar phlean dáilte d'úinéirí**
- ...
- 26A Má dhéanann eintiteas athaicmiú ar shócmhainn (nó grúpa diúscartha) go díreach mar shócmhainn atá á sealbhú le díol go dtí sócmhainn arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí, nó arna sealbhú le dáileadh ar úinéirí go díreach go dtí arna sealbhú le díol, meastar ansin an t-athrú ar aicmiú mar chuid leanúnach den bhunphlean maidir le diúscairt. Maidir leis an eintiteas:
- (a) ní leanfaidh sé an treoraíocht i míreanna 27-29 chun cuntas a choinneáil ar an athrú seo. Cuirfidh an t-eintiteas ceanglais an IFRS seo maidir le haicmiú, cur i láthair agus tomhas is infheidhme maidir leis an modh nua diúscartha i bhfeidhm. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtáí* i bhfeidhm, cuirfidh sé na ceanglais maidir le nochtadh in IFRS 19 i bhfeidhm in ionad na gceanglas maidir le nochtáí sa Chaighdeán Cuntasaíochta IFRS seo.
- ...

Cur i láthair agus nochtadh

...

Sócmhainn neamhreatha nó grúpa diúscartha a aicmítear mar shócmhainn nó mar ghrúpa arna sealbhú le díol

- 38 Cuirfidh eintiteas sócmhainn neamhreatha a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú lena díol agus sócmhainní grúpa diúscartha a aicmítear mar shócmhainní arna sealbhú lena ndíol i láthair ar leithligh ó shócmhainní eile sa ráiteas staide airgeadais. Cuirfear dliteanais grúpa diúscartha a aicmítear mar dhliteanais arna sealbhú lena ndíol i láthair ar leithligh ó dhliteanais eile sa ráiteas ar an staid airgeadais. Ní dhéanfar na sócmhainní ná na dliteanais sin a fhritháireamh agus a chur i láthair mar mhéid amháin. Nochtfar ar leithligh na haicmí móra de shócmhainní agus dliteanais a aicmítear mar shócmhainní agus dliteanais arna sealbhú lena ndíol sa ráiteas staide airgeadais nó sna nótaí, seachas mar a cheadaítear le mír 39 agus seachas i gcás ina gcuireann eintiteas IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm. Aon ioncam nó costas carnach a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile a bhaineann le sócmhainn neamhreatha (nó grúpa diúscartha) a aicmítear mar shócmhainn arna sealbhú lena díol, cuirfidh eintiteas iad i láthair ar leithligh.

IFRS 13 *Tomhas ar Luach Cóir*

Leasaítear míreanna 7 agus 66 de IFRS 13. Tá líne faoin téacs nua.

Raon feidhme

- ...
- 7 Maidir leis na nochtaí a cheanglaítear leis an gCaighdeán Cuntasaíochta IFRS seo — nó, i gcás eintitis a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, le míreanna 95–97 de IFRS 19 — ní cheanglaítear iad le haghaidh an mhéid seo a leanas:
- ...

Tomhas

Teicnící luachála

- ...
- 66 Coinneofar cuntas ar athbhreithnithe a leanann as athrú ar an teicníc luachála nó ar a cur i bhfeidhm mar athrú ar mheastachán cuntasaíochta i gcomhréir le IAS 8. Mar sin féin, maidir leis na nochtaí in IAS 8 (nó in IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí*, le haghaidh an eintitis a chuireann IFRS 19 i bhfeidhm), i leith athrú ar an meastachán cuntasaíochta, ní cheanglaítear iad le haghaidh athbhreithnithe atá mar thoradh ar athrú ar theicníc luachála nó ar a cur i bhfeidhm.

IFRS 17 *Conarthaí Árachais*

Leasaítear mír C3(a) de IFRS 17.

Foscúbhinn C

Dáta éifeachtach agus aistriú

...

Aistriú

- C3 Mura bhfuil sé dodhéanta déanamh amhlaidh, nó mura bhfuil feidhm ag mír C5A, cuirfidh eintiteas IFRS 17 i bhfeidhm go cúlgabhálach, ach amháin:
- (a) nach gceanglaítear ar an eintiteas an fhaisnéis chainníochtúil a cheanglaítear le mír 28(f) de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* nó, i gcás eintitis a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, le mír 178(f) de IFRS 19;
- ...

IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*

Leasaítear míreanna C2 agus C5 de IFRS 18.
--

Foscúbhinn C Dáta éifeachtach agus aistriú

...

Aistriú

- C2 Cuirfidh eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm go cúlgabhálach agus IAS 8 á chur i bhfeidhm. Ní cheanglaítear ar eintiteas, áfach, an fhaisnéis chainníochtúil a shonraítear i mír 28(f) de IAS 8 a chur i láthair. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, ní cheanglaítear air an fhaisnéis chainníochtúil a cheanglaítear le mír 178(f) de IFRS 19 a chur i láthair.
- ...
- C5 Má chuireann an t-eintiteas IAS 34 i bhfeidhm agus ráitis airgeadais eatarabhacha á n-ullmhú aige sa chéad bhliain ina gcuirtear an Caighdeán seo i bhfeidhm, nochtfaidh an t-eintiteas, mar chuid den fhaisnéis a cheanglaítear le mír 16A(a) de IAS 34, réitigh maidir le gach ítim líne a chuirtear i láthair sa ráiteas brabúis nó caillteanais le haghaidh na dtréimhsí comparáideacha díreach roimh na tréimhse reatha agus na tréimhse carnaí reatha. Ceanglaítear na réitigh idir na méideanna seo a leanas:
- (a) na méideanna athshonraithe a chuirtear i láthair agus na beartais chuntasaíochta don tréimhse chomparáideach agus don tréimhse chomparáideach á gcur i bhfeidhm nuair a chuireann an t-eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm; agus
 - (b) na méideanna a cuireadh i láthair roimhe sin agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm don tréimhse chomparáideach agus don tréimhse chomparáideach nuair a chuir an t-eintiteas IAS 1 i bhfeidhm.
- I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, nochtfaidh sé réiteach den sórt sin mar chuid den fhaisnéis a cheanglaítear le mír 246(a) de IFRS 19 ina ionad sin.

IAS 32 Ionstraimí Airgeadais: *Cur i Láthair*

Leasaítear míreanna 34 agus 40 de IAS 32.

Cur i Láthair

...

Scaireanna cisteáin (féach mír AG36 freisin)

...

- 34 Déantar an méid scaireanna cisteáin arna sealbhú a chur i láthair ar leithligh sa ráiteas staide airgeadais nó sa ráiteas ar athruithe sa chothromas nó a nochtadh sna nótaí, i gcomhréir le IFRS 18 *Cur i Láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais*. I gcás eintiteas a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, soláthróidh sé an fhaisnéis sin i gcomhréir le IFRS 19 ina ionad sin. Soláthraíonn eintiteas nochtadh i gcomhréir le IAS 24 *Nochtaí Páirtithe Gaolmhara* má athfhagheann an t-eintiteas a ionstraimí cothromais dílse ó pháirtithe gaolmhara. An t-eintiteas a chuireann IFRS 19 i bhfeidhm, soláthróidh sé nochtadh den sórt sin i gcomhréir le IFRS 19.

Ús, díbhinní, caillteanais agus gnóthachain (féach freisin mír AG37)

...

- 40 Féadfar díbhinní a aicmítear mar chostas a chur i láthair sa ráiteas (sna ráitis) ar bhrabús nó ar chaillteanas agus ioncam cuimsitheach eile, nó iad a nochtadh sna nótaí in éineacht le hús ar dhliteanais eile nó mar ítim ar leithligh. I dteannta cheanglais an Chaighdeáin seo, tá cur i láthair agus nochtadh úis agus díbhinní faoi réir cheanglais IFRS 18 agus IFRS 7. An t-eintiteas a chuireann IFRS 19 i bhfeidhm, nochtfaidh sé ús agus díbhinní faoi réir na gceanglas in IFRS 19 ina ionad sin. In imthosca áirithe, mar gheall ar na difríochtaí idir ús agus díbhinní i ndáil le hábhair amhail in-asbhainteacht chánach, féadfaidh an t-eintiteas a chinneadh go gcuirfidh sé costais úis i láthair ar leithligh ó chostais díbhinne sa ráiteas/sna ráitis brabúis nó caillteanais agus ar ioncam cuimsitheach eile. Nochtar iarmhairtí cánach i gcomhréir le IAS 12. An t-eintiteas a chuireann IFRS 19 i bhfeidhm, déanfaidh sé nochtaí den sórt sin i gcomhréir le IFRS 19.

IAS 34 Tuairisciú Airgeadais Eatramhach

Leasaítear mír 10 de IAS 34.

Inneachar tuarascála airgeadais eatramhaí

...

Foirm agus inneachar ráiteas airgeadais eatramhach

...

- 10 Má fhoilsíonn eintiteas tacar comhdhlúite de ráitis airgeadais ina thuarascáil airgeadais eatramhach, áireofar sna ráitis chomhdhlúite sin, ar a laghad, gach ceann de na ceannteidil agus na fo-iomláin a áiríodh ina ráitis airgeadais bhliantúla is déanaí agus na nótaí míniúcháin roghnaithe a cheanglaítear leis an gcaighdeán seo. Agus ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú aige, cuirfidh an t-eintiteas an Caighdeán seo agus na ceanglais i míreanna 41–45 de IFRS 18 agus i míreanna 6A–6N de IAS 8 *Bunús Ullmhú na Ráiteas Airgeadais* i bhfeidhm nó, i gcás eintitis a chuireann IFRS 19 *Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí* i bhfeidhm, cuirfidh siad na ceanglais i míreanna 173–175 de IFRS 19 i bhfeidhm in ionad na gceanglas i míreanna 6F, 6G agus 6I de IAS 8. Áireofar ítimí líne nó nótaí breise i gcás ina mbeadh na ráitis airgeadais eatramhacha míthreorach dá bhfágfaí ar lár iad.

IFRIC 14 IAS 19 — An Teorainn ar Shócmhainn Sochair Shainithe, na hÍoscheanglais Chistiúcháin agus a nldirghníomhaíocht

Leasaítear mír 10 de IFRIC 14.

Infhaighteacht aisíocaíochta nó laghdú ar ranníocaíochtaí amach anseo

...

- 10 I gcomhréir le IAS 8, nochtfaidh an t-eintiteas faisnéis faoi phríomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin ag deireadh na tréimhse tuairiscithe lena mbaineann riosca mór go ndéanfaí coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na glansócmhainne nó an ghlandliteanais a aithnítear sa ráiteas staide airgeadais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin nochtadh aon sriain maidir le hinréadaitheacht reatha an bharrachais nó nochtadh an bhoinn a úsáidtear chun méid na tairbhe eacnamaíche atá ar fáil a chinneadh. An t-eintiteas a chuireann IFRS 19 i bhfeidhm, nochtfaidh sé an fhaisnéis sin i gcomhréir le IFRS 19.